An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

.

**Imlitir 0002/2019**

**Chuig: Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# CÓD CLEACHTAIS

# DO

# RIALACHAS BOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

**BOO Airgeadas agus Pearsanra Riaracháin, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
ETB Financial and Administrative Personnel, Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
T +353 9064 83771| financialetb@education.gov.ie
www.education.ie

# Brollach

I mí Mhárta 1992 a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais an chéad shraith treoirlínte ar rialachas corparáideach i gcomhlachtaí Stáit dar teideal "State Bodies Guidelines" (Treoirlínte do Chomhlachtaí Stáit). Tugadh na treoirlínte cothrom le dáta i mí Dheireadh Fómhair 2001 agus i mí Bhealtaine 2009. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe uasdhátú eile i mí Lúnasa 2016 chun forbairtí ar rialachas, tionscnamh athchóirithe san earnáil phoiblí agus comhairliúcháin le luchtanna leasa a glacadh san áireamh.

I bhfianaise an mhéid thuas agus chun an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís a chomhlíonadh tá ar an Roinn Oideachais agus Scileanna a chinntiú go bhfuil socruithe láidre éifeachtacha déanta sna comhlachtaí atá faoina coimirce, na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) san áireamh.

Tá sé i gceist doiciméad beo a dhéanamh déanamh den gCód seo a fhorbróidh de réir dea-chleachtais.

# Cúlra an Rialachais i mBOO

Bhí earnáil na mBOO (Coistí Gairmoideachais roimhe seo) faoi réir Cóid Chleachtais Rialachais earnála. Tar éis do BOO a bheith curtha ar bun tríd an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 tháinig an Cód Cleachtais um Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna 2015 in ionad an Chóid Chleachtais um Rialachas Coistí Gairmoideachais ón mbliain 2005.

Bhí Cód na bliana 2015 bunaithe ar Chód Cleachtais an Roinn Airgeadais ón mbliain 2009 agus ghlac san áireamh na socrúcháin reachtúla ar leith do BOO chomh maith le forbairtí ar dhea-chleachtais i rialachas corparáideach a tharla idir an dá linn.

Is ar an gCód Cleachtais seo ar chóir féachaint air go príomha mar shraith chaighdeán do bhaill agus foireann na mBOO a bhfuiltear ag súil uathu go bhfuil a gcuid bearta maidir leis an mBOO á rialú ag na caighdeáin seo gach uile thráth, ó thaobh litreach agus spioraid araon de.

Ba chóir a thabhairt faoi deara:

- léitear an Cód i gcomhcheangal leis na forálacha reachtacha a rialaíonn earnáil na mBOO agus an Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Beidh forálacha reachtacha reatha ar ghnóthaí atá faoi réir an Chóid seo i bhfeidhm i gcónaí agus, d'fhonn amhras a sheachaint, i gcás coimhlinte nó neamhréireachta, tá na forálacha reachtacha i réim;

- is féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna forálacha sa Chód seo a mhionathrú ó am go ham;

- is féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna nó leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ciorcláin agus/nó nótaí treoracha a eisiúint ó am go ham, maidir leis an gCód seo nó gnóthaí a bhaineann leis;

**Tá éifeacht leis an gCód seo ón 30ú Eanáir 2019.**

# Clár Ábhar


Réamhrá 6
Eolas faoin gCód seo 6
Comhaontú Maoirseachta 7
Riachtanas um Chomhlíonadh 7
Comhlíon nó Mínigh 7
Creat Rialachais 8

1 Ról an Bhoird 10

Ról an Bhoird Oideachais agus Oiliúna 10
Comhdhéanamh an Bhoird 11
Gnóthaí don Bhord 12
Ráiteas Straitéise 13
Reachtaíocht um Nochtadh Cosanta 14
Deighilt Freagrachtaí 14

2 Ról an Chathaoirligh 15

Ról an Chathaoirligh 15

3 Ról Baill an Bhoird 16

Ról Baill an Bhoird 16
Faisnéisiú do Bhaill Bhoird nua 17

4 Éifeachtacht Boird 18

Éifeachtacht Boird 18
Cruinnithe Boird 18
Coistí BOO 19
Coiste Airgeadais 20

5 Cóid Iompair, Eitic in Oifig Phoiblí, Nochtadh Leasa breise ó Bhaill agus Foireann an Bhoird agus Nochtadh Cosanta 24

Cóid Iompair, Eitic in Oifig Phoiblí, Nochtadh Leasa Breise breise ó Bhaill agus Foireann an Bhoird agus Nochtadh Cosanta 24
Nochtadh Leasa Breise ó Bhaill an Bhoird 25
Nochtadh Leasa ó bhaill foirne an BOO: Riachtanais Bhreise 26
Gan eolas a nochtadh: 26

| | | |
|---|---|---|
| 6 | **Tuairisciú Gnó agus Airgeadais** | 27 |
| | Tuairisciú Gnó agus Airgeadais | 27 |
| | Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais | 29 |
| | Riachtanais Tuairiscithe Bhreise (Tuairisc Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire) | 32 |
| 7 | **Bainistiú Riosca, Rialú Inmheánach, Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** | 34 |
| | Bainistiú Riosca, Rialú Inmheánach, Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 34 |
| | Rialú Inmheánach | 35 |
| | Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh | 37 |
| | Iniúchadh Inmheánach | 38 |
| | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 40 |
| 8 | **Caidreamh leis an Oireachtas, an Aire agus An Roinn Oideachais agus Scileanna** | 45 |
| | Ról Maoirseachta na Roinne Oideachais agus Scileanna | 45 |
| | Comhaontuithe Maoirseachta | 46 |
| | Róil agus Freagrachtaí | 46 |
| | Comhaontuithe um Sheachadadh Feidhmíochta | 47 |
| | Athbhreithniú Téamach ar Rialachas | 47 |
| | Nósanna Imeachta um Sholáthar | 48 |
| | Fáil Maoine, Diúscairt Farasbarr Maoine, Diúscairt Sócmhainní Stáit agus rochtain ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe | 49 |
| | Fáil Talún, Foirgneamh nó Sócmhainní Ábharacha eile | 50 |
| | Measúnú Infheistíocht Caipitil | 51 |
| | Éagsúlú, Bunú Fochomhlachtaí agus Fálacha á ndéanamh ag BOO | 51 |
| | Comhlíonadh maidir le Riachtanais Ceantála agus Tairisceana | 52 |
| | Comhlíonadh maidir le Cáin | 52 |
| | Agóidí Dlí a bhfuil Comhlachtaí Stáit Eile bainteach leo | 53 |
| | Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse | 53 |
| 9 | **Luach Saothair agus Aoisliúntas** | 54 |
| | Luach Saothair agus Aoisliúntas | 54 |
| | Taisteal agus Siamsaíocht Oifigiúil | 54 |
| 10 | **Seirbhís Custaiméara Ardcháilíochta** | 55 |
| | Seirbhís Custaiméara Ardcháilíochta | 55 |

# Aguisíní


| | |
|---|---|
| Aguisín 1 | Feidhmeanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna |
| Aguisín 2 | Feidhmeanna Forchoimeádta Baill an Bhoird |
| Aguisín 3 | Forálacha Sceidil 3 den Acht 2013 |
| Aguisín 4 | Reachtaíocht eile a bhaineann le Boird Oideachais agus Oiliúna |
| Aguisín 5 | Eitic agus Caighdeáin in Oifig Phoiblí |
| Aguisín 6 | Prionsabail Cáilíocht Seirbhíse do Chustaiméirí |
| Aguisín 7 | Treoirlínte Dea-chleachtais agus Riachtanais maidir le:<br>• Conarthaí um Sholáthar Earraí agus/nó Seirbhísí<br>• Riachtanas um Fhaomhadh ón Roinn sula<br>o gcuirtear Seirbhísí nach Seirbhísí Bunúsacha iad ar fáil<br>o le haghaidh Dámhachtanaí agus Socraíochtaí Dlí agus<br>o Gnóthaí eile. |
| Aguisín 8 | Creat do Pholasaí Taistil do BOO |
| Aguisín 9 | Cóid Iompair<br>(a) Creat le haghaidh Cód Iompair do Bhaill an Bhoird<br>(b) Creat le haghaidh Cód Iompair d’Fhostaithe |
| Aguisín 10 | Teimpléad de Chairt le haghaidh Iniúchta Inmheánaigh |
| Aguisín 11 | Teimpléad Téarmaí Tagartha do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca |
| Aguisín 12 | Clár Iniúchóireachta Samplach |
| Aguisín 13 | Ráiteas ar Chóras Rialaithe Inmheánaigh |
| Aguisín 14 | Teimpléad Téarmaí Tagartha don gCoiste Airgeadais |
| Aguisín 15 | Téarmaí Tagartha don Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí - Boird Oideachais agus Oiliúna |
| Aguisín 16 | Liostaí Seiceála<br>- Ceistneoir Féinmheastóireachta an Bhoird<br>- Measúnú Éifeachtachta an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca<br>- Measúnú Éifeachtachta an Choiste Airgeadais |

## Réamhrá

Is é atá i gceist leis an rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta a stiúrann agus a rialaíonn comhlachtaí. Ní mór do chomhlachtaí Stáit, lena n-áirítear na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO), freastal ar leasanna an Rialtais mar scairshealbhóir, an cháiníocóra agus na luchtanna leasa eile ar fad, agus a bheith sa tóir ar luach ar airgead ina gcuid iarrachtaí, an bhainistíocht riosca chuí san áireamh. Ba chóir do BOO gníomhú go stuama trédhearcach mar eintitis phoiblí agus ba chóir dóibh a gcuid gnó a sheoladh de réir a gcuid freagrachtaí reachtúla.

Tá ríthábhacht le rialachas corparáideach ar ardchaighdeán i mBOO, lena chinntiú go mbíonn ionchur dearfach in éifeachtacht eacnamaíochta, iomaíochas, i gcomhtháthú agus i bhforbairt réigiúnach á dhéanamh aige.[1]

Tá an Bord (is é sin, an t-eintiteas atá comhdhéanta de bhaill thofa agus cheaptha den BOO) cuntasach as bainistiú iomchuí an BOO. Ba chóir do bhaill an Bhoird agus d'fhostaithe BOO a bheith á dtreorú go láidir ag na prionsabail atá leagtha amach sa Chód seo i ndáil lena bhfreagracht a chomhlíonadh d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann a gcuid gníomhaíochtaí na caighdeáin is airde den rialachas corparáideach, is cuma cé acu, iad a bheith pléite nó gan a bheith pléite sa doiciméad seo.

Spreagann dea-rialachas i mBOO cinnteoireacht níos eolaí níos fadtéarmaí agus úsáid éifeachtach acmhainní. Neartaíonn sé cuntasacht ar mhaithe le maoirseacht ar acmhainní agus tá grinnscrúdú láidir ar shaincheisteanna ábhartha mar shaintréith aige ag cruinnithe Boird, le haird ar fheidhmeanna feidhmiúcháin agus forchoimeádta mar is cuí. Cuireann sé béim go leanúnach ar fheidhmíocht earnála poiblí a fheabhsú.[2]

Cuimsíonn an creat rialachais chorparáidigh do BOO gnéithe den reachtaíocht, rialú, socruithe féin-rialála, cóid dheonacha, gealltanais agus cleachtais ghnó atá tagtha chun cinn san eagraíocht.

Fachtóir tábhachtach is ea an "tuin ar bharr" i dtaobh cleachtais rialachais chorparáidigh mhaithe a bhunú. Is féidir tuin mhaith eagraíochta a leagan síos trí pholasaithe, cóid eitice, rialuithe maithe inmheánacha a fhorbairt agus a chur chun cinn mar aon le rialachas éifeachtach. Chuige seo ní mór don mBord agus don mbainistíocht a bheith tiomanta do chultúr macántachta agus iompair eiticiúil a chruthú agus eiseamláir de a thabhairt, agus is féidir leo siúd atá i mbun rialachais é seo a threisiú trí mhaoirseacht ghníomhach.

De réir reachtaíocht BOO sainmhínítear feidhmeanna BOO mar fheidhmeanna forchoimeádta (arna gcur i gcrích ag an mBord) agus mar fheidhmeanna feidhmiúcháin (arna gcur i gcrích ag an bPríomhfheidhmeannach de réir polasaithe an BOO. Tá sé/sí cuntasach don mBord maidir lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

I struchtúr eagrúcháin na mBOO tá sraith bainistíochta sinsearaí faoi bhun leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh i dtrí réimse stiúrthóireachta: Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Tugann an struchtúr bainistíochta seo tacaíocht don bPríomhfheidhmeannach i dtaobh feidhmiú a c(h)uid feidhmeanna agus cuireann sé leis an gcuspóir fhoriomlán arb í bainistiú éifeachtach ar fheidhmeanna an BOO de réir riachtanais an Chóid Chleachtais. De bharr an tsraith bhainistíochta sin is féidir róil agus tascanna a tharmligean go foirmiúil ón POF go dtí an stiúrthóireacht d'fhonn bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais na heagraíochta mar aon le cleachtais mhaithe rialachais a chur chun cinn agus a chur i ngníomh.

# Eolas faoin gCód seo

Tugann an Cód Cleachtais creat le haghaidh feidhmiú dea-chleachtais i rialachas corparáideach BOO. Ba chóir do BOO a léiriú go bhfuil siad tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a bhaint amach.

Ní phléitear gnóthaí rialachais acadúil sa Chód seo mar tá siad siúd faoi rialú agus faoi bhainistiú na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí. Má bhaineann cóid phroifisiúnta iompair le foireann atá fostaithe ag BOO beidh na cóid sin ina gcaighdeán iompair iomchuí le haghaidh na bhfostaithe sin i gcónaí. Tá sé i gceist go bhforlíonfaidh an Cód seo na caighdeáin phroifisiúnta seo seachas dul ina n-ionad.

---

[1] Oiriúnaithe ó Threoirlínte an ECFE um Rialachas Corparáideach na bhFiontar faoi Úinéireacht an Stáit" (ECFE, 2015) lch. 11

[2] "Creat Idirnáisiúnta: Dea-rialachas san Earnáil Phoiblí" (Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí/Institiúid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí, Iúil 2014) lch. 6

Éilítear ar bhoid a dheimhniú don Aire Oideachais agus Scileanna sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráiteas an Chathaoirligh araon go gcomhlíonann siad leis na rialacháin is déanaí den gCód ina gcuid cleachtais agus nósanna imeachta rialachais.

Ba chóir do baill an Bhoird agus d'fhostaithe BOO a bheith á dtreorú ag na prionsabail atá leagtha amach anseo thíos i ndáil lena bhfreagracht a chomhlíonadh d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann a gcuid gníomhaíochtaí na caighdeáin is airde den rialachas corparáideach, is cuma cé acu, iad a bheith pléite nó gan a bheith pléite sa doiciméad seo.

Baineann an Cód le cleachtais inmheánacha na mBOO agus lena gcuid caidreamh seachtrach leis an Rialtas, an Aire Oideachais agus Scileanna, an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a gcuid Ranna faoi seach, le Ranna agus/nó gníomhaireachtaí ábhartha eile, SOLAS san áireamh, de réir mar is cuí, agus le tuismitheoirí agus scoláirí chomh maith. Lena chois sin tagraíonn an Cód do na dualgais um eitic in oifig phoiblí a bhaineann le gach ball ainmnithe agus le sealbhóirí oifige ainmnithe (Féach Cuid 5 agus Aguisín 5).

Ní sháraíonn forálacha an Chóid na forálacha reachtúla ar leith a bhaineann le BOO ná riachtanais reachtúla atá ann cheana féin ná dualgais eile atá i bhfeidhm de bharr reachtaíochta um Eitic in Oifig Phoiblí agus reachtaíocht ar bith eile lena mbaineann (m.sh. reachtaíocht comhionannais, reachtaíocht fostaíochta). Dá réir sin tá ar Bord cloí le forálacha reachtúla de réir mar atá siad leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus reachtaíocht ábhartha eile, cibé acu, iad a bheith luaite sa Chód seo nó a mhalairt.

# Comhaontú Maoirseachta

Tá cuntasacht shoiléir mar bhonn agus mar thaca ag caidreamh éifeachtach idir Ranna Rialtais agus na Comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce. Braitheann cuntasacht éifeachtach ar na róil agus ar na freagrachtaí ar leith a bheith sainmhínithe agus tuigthe go soiléir ar dhá thaobh an chomhaontaithe. Tá tuilleadh sonraí maidir le Comhaontuithe Maoirseachta leagtha amach ar leathanaigh 41 agus 42 den gCód seo.

# Riachtanas um Chomhlíonadh

Tá d'fhreagracht ar gach comhlacht Stáit caighdeáin mhaithe rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm.

Éilíonn Cód na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ón mbliain 2016 ar Ranna a bheith i dteagmháil le comhlachtaí coimirce chun a shocrú cé chomh fada ba chóir an Cód a chur in oiriúint don gcomhlacht nó don ngníomhaireacht áirithe. I gcás BOO is iad Cód na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ón mbliain 2016 mar aon le hailt ábhartha de Chód reatha na mBOO ón mbliain 2015, bunús an Chóid BOO 2018 seo.

# Comhlíon nó Mínigh

Is féidir eisceachtaí ó fhorálacha ar leith den gcód seo a mhíniú i gcásanna áirithe ar choinníoll gur féidir cuspóirí na bhforálacha seo a bhaint amach trí bhearta rialachais eile. Dá mbeadh i gceist ag bord gan cloí le foráil den gCód ní mór an cinneadh seo agus míniú mionsonraithe -

(a) a chur san áireamh i miontuairiscí an chruinniú Boird lena mbaineann;
(b) a chur ar fáil ar an dtoirt don bPríomhfheidhmeannach;
(c) a chur ar fáil ar an dtoirt don Aire Oideachais agus Scileanna;
(d) a chur san áireamh i dtuairisc an Chathaoirligh (féach cuid 6.8).

# Creat Rialachais


Tá reachtaíocht rialaithe ag BOO ina ndéantar foráil, i measc rudaí eile, do thoghadh agus do cheapadh an Bhoird agus an Chathaoirligh, d'fhaomhadh cuma na tuarascála bliantúla agus na ráitis airgeadais, do cheapadh iniúchóirí agus go gcuirtear an t-eolas sin ar fáil de réir mar a d'iarrfadh an tAire. Bíonn Bord freagrach don Aire faoi dheireadh thiar, (agus tá sé siúd freagrach don Rialtas) as oibriú agus as feidhmiú cuí an BOO.

De réir an reachtaíocht rialála tá Príomhfheidhmeannach an BOO cuntasach do Choiste na gCuntas Poiblí (CCP) an Oireachtais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais an BOO agus cuirtear faoi bhráid an Oireachtais iad de réir na reachtaíochta rialaithe.

Tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach do Choiste na gCuntas Poiblí (Alt 25, an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013) agus do choistí eile den Oireachtas (Alt 26, an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013). Déantar cuntasacht an Duine Chuntasaigh don Oireachtas a idirdhealú ó chuntasacht gnáthfhreagrachtaí an Bhoird.

Faigheann BOO maoiniú nach beag ó SOLAS. Tá freagracht reachtúil ar leith ag SOLAS i ndáil le measúnú a dhéanamh cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann boird oideachais agus oiliúna agus comhlachtaí eile a thugann faoi sholáthar cláir breisoideachais agus oiliúna dár tugadh airgead chun cláir breisoideachais agus oiliúna a chur ar fáil, a gcuid feidhmeanna ar shlí atá éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh barainneachta de. Dá réir sin tá ar BOO tuairisciú do SOLAS maidir le maoiniú atá á chur ar fáil aige.

## Creat Rialachais



# 1. Ról an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

## Prionsabail

Ba chóir do gach BOO tuiscint shoiléir a bheith aige ar a shainchúram agus ón sainchúram seo na feidhmeanna, na ról agus na freagrachtaí éagsúla a aithint a ghabhann le comhlíonadh an tsainchúraim seo.

Tá an Bord freagrach i dteannta a chéile as gníomhaíochtaí an BOO a fhaomhadh. San Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna sonraítear réimse feidhmeanna mar "fheidhmeanna forchoimeádta" nach mór a chomhlíonadh trí rún an Bhoird. [3] Tugtar achoimre ar na feidhmeanna forchoimeádta in Aguisín 2. De bhreis air seo sonraítear san Acht feidhmeanna eile atá le comhlíonadh ag an mBord. Áirítear orthu seo iarraidh ar an bPríomhfheidhmeannach a c(h)uid feidhmeanna i mbainistíocht an BOO a chomhlíonadh go héifeachtach, de réir na reachtaíochta, de réir treoirlínte na Roinne agus SOLAS, de réir an Phlean Straitéise agus Forfheidhmithe na ROS agus de réir an Phlean Seirbhíse. Ní ceadmhach do bhaill an Bhoird páirt a ghlacadh i bhfeidhmeanna feidhmiúcháin an BOO.

Ba chóir don mBord feidhmiú ar bhonn lán-eolach eiticiúil, de mheon macánta, go dícheallach cúramach mar is cuí agus ar mhaithe le leas an BOO, le haird chuí dá chuid freagrachtaí dlíthiúla agus do pholasaithe an Aire agus an Rialtais de réir mar a bhaineann.

Ba chóir don mBord forbairt acmhainn an BOO a chur chun cinn, rud lena n-áirítear cumas na ndaoine atá i gceannas agus na foirne.

## Forálacha an Chóid

**1.1 Ceannaireacht:** Is é ról an Bhoird ceannaireacht agus treoir an BOO a thabhairt laistigh de chreat rialuithe stuama éifeachtacha a éascaíonn measúnú agus bainistiú riosca. Ba chóir don mBord aidhmeanna straitéiseacha an BOO a chomhaontú de réir an chuir chuige earnála atá forbartha trí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) de réir polasaithe agus tosaíochtaí an Aire Oideachais agus Scileanna sa mhéid ina mbaineann le hábhar, agus an úsáid acmhainní is fearr a chinntiú d'fhonn a chuid cuspóirí a bhaint amach. [4]

**1.2 Caighdeáin Eiticiúla:** Tá ról ríthábhachtach ag an mBord i dtaobh dearcadh eiticiúil an BOO a leagan síos, ní lena chuid gníomhartha féin amháin ach i maoirseacht a dhéanamh ar an mbainistíocht shinsearach agus ar an bhfoireann. Tá ardchaighdeáin eitice chun leas an chomhlachta go fadtéarmach agus is príomhuirlis iad chun comhlacht iontaofa ar féidir brath air a dhéanamh de.[5] Tá sé den tábhacht go leagan an Bord an cultúr ceart agus an 'dearcadh ón mbarr' síos. Ba chóir don mBord ceannaireacht a thabhairt trí eiseamláir agus a chinntiú go bhfuil caighdeáin mhaithe rialachais agus iompar eiticiúil ina gcuid lárnach de gach leibhéal den eagraíocht.

**1.3 Comhlíonadh** Ba chóir don mBord rialuithe agus nósanna imeachta a athbhreithniú atá glactha ag an mBOO chun cinnteacht réasúnta a fháil go bhfuil na rialuithe agus na nósanna imeachta seo leordhóthanach chun comhlíonadh an BOO lena chuid oibleagáidí reachtúla agus rialachais a chinntiú.

**1.4 Freagracht i dteannta a Chéile:** Ba chóir freagracht agus údarás i dteannta a chéile an Bhoird a chaomhnú. Ba chóir deis a chur ar fáil do gach ball den mBord cur le plé an Bhoird go hiomlán agus dúshlán fiúntach a thabhairt más gá. Ag an am céanna ba chóir an Bord a chosaint ar thionchar iomarcach ó bhall amháin nó ó roinnt bhall ar leith ar chinnteoireacht an Bhoird.

**1.5 Oibleagáidí Reachtúla:** Tá an Bord freagrach as cloí le oibleagáidí reachtúla a bhaineann leis an mBOO agus atá leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna nó i reachtaíocht ábhartha eile. Ba chóir don mBord cinntiú go n-aithnítear gach oibleagáid agus go gcuirtear ar an eolas é fúthu.

[3] Alt 12 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.
[4] Faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, sainmhínítear Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) mar; "An comhlachas arna bhunú chun ionadaíocht a dhéanamh i dteannta a chéile do bhoird oideachais agus oiliúna agus chun a gcuid leasanna a chur chun cinn, is comhlachas atá aitheanta ag an Aire chun críocha an Achta seo;."
[5] Oiriúnaithe ó "Phrionsabail Rialachais Chorparáidigh G20/ECFE" (ECFE, Meán Fómhair 2015) lch.

1.6 **Ról Maoirseachta an Bhoird:** Tá dualgas ar bhainistíocht an BOO gach eolas riachtanach a chur ar fáil don mBord chun a chur ar chumas an Bhoird a chuid dualgais a chomhlíonadh ar ardchaighdeán. Ba chóir do Bhord an BOO gach céim atá riachtanach a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis ábhartha ar bith agus rochtain a dhéanamh ar gach fhaisnéis de réir mar is gá.

Cé go bhfuil ar Bhord an BOO Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur ar bun chun cabhrú leis agus é ag féachaint ar shaincheisteanna a bhaineann le hiniúchadh, rialachas agus bainistiú riosca is é Bord an BOO atá freagrach i gcónaí as na réimsí seo ar fad agus is é a ghlacann na cinntí deiridh.[6,]

1.7 **Comhairle don Aire:** Ba chóir don mBord a chinntiú go gcoinníonn an Cathaoirleach agus/nó an Príomhfheidhmeannach, mar is cuí, an tAire Oideachais agus Scileanna ar an eolas faoi ghnóthaí a thagann chun cinn maidir leis an mBOO.

1.8 **Bunú Coistí** Go sonrach, faoi Alt 45 den Act, tá ar BOO iad seo a leanas a bhunú: (1) Coiste chun gnóthaí airgeadais a iniúchadh agus a thuairisciú don mBord ("Coiste Airgeadais") agus (2) Coiste a chabhróidh leis an mBord a chuid feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí a chomhlíonadh ("Coiste Iniúchóireachta"). Chun críocha an Chóid seo agus de réir sainchúraim coiste iniúchóireachta ba dhea-chleachtas é dá dtarmligfeadh an Bord a fheidhm mhaoirseachta ar bhainistiú riosca ar an gCoiste Iniúchóireachta; dá réir sin tugtar "Coiste Iniúchóireachta agus Riosca" ar an gCoiste seo sa Chód seo.

## Comhdhéanamh an Bhoird

1.9 Caithfidh comhdhéanamh an Bhoird a bheith de réir Ailt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

1.10 San Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna leagtar amach go gcaithfidh 21 ball boird a bheith ag gach BOO (Alt 30 den Acht um BOO 2013) agus leagtar síos ann an próiseas ceapacháin le haghaidh baill an Bhoird (Alt 31). Sonráitear an méid seo a leanas: ag an chéad chruinniú Boird i ndiaidh gach toghchán Údaráis áitiúil ní mór do na baill siúd atá tofa ag na húdaráis lena mbaineann agus do bhaill foirne 2 ionadaithe ar thuismitheoirí a cheapadh. Ansin tá ar na baill sin 5 bhall a cheapadh ó na comhlachtaí atá sonraithe ag an Aire. (Alt 31 den Acht um BOO 2013).

1.11 Cé nach sonraítear uaslíon téarmaí sa reachtaíocht a fhónfaidh baill bhoird ar leith moltar de réir dea-chleachtais chorparáidigh go bhfónfadh ball ar feadh dhá théarma iomlána ceapacháin ar a mhéid, é sin nó ar feadh 10 mbliana ar a mhéid ar bhord.

1.12 Is faoin mBord an Cathaoirleach a roghnú de réir an reachtaíocht rialaithe. Meastar áfach, gur dea-chleachtas é mura bhfuil gCathaoirleach a bheith ina bhall d'fhoireann an BOO nó duine a bhfuil baint aige le ball d'fhoireann an BOO. Déantar é seo chun deighilt shoiléir freagrachta a choinneáil idir reáchtáil an Bhoird agus bainistiú agus oibriú laethúil an BOO.

[6] Déantar foráil san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 go gcuireann BOO Coiste Iniúchóireachta ar bun. Tá gach tagairt sa Chód seo do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina thagairt do Choiste Iniúchóireachta de réir mar atá foráil déanta sa reachtaíocht.

## Gnóthaí don Bhord

1.13 Tá feidhmeanna an Bhoird srianta dóibh siúd atá sonraithe in Alt 12 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus d'fheidhmeanna eile de réir mar atá sonraithe san Acht sin. Dá réir sin ní ceadmhach do bhaill an Bhoird páirt a ghlacadh i bhfeidhmeanna feidhmiúcháin an BOO. Is é an Príomhfheidhmeannach a chuireann feidhmeanna feidhmiúcháin i gcrích. Is é/í atá cuntasach don mBord i leith feidhmiú na bhfeidhmeanna seo (Alt 15 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013) agus do riachtanais an Chóid Rialachais seo.

1.14 Ba chóir don mBord sceideal foirmiúil gnóthaí a bheith aige atá curtha ar leataobh dó go speisialta chun cinneadh agus faomhadh a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go gcuireann sé a ról i gcrích go héifeachtach. Ba chóir go mbainfeadh an sceideal seo le feidhmeanna forchoimeádta mar atá leagtha amach in Alt 12 [an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013] i dteannta le freagrachtaí eile an Bhoird mar atá leagtha amach san Acht sin, chomh maith le bearta riachtanacha a bhfuil gá leo dá thoradh, le haird chuí ar pholasaithe na Roinne. Feidhmeanna forchoimeádta an Bhoird, feidhmeanna reachtúla eile agus réimse oibleagáidí eile.

1.15 **Dearbhú Bliantúil:** Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh curtha ar bun agus curtha i bhfeidhm. Tá ar an mBord a dheimhniú don Aire Oideachais agus Scileanna go bliantúil go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh cuí á oibriú aige.

1.16 **Caiteachas agus Feidhmíocht**: Má tá sainriachtanais faofa leagtha síos ag luchtanna maoinithe cosúil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, SOLAS nó comhlachtaí maoinithe eile mar is cuí, ba chóir é seo a fháil. Ba chóir cinntí ar rudaí móra caiteachais eile a chur ar aon dul le straitéisí meán- go fadtéarmacha de réir mar atá mínítear sa Ráiteas Straitéise d'fhonn a chinntiú go bhfuil a leithéid de chaiteachas dírithe ar chuspóirí agus ar thorthaí atá sonraithe go soiléir. Ba chóir córas a chur ar bun chun feidhmíocht a mheas chun tuairim a fháil ar éifeachtacht/torthaí an chaiteachais sin agus ba chóir é seo a thuairisciú don mBord.

1.17 **Tar éis Éirí As/Dul Ar Scor:** Ba chóir don mBord déileáil leis an tsaincheist faoi éirí as post/dul ar scor, fostaíocht, ceapachán agus/nó comhairleoireacht a chuid baill Bhoird agus a chuid fostaithe san earnáil phríobháideach ar an tslí is mó éifeachta don mBOO. Ba chóir dó a chinntiú go ndéantar monatóireacht ar nósanna imeachta ar bith atá curtha ar bun aige, b'fhéidir, ina thaobh seo agus go gcuirtear i bhfeidhm iad chun iad a chosaint ar choimhlintí leasa nó nochtadh faisnéise míchuí a d'fhéadfadh tarlú mura nglacfaí na bearta seo. Ba chóir go n-áireofaí ar nósanna imeachta dá leithéid bainistiú cuí ábhair an Bhoird de réir na reachtaíochta ábhartha, RGCS san áireamh.

1.18 **Coimhlintí leasa:** San Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna sonraítear go bhfuil ar bhall den mBord a bhféadfadh coimhlint leasa a bheith aige i ngnó ar bith atá á phlé ag cruinniú boird;
(a) a chur in iúl don mbord ag an gcruinniú go bhfuil an leas seo aige agus cad é an leas,
(b) gan tionchar a imirt ar an gcinneadh (ná iarracht a dhéanamh ar tionchar a imirt air) atáthar chun a ghlacadh sa ghnó,
(c) imeacht ón gcruinniú nó ón gcuid den gcruinniú ina bpléitear an gnó,
(d) gan páirt a ghlacadh i bplé ar bith a dhéanann an bord maidir leis an ngnó, agus
(e) gan vóta a chaitheamh ar chinneadh a bhaineann leis an ngnó

Ba chóir don mBord nósanna imeachta a bheith aige chun coimhlintí leasa idir iarbhír, airithe agus féideartha, i gcás ball den mBord agus den mBainistíocht Fheidhmiúcháin a aithint, monatóireacht a dhéanamh orthu agus a bhainistiú. Ba chóir meabhrú do bhaill ar chláir oibre do chruinnithe Boird agus do chruinnithe Coiste cuimhneamh, le haird ar an gclár oibre, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon mhír air atá ina cúis coimhlint leasa acu. Ag tús gach cruinnithe ba chóir do bhaill atá ag freastal air dearbhú a shíniú chun a dheimhniú nach bhfuil coimhlint leasa acu maidir le mír ar bith ar an gclár oibre.

1.19 **Iniúchóirí Seachtracha:** Ba chóir don mBord nósanna imeachta a chur ar bun chun caidreamh cuí a choinneáil leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar iniúchóirí seachtracha ainmnithe an BOO.

1.20 **Cairteanna Scríofa**: Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, don gCoiste Airgeadais agus do choiste Boird ar bith eile agus don aonad iniúchóireachta inmheánaí cairteanna scríofa a bheith acu ina bhfuil a dTéarmaí Tagartha. Ba chóir don mBord na tréimhsí a chomhaontú ina ndéanann an Bord athbhreithniú agus nuashonrú ar na cairteanna mar is cuí.

1.21 **Tabhartais do thríú páirtithe:** Níl de chumhacht ag an mBord tabhartais a thabhairt do thríú páirtithe.

1.22 **Caingean Dlí:** Níor chóir maoiniú poiblí a úsáid chun caingean dlí a thionscnamh thar ceann duine ar ball de BOO é/í.

## Ráiteas Straitéise

1.23 In Alt 27 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 leagtar amach réimse riachtanas reachtúla nach mór do BOO a chomhlíonadh maidir le Ráitis Straitéise a ullmhú.

1.24 Ní mór don bPríomhfheidhmeannach ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an bhoird a bhfuil feidhm leis ar feadh tréimhse 5 bliana, i gceann gach cúigiú bliana, é sin nó mar a iarrann an tAire. Ba chóir don ráiteas a bheith ar aon dul leis na cuspóirí atá sa Phlean um Chur i nGníomh Straitéiseach don Roinn Oideachais agus Scileanna sa mhéid a mbaineann siad léi agus ba chóir dóibh teacht le polasaithe Rialtais ar bith maidir le hathchóiriú agus nua-aoisiú na Seirbhíse Poiblí agus le freagrachtaí reachtúla an BOO.

Ba chóir ráiteas misin a bheith sa Ráiteas Straitéise mar aon le cuspóirí ardleibhéil agus sprioc-aschuir agus sprioc-thorthaí sna príomhréimsí straitéise i ngníomhaíocht na heagraíochta. Lena chois sin ba chóir ráiteas a bheith ann ar na hacmhainní atá le húsáid de réir mar atá siad curtha ar fáil, chun na spriocanna a bhaint amach.

1.25 I ráitis straitéise ba chóir cuspóirí an bhoird, tosaíochtaí na gcuspóirí agus na straitéisí sonraithe agus na straitéisí a úsáidfear chun na cuspóirí a bhaint amach a shonrú. Ba chóir iad a ullmhú tar éis dul i gcomhairle le réimse luchtanna leasa mar atá leagtha amach san Acht agus le haird chuí ar threoracha polasaí an Aire agus ar na hacmhainní airgeadais is dócha a bheidh ar fáil. Bíodh is go bhfuil an fhreagracht as ábhar an phlean ar an mBord i ngach cás ar dheireadh thiar ba chóir don mBord tuairimí an Aire agus machnamh ar an leas poiblí a ualú go cúramach.

1.26 Ní mór don Bhord glacadh leis an ráiteas straitéise a cuireadh isteach ach is féidir leis mionathruithe a dhéanamh a mheasann sé a bheith cuí, tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach.

1.27 Agus an ráiteas straitéise a bheith glactha ag an mbord tá ar an bPríomhfheidhmeannach cóip den ráiteas straitéise a thabhairt don Aire, do Bhoird Bhainistíochta scoileanna BOO agus do dhaoine nó d'eagraíochtaí eile a chuireann feidhmeanna dá leithéid i gcrích atá aitheanta san Acht.

1.28 Ní mór do BOO ráiteas straitéise a fhoilsiú ar an idirlíon tar éis don bhord glacadh leis.

1.29 **Cur i bhfeidhm** Ba chóir tacú le cur i bhfeidhm na straitéise ag bainistíocht gach BOO trí thimthriall bhliantúil pleanála agus buiséidithe. Ba chóir do Bhord gach BOO plean agus/nó buiséad bliantúil a fhaomhadh agus measúnú foirmiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht iarbhír trí thagairt don bplean agus/nó don mbuiséad go bliantúil.

1.30 **Plean Seirbhíse Bliantúil:** Ní mór don bPríomhfheidhmeannach, laistigh de bheith curtha ar an eolas faoi theorainn chaiteachais shealadach an bhoird, plean seirbhíse bliantúil a ullmhú ina leagtar amach na seirbhísí atá beartaithe ag an mbord a chur ar fáil, mar aon le meastachán ar ioncam agus caiteachas an bhoird don bhliain airgeadais (Alt 47, an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013).

Ní mór don mbord glacadh leis an bplean seirbhíse bliantúil atá curtha isteach ag an bPríomhfheidhmeannach ar bonn an teorainn chaiteachais shealadach ní déanaí ná an 1 Márta gach bliain. Is féidir leis mionathruithe ar bith a dhéanamh a mheasann sé a bheith cuí tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach le linn an achar ama sin. (Alt 47den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Má tá athruithe ar an teorainn chaiteachais is féidir leis an mbord iarraidh ar an bPríomhfheidhmeannach plean seirbhíse bliantúil athraithe a chur isteach chun an mionathrú a ghlacadh san áireamh, é sin nó is féidir leis an Aire treoir a thabhairt don bord an plean seirbhíse bliantúil a mhionathrú. Lena chois sin is féidir leis an Aire treoir a thabhairt do bhord an plean seirbhíse bliantúil a athrú chun é a chur ar aon dul le polasaithe nó cuspóirí an Rialtais nó an Aire sa mhéid is a bhaineann siad leis an mBOO lena mbaineann. Má fhaigheann an bord ordú ón Aire an plean seirbhíse bliantúil a mhionathrú nó a athrú tá air an treoir seo a chomhlíonadh (Alt 47, An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013).

Tar éis don mbord glacadh leis an plean seirbhíse bliantúil nó leis an bplean seirbhíse bliantúil athraithe ní mór don bPríomhfheidhmeannach cóip den bPlean Seirbhíse Bliantúil a thabhairt don Aire, do Bhoird Bhainistíochta scoileanna BOO agus do dhaoine nó do chomhlachtaí eile a chomhlíonann feidhmeanna

dá leithéid atá aitheanta san Acht. Ní mór do BOO an plean seirbhíse bliantúil a fhoilsiú ar an idirlíon tar éis don mbord glacadh leis (Alt 47, An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013).

1.31 **Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais** Ba chóir don mBord a fhreagracht as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráitis airgeadais a mhíniú sa tuarascáil bhliantúil agus cé acu an measann nó nach measann sé, de réir na faisnéise atá ar fáil dó, go dtugann na ráitis airgeadais léargas cuí ar ioncam agus caiteachas an Bhoird mar aon le staid gnóthaí an Bhoird.

## Reachtaíocht um Nochtadh Cosanta

1.32 **An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014** Éilíonn alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 go mbunóidh agus go gcothabhálfaidh gach comhlacht poiblí nósanna imeachta chun nochtadh cosanta oibrithe a dhéanamh a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí agus chun déileáil leis na nochtuithe sin. Ní mór faisnéis i scríbhinn maidir leis na nósanna imeachta sin a chur ar fáil d'oibrithe atá fostaithe ag an gcomhlacht poiblí.

1.33 **Treoir:** Tá treoir foilsithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chabhróidh le comhlachtaí poiblí maidir le feidhmiú a gcuid feidhmeanna faoi alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ba chóir do Phríomhfheidhmeannaigh BOO nósanna imeachta um nochtadh cosanta a chur le chéile de réir na treorach seo. Ba chóir don Bhord na nósanna imeachta seo a fhaomhadh agus ba chóir don bPríomhfheidhmeannach iad a chur i bhfeidhm.

1.34 **Tuarascáil Bhliantúil:** Tá ar BOO tuarascáil a fhoilsiú ar nochtadh cosanta de réir ailt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ní déanaí ná ar an 30 Meitheamh gach bliain.

## Deighilt Freagrachtaí

## Prionsabal

Ba chóir deighilt shoiléir a bheith ann idir an fhreagracht as an bord a stiúradh agus a bhainistiú agus an fhreagracht fheidhmeannach as an BOO a reáchtáil. Ní ceadmhach do dhuine aonair ar bith cumhacht cinnteoireachta gan srian a bheith aige/aici.

## Forálacha an Chóid

**1.35** **Deighilt Ról:** Faoi reachtaíocht BOO ní féidir leis an duine céanna a bheith ina Chathaoirleach agus ina Phríomhfheidhmeannach BOO ag an am céanna. Tá deighilt na bhfreagrachtaí idir an Bhord agus an Phríomhfheidhmeannach leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

# 2. Ról an Chathaoirligh

## Prionsabal

Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an Bhoird agus éifeacht a chinntiú i ngach gné dá ról. Ní mór ardchaighdeáin ionracais agus dóchas a bheith aige/aici maidir le cultúr, éagsúlacht, luachanna is iompair an BOO agus cuma na gcomhráití ag leibhéal an Bhoird. Chun comhionannas agus leanúnachas maoirseacht a chinntiú, is deachleachtas inmholta é go leana an Cathaoirleach ina ról mar chathaoirleach go ceann téarma an Bhoird, chomh fada agus is féidir.

## Forálacha an Chóid

2.1 **Clár an Bhoird:** Tá an Cathaoirleach freagrach as clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach is a chinntiú go mbíonn dóthain ama chun an clár ar fad a phlé, go háirithe ceisteanna straitéise. Ba chóir don Chathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach nó a (h)ainmnitheach an clár a aontú roimh chruinniú an Bhoird trí chomhairliú.

2.2 **Ionracas agus Plé:** Tá géarghá le comhráití idir dearfach is dúshlánach má tá an Bord chun feidhmiú mar is cóir. Caithfidh an Cathaoirleach meon ionracais agus plé a chothú trí ligean do bhaill uilig an Bhoird cur leis an díospóireacht. Nuair is cuí, féadfar cuireadh a thabhairt don bhainistíocht agus foireann freastal ar chruinniú is a dtuairimí a nochtadh.

2.3 **Eolas in am tráth:** Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go bhfaigheann an Bord eolas cruinn soiléir in am tráth. Ní mór dó/di cumarsáid éifeachtach a chinntiú leis na páirtithe leasmhara. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann tacú leis an mBord sna feidhmeanna agus ní mór tacaíochtaí riaracháin agus eile a sholáthar don Bhord agus don Chathaoirleach maidir lena ról a chur i gcrích.

2.4 **Scileanna Boird**: In Alt 30 den Acht BOO 2013 sonraítear déantús na mbord BOO ar a mbeidh ionadaithe ó údaráis áitiúla, foireann BOO, ionadaithe gnó, foghlaimeoirí, bainistíocht scoile is tuismitheoirí chun éagsúlacht agus meascán scileanna a chinntiú. Ar son a bheith cothrom ó thaobh scileanna nua de, go hidéalach beidh taithí éagsúil ag na baill idir iad siúd a bhí ar Bhoird cheana féin agus baill nua a mbeidh dearcadh úr acu ar chúrsaí.

2.5 **Sruthanna eolais:** Faoi stiúir an Chathaoirligh, tugtar tacaíocht riaracháin do na Boird chun sruth maith eolais a chinntiú idir an bord agus na coistí is idir an bhainistíocht shinsearach agus baill an bhoird.

2.6 **Tuairisc chuimsitheach chuig an Aire:** I dteannta tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an BOO, caithfidh Cathaoirleach gach BOO tuairisc chuimsitheach ar an BOO a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna – féach ailt 6.8 agus 6.9.

2.7 **Ráiteas Rialú Inmheánach:** Ní mór tuairisc an Chathaoirligh chuig an Aire um ráiteas rialú inmheánach a chur isteach le ráitis bhliantúla airgeadais an BOO.

2.8 **Coiste an Oireachtais:** Bítear ag súil go mbeidh Cathaoirligh BOO ar fáil ag an gcoiste cuí Oireachtais má bhíonn siad ag teastáil.

# 3. Ról Baill an Bhoird

## Prionsabal

Ba chóir Bord éifeachtach a bheith mar cheann ar gach BOO agus iad go léir freagrach as ceannaireacht an Bhord Oideachais agus Oiliúna is gan chumhacht scaoilte tionchair ag aon duine.

Ba chóir do na baill breithiúnas neamhspleách eolach a thabhairt ar cheisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní agus caighdeáin iompair.

## Forálacha an Chóid

3.1 **Dualgais Iontaobhaí:** Tá dualgas iontaobhaí ar gach ball Boird i leith an BOO sa chéad áit (is é sin, dualgas gníomhú le hintinn mhaith agus ar son leas is fearr an BOO).

3.2 Ag seo na príomhdhualgais iontaobhaí:

- gníomhú le hintinn mhaith de réir mar a cheapann ball an Bhoird, ar son leas an BOO;
- gníomhú go hionraic freagrach maidir le cúrsaí an BOO a stiúradh;
- gníomhú de réir aidhm an BOO agus gan a c(h)umhachtaí a úsáid lasmuigh dá bhfuil ceadaithe go dleathach;
- gan leas ná úsáid a bhaint as maoin, eolas ná deiseanna an BOO ar a s(h)on féin ná ar son éinne eile muna ligtear dá leithéid faoi chleachtais an BOO
- gan aontú srian a chur le cumhacht ball an Bhoird breithiúnas neamhspleách a thabhairt
- aon choimhlint a sheachaint idir dualgais an Bhoird i leith an BOO agus leas eile ball an Bhoird
- cúram, scil agus díograis a fheidhmiú mar a éileofaí go réasúnta ó dhuine sa phost céanna ag a mbeadh a leithéid d'eolas agus taithí mar bhall an Bhoird.

Sa chás go mbriseann ball an prionsabal úd i nganfhios níor mhór don Chathaoirleach é sin a chur in iúl don bhall.
Sa chás go mbriseann ball na dualgais mar a mhínítear anseo thuas d'aonturas caithfidh an ball plé leis an gCathaoirleach roimh dhul chuig aon chruinniú eile den bhord. Mura bpléitear mar is cuí leis an gCathaoirleach d'fhéadfaí an ball a eisiamh, tar éis rún an Bhoird, go dtí go dtagtar ar réiteach.

3.3 **Neamhghéilliúlacht:** Má bhíonn fianaise ag ball an Bhoird nach bhfuiltear ag géilleadh do dhualgais reachtúla an BOO, ba chóir dó/di é sin a chur in iúl do bhaill eile an Bhoird, trín gCathaoirleach, i dtreo an cás a réiteach. Caithfidh an Cathaoirleach na ceisteanna úd a phlé leis an bhfeidhmeannas.

Má bhíonn ball an Bhoird fós mí-shásta, ba chóir dó/di plé le Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca chun dul i dteagmháil le Cathaoirleach Bord an BOO agus an feidhmeannas chun an cheist a réiteach.

Ba chóir don Chathaoirleach aird an Aire Oideachais agus Scileanna a tharraingt ar an gcás agus (i) torthaí an neamhghéilliúlacht maraon le (ii) na bearta a tharla nó a tharlóidh chun an cás a réiteach a chur in iúl. Tá sé de dhualgas ar an gCathaoirleach a leithéid de cheist a chur in iúl don Aire.

3.4 **Comhairle Phroifisiúnta:** Ba chóir don Bhord, trí rún a ghlacadh, cleachtais fhoirmiúla a leagan síos chun gur féidir le baill an Bhoird glacadh le comhairle proifisiúnta neamhspleách chun a ndualgais a chomhlíonadh, ar chostas an BOO má mheasann siad gur de riachtanas é chun freagracht baill an Bhoird a hurscaoileadh. Ba chóir cleachtas a bheith i bhfeidhm chun imní baill an Bhoird a bhíonn gan réiteach a thaifeadadh, é sin ráite ag an cruinniú boird, sna miontuairiscí.

3.5 **Ceapachán a Dheimhniú:** Ní mór don BOO litir a eisiúint chuig gach ball an bhoird mar a mbeidh, i measc rudaí eile b'fhéidir, an t-eolas seo a leanas:

- ról an Bhoird agus ról ball an Bhoird;

- tréimhse ceapacháin agus forálacha um athnuachan;
- tacaíocht agus oiliúint a chuirfear ar fáil;
- an tiomantas ama atá i gceist;
- rialacha maidir le coimhlint leasa;
- socruithe um foirceannadh; agus
- rialacha maidir le rúndacht.

## Faisnéisiú do Bhaill Bhoird nua

3.6 Caithfidh an Príomhfheidhmeannach a chinntiú go scaiptear an t-eolas seo a leanas ar bhaill nua uilig an Bhoird:

- ráiteas adeir go bhfuil an Bord (i.e. baill tofa is ceaptha den BOO) (i.e. the elected and appointed members of the ETB) freagrach as treorú agus rialú na heagraíochta mar is cóir agus maidir leis sin go mbíonn an Príomhfheidhmeannach freagrach as a c(h)uid feidhmeanna a chur i gcrích;
- liosta de na riachtanais reachtúla a bhaineann leis an BOO;
- cóip den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus aon reachtaíocht eile cuí (nó sleachta astu);
- nósanna imeachta chun eolas a fháil ar dhlíthe nua agus rialacháin ábhartha;
- An Cód Cleachtais um Rialachas BOO 2019;
- sceideal foirmiúil ábhair a fhorchoimeádtar don Bhord lena gcinntiú nó lena gceadú;
- nósanna imeachta a leantar, nó, go heisceachtúil, go gcaithfear cinneadh a dhéanamh idir cruinnithe an Bhoird;
- ráiteas a mhíneoidh dualgais baill an Bhoird maidir le cuntais a choimeád, córas rialaithe agus iniúchta inmheánaigh an BOO;
- ráiteas a leagann amach ról agus dualgais an aonad iniúchadh inmheánach maraon lena socruithe tuairisce;
- cóip den Chairt um Iniúchadh Inmheánach, san áireamh beidh téarmaí tagartha an Aonad Iniúchta Inmheánaigh – Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO);
- ráiteas a leagfaidh amach ról an iniúchóir seachtrach (An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) agus na socruithe cuí tuairisce;
- sceideal a mhíneoidh go mion déantús coistí go léir an BOO, a dtéarmaí tagartha, gnóthaí, freagrachtaí agus socruithe tuairisce, na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais san áireamh;
- cóip den Chód Cleachtais do Bhaill an Bhoird, riachtanais um nochtadh leasa na mball agus nósanna imeachta chun déileáil le coimhlint leasa san áireamh;
- ráiteas a chuirfidh in iúl do Bhaill an Bhoird go bhfuil teacht acu (go chomhchoitianta nó ina n-aonar trín gCathaoirleach) ar chomhairle agus seirbhísí ó thacaíocht riaracháin an Bhoird, lena chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird is go gcloíonn na nósanna imeachta úd le rialacha agus rialacháin a bhaineann le hábhar;
- Cóip d'Orduithe Seasta an BOO.

3.7 **Breithiúnas neamhspleách:** Ba chóir do bhaill an Bhoird breithiúnas neamhspleách a bhreith chuig ábhair os comhair an bhoird a bhíonn le cinntiú nó a cheadú. In mír 5 den gCód seo leagtar amach an chur chuige maidir le plé le leasa gnó nó eile ag ball an bhoird a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar neamhspleáchas ball an bhoird.

3.8 **Riachtanais Freastail:** Beireann baill an Bhoird réimse áirithe eolais, scileanna, taithí agus saineolas chuig comhráití an Bhoird agus a gcoistí. Ní tharlaíonn sé seo muna mbíonn na baill i láthair ag na cruinnithe uilig agus iad ag glacadh páirt iontu mar is cuí. Ní mór don Bhord a shoiléiriú go bhfuiltear ag súil le 100% tinreamh ag cruinnithe an Bhoird ar fad. Nochtar taifid tinrimh sna cuntais bhliantúla agus beidh siadsan le fáil ag comhlachtaí ainmniúcháin má mholtar ball an bhoird atá cheana féin ann a cheapadh arís.

# 4. Éifeachtacht Boird

## Prionsabal

Caithfidh baill an Bhoird a bheith in ann dóthain ama a chaitheamh lena ndualgais a chur i gcrích go héifeachtach.

Ba chóir ionduchtú foirmiúil a thabhairt do gach ball a thagann ar an mBord agus caithfidh na baill a gcuid scileanna is eolas a uasdátú is a athnuachan go rialta.[7]

Ba chóir eolas a thabhairt don bhord in am trátha i bhfoirm agus ar chaighdeán a ligfidh do na dualgais a chomhlíonadh.[8]

Ba chóir don  Bhord  féinmheasúnú bliantúil a dhéanamh ar a ghníomhaíocht fhéin agus ar ghníomhaíocht a gcuid coistí boird.

Ba chóir don Chathaoirleach gníomhú de réir torthaí an mheasúnú gníomhaíocht trí thabhairt faoi  aon laigí a aithnítear trí fhéinmheastóireacht an bhoird.

Tá Ceistneoir don bhFéinnmheastóireacht Boird ar fáil in Aguisín 15(a) agus í ar fáil anseo.  Níor mhór an measúnú a dhéanamh in aghaidh gach 2-3 bliana.

## Forálacha an Chóid

4.1 Is in Ailt  30, 31 agus 32 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 a chinntítear cúrsaí a bhaineann le déantús an Bhoird BOO mar líon na mball, éagsúlacht agus téarmaí ceapacháin.

4.2 **Scileanna agus Eolais:** Ba chóir baill an bhoird a spreagadh chun scileanna agus eolas cuí a uasdátú maidir le gníomhaíochtaí an BOO, chun go mbeifear in ann dualgais agus freagrachtaí a chur i gcrích mar is cóir. San áireamh cuimseofar go n-aimseodh an Bord aon bhearnaí sa chumas agus bealaí a aithint chun a leithéid a réiteach.

## Cruinnithe Boird

4.3 Ba chóir don Bhord teacht le chéile de réir  forálacha  an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus minic a dhóthain chun a chuid dualgais a chur i gcrích ar bhonn éifeachtach,  faoi réir an riachtanas go mbeidh ar a laghad cruinniú amháin in aghaidh an 2 mhí idir Deireadh Fómhair agus Bealtaine (an dá mhí úd sna áireamh) agus cruinniú amháin idir Iúil agus Meán Fómhair (an dá mhí úd sna áireamh).. Beidh gá le córam 12 ag cruinniú BOO.

4.4 Tá dualgas ar na baill uilig freagracht agus údarás comhchoitianta an Bhoird a chosaint.

---

[7] Sliocht as “UK Corporate Governance Code” (2016) lch. 13 de chuid an Chomhairle Tuairisciú Airgeadais
[8]Sliocht as “UK Corporate Governance Code” (2016) lch. 13 de chuid an Chomhairle Tuairisciú Airgeadais

4.5 Mar chomhlachtaí poiblí, tá dualgas ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna oibriú go hoscailte trédhearcach. Caithfear miontuairiscí gach cruinniú a ullmhú (Sceideal 3, mír 9(2) an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013) agus foilsítear iad ar shuíomh idirlín an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Níor chóir cruinnithe boird a thionól "i gcúirt iata" ach amháin i gcúinsí eisceachtúla má bhíonn ábhair áirithe a gceapann an Bord go bhfuil dualgas orthu iad a phlé "i gcúirt iata". Ina leithéid de chás beidh taifeadadh i miontuairiscí na cruinnithe ar ábhar an cheist a pléadh, an fáth gur tharla an plé "i gcúirt iata" agus an cinneadh a rinneadh ar deireadh. Níor mhór leabhar forlíontach miontuairiscí a choimeád do na cruinnithe "i gcúirt iata".

4.6 Tá ceart ag Príomhfheidhmeannach an BOO freastal ar chruinnithe BOO agus páirt a ghlacadh i gcomhráití ach níl sé/sí i dteideal vóta a chaitheamh. (Sceideal 3, mír 8(1) an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013) agus caithfidh Príomhfheidhmeannach freastal ar chruinniú boird má iarrtar a leithéid air/uirthi agus ceann á thógáil d'fheidhmiú cóir a c(h)uid feidhmeanna féin (Sceideal 3, mír 8(1) an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013).

4.7 Ní mór minicíocht cruinnithe an Bhoird agus na gcoistí Riosca agus Airgeadais maraon le taifead ar thinreamh gach Ball Boird ag cruinnithe Boird a thuairisciú sa Tuarascáil Bhliantúil.

4.8 **Tacaíocht don Bhord:** Tá dualgas ar an bPríomhfheidhmeannach cabhrú le baill an Bhoird maidir lena bhfeidhmeanna a chur i gcrích ar bhonn a bheadh ag teastáil ó na baill.

## Coistí BOO

4.9 Tá cumhacht ag BOO de réir Ailt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 coistí a bhunú chun feidhmiú ar a shon maidir le feidhmeanna a chur i gcrích nó chun comhairle a chur ar an mBord maidir le feidhmiú a chuid feidhmeanna.

Ba chóir don Bhord Téarmaí scríofa Tagartha a sholáthar do Choiste Boird agus caithfidh an Bord aontú cé chomh minic is a dhéanfadh an Bord athbhreithniú agus uasdátú más gá ar na téarmaí tagartha úd. Cabhróidh BOOÉ leis na boird trí theimpléid doiciméid a sholáthar chuige seo.

4.10 Forálann an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 go bhfuil feidhm ag an mBord mar Chathaoirligh Coistí a cheapadh. De réir dea-chleachtais sa réimse seo caithfidh BOO critéir chuí measúnaithe a úsáid chun Cathaoirligh Coistí agus baill eile Coistí a cheapadh. Anuas air sin, caithfear cúrsaí a éascú do bhaill Coistí an Bhoird maidir lena dtuiscint ar na hábhair seo a leanas chomh luath agus is féidir tar éis iad a cheapadh:

- o feidhmeanna an BOO (Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013);
- o cultúr na heagraíochta, cuspóirí agus dúshláin;
- o struchtúr na heagraíochta agus san áireamh beidh naisc lárnach m.sh. gaol an BOO leis an Aire agus an Roinn; agus
- o An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013 agus imlitreacha cuí na Roinne.

4.11 Tá tuilleadh sonraí faoi shaothar an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca laistigh de chorp an Chóid seo.

## Coiste Airgeadais

## Prionsabal

Cé go bhfuil feidhmeanna forchoimeádta ag an mBord maidir le cúrsaí airgeadais mar chuntais a choimeád, glacadh le plean bliantúil seirbhíse agus cumhacht airgead a fháil ar iasacht, tá ról faoi leith ag an gCoiste Airgeadais is iad ag tacú leis an mBord sa tsaothar úd trí chúrsaí airgeadais a scrúdú agus tuairisciú ina leith chuig an Bord.

## Forálacha an Chóid

**Coiste Airgeadais:** Faoi Alt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 caithfidh gach BOO Coiste Airgeadais a bhunú chun cúrsaí airgeadais a thuairisciú chuig an mBord. Caithfidh an Coiste Airgeadais tuairisc a thabhairt don Bhord ar a laghad 4 huaire in aghaidh an bliana. Bíodh idir 3 agus 7 mball ar an gCoiste Airgeadais.

Bíodh baill lasmuigh den Bhord ar an gCoiste Airgeadais. Bíodh cumhacht ag an gCoiste Airgeadais a mholadh don Bhord (faoi réir an t-uasmhéid ball) baill bhreise a cheapadh chun scileanna speisialtóra, eolas agus taithí a sholáthar ag am faoi leith maraon le comhairle speisialtóra a fháil ar chostas réasúnta comhaontaithe an BOO chun cabhrú leis an gCoiste i réimsí áirithe an ghnó.

**Téarmaí Tagartha:** Ba chóir ról agus freagrachtaí a Choiste Airgeadais a leagan amach i dtéarmaí scríofa tagartha a sheolfar chuig gach ball Coiste.

Sna téarmaí tagartha a leagfaidh an Bord síos don Choiste Airgeadais caithfear na forálacha seo a leanas a chuimsiú:

- ballraíocht;
- riachtanais maidir le tuairisciú;
- údarás;
- cruinnithe - socrú ama, iompar agus minicíocht;
- riachtanais eolais; agus
- athbhreithniú ar a éifeachtacht féin.

Is í an Roinn a leagfaidh síos Téarmaí Tagartha i gcomhar leis an Earnáil.
Tá teimpléad do Théarmaí Tagartha lena húsáid ag gach BOO ar fáil in Aguisín 14.

**Ceapacháin:** Is é an Bord a cheapfaidh baill an Choiste Airgeadais.

Féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird a bheith mar bhall, ach ní Cathaoirleach, den Choiste Airgeadais.

Níor chóir d'aoinne ar a bhfuil cúram feidhmeannach in aon BOO, an Príomhfheidhmeannach san áireamh, a bheith mar bhall de Choiste Airgeadais, nó de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an BOO céanna.

Ba chóir go mbeadh duine amháin ó thaobh amuigh den mBOO ag a bhfuil taithí cuí airgeadais ar an gCoiste Airgeadais.

**Tréimhse Ceapacháin:** Leanfaidh tréimhse ceapacháin baill an Choiste Airgeadais go ceann téarma an Bhoird.

**Scileanna agus Taithí Ábhartha:** Ar an gCoiste Airgeadais ba chóir go mbeadh réimse comhchoitianta scileanna chun go mbeifear in ann na feidhmeanna a chur i gcrích de réir an chaighdeáin éilithe. Caithfidh baill tuiscint domhain a bheith acu ar ról an Choiste Airgeadais maraon le taithí airgeadais. Ina thaobh seo ba chóir ionduchtúchán tosaigh a thabhairt do Chathaoirleach an Choiste Airgeadais agus do na baill maraon le hoiliúint leanúnach ar ghnóthaí ábhartha de réir mar is cuí.

**Inniúlachtaí:** I dteannta na scileanna mar a luaitear anseo thuas, ba chóir tuiscint ag na baill, nó í a fháil chomh luath agus is féidir tar éis a gceaptha, ar;

- feidhmeanna an BOO;
- cultúr na heagraíochta, cuspóirí agus dúshláin;
- struchtúr na heagraíochta, m.sh. príomh-ghaoil an BOO leis an Aire, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus gníomhaireachtaí maoinithe/Ranna eile; agus
- reachtaíocht ábhartha is rialacha eile a rialaíonn oibriú airgeadais an BOO.

**Litir Ceapacháin:** Ba chóir litir chaighdeánach ceapacháin a bheith ann do gach ball nua den Choiste Airgeadais nuair is cuí. Cuimseofar inti:

- ról an Choiste Airgeadais;
- tréimhse ceapacháin agus forálacha um athnuachan;
- tacaíocht agus oiliúint a chuirfear ar fáil;
- an tiomantas ama atá i gceist;
- leibhéal an luach saothair (más cuí);
- rialacha maidir le coimhlint leasa;
- socruithe maidir le bainistiú feidhmíochta; agus
- socruithe um foirceannadh.

4.12 **Coimhlint Leasa:** Ba chóir an próiseas céanna a úsáid do choimhlintí leasa sa Choiste Airgeadais is a bhíonn ag leibhéal an Bhoird. Is ar gach ball den Bhord a bheidh an fhreagracht phearsanta aon choimhlint um leas gnó a tharlódh maidir le haon rud ar chlár cruinnithe an Choiste Airgeadais a admháil.

4.13 **Clár Leasanna na mBall:** Ba chóir don Bhord clár leas ball an Choiste Airgeadais a choimeád. Ba chóir iachall a bheith ar na baill aon choimhlint leas a bheadh ann le haon rud ar chlár cruinnithe an Choiste Airgeadais a admháil. Ba chóir don gCoiste na nósanna imeachta atá aige i gcás coimhlint leasa a shonrú, rud lena n-áirítear go bhfuil ar an mball lena mbaineann aird an Chathaoirligh a dhíriú air agus, más gá, an seomra a fhágáil le linn an phlé a dhéantar ar an ngnó áirithe agus gan páirt a ghlacadh i bpléite ar bith maidir leis an bplé. Ba chóir socruithe mar seo a bheith i bhfeidhm maidir le doiciméadú ar an gcruinniú, nach gcuirtear an doiciméadú seo ar fáil don mball. Ba chóir é seo a bhreacadh síos sa mhiontuairiscí.

4.14 **Oiliúint agus Forbairt:** Caithfear próiseas foirmiúil ionduchtúcháin a bhunú (traenáil in oiriúint go pearsanta san áireamh) do bhaill nua an Choiste Airgeadais. Caithfidh An Coiste Airgeadais agus an Cathaoirleach moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le riachtanais aonair oiliúna na mBall agus an Choiste. Ba chóir don Choiste Airgeadais a bheith ar an eolas faoi dhea-chleachtais agus forbairtí um bhainistíocht is tuairisciú airgeadais.

4.15 **Minicíocht na gcruinnithe:** Ba chóir don Choiste Airgeadais teacht le chéile ar a laghad ceithre huaire in aghaidh na bliana agus nuair is gá cuireadh go dtí cruinnithe a thabhairt do lucht seachtrach ag a mbeadh taithí cuí.

4.16 **Údarás ceistithe:** Beidh údarás dearfa ag an gCoiste Airgeadais aon ábhar laistigh dá théarmaí tagartha a fhiosrú, na hacmhainní cuí dá leithéid a bheith acu, agus teacht ar an eolas iomlán. Má mheastar gá a bheith le comhairle proifisiúnta, níor mhór cead a fháil ar dtús ón Roinn Oideachais agus Scileanna sula bhfaighfí aon chomhairle sheachtrach proifisiúnta.

4.17 **Caidrimh:** Mar a éilíonn gnó an Choiste Airgeadais, ba chóir don bPríomhfheidhmeannach agus/nó Stiúrthóir Tacaíochta is Forbartha na hEagraíochta freastal ar chruinnithe áirithe nó míreanna cláir ar iarratas ón gCoiste. Ba chóir cuireadh chuig cruinnithe an Choiste Airgeadais a thabhairt do bhaill fheidhmiúcháin na heagraíochta chun páirt a ghlacadh i gcomhráití agus eolas a sholáthar de réir gá. Níor mhór teagmháil a bheith idir baill na heagraíochta agus an Coiste Airgeadais.

4.18 **Cumarsáidí:** Ba chóir don gCoiste Airgeadais teagmháil éifeachtach a chinntiú leis an mBord. Caithfear miontuairiscí ceadaithe gach cruinniú den Choiste Airgeadais a chur faoi bhráid an Bhoird mar thaifead foirmiúil ar gach cruinniú a tionóladh agus na hábhair a pléadh.

4.19 **Tuairiscí:** Tuairisceoidh an Coiste Airgeadais chuig an mBord ar:

- an Dréacht-phlean Seirbhíse;
- an bhfuil an Priomhfheidhmeannach chun an Dréacht-phlean Seirbhíse a fheidhmiú, mar a ghlac an bord leis, agus laistigh de na teorainneacha caiteachais leagtha síos ag an Aire agus comhlachtaí eile maoinithe, mar is cuí. Déantar é sin faoi staidéar a dhéanamh ar na cuntais mhíosúla agus tuairiscí eile airgeadais a thugann an Príomhfheidhmeannach don Bhord;
- an bhfuiltear chun na cuntais bhliantúla/dréachtráitis airgeadais mar a fuarthas ón bPríomhfheidhmeannach a ghlacadh agus moladh a dhéanamh faoinar chóir don Chathaoirleach iad a shíniú. Ar an gcuma san, ba chóir don Choiste Airgeadais a chinntiú gurb é dearcadh an Choiste, bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil dóibh, go bhfuil léiriú cóir ar ioncam agus caiteachas an Bhoird maraon le staid cúrsaí an Bhoird; agus
- a léargas féin ar cé chomh héifeachtach is atá siad maraon le comhairle ar neartú agus forbairt.

4.20 **Dréacht-ráitis Airgeadais:** Ba chóir don Choiste Airgeadais na dréacht-ráitis airgeadais a athbhreithniú sula moltar don Bhord glacadh leo agus sula seoltar iad ar aghaidh chun iniúchta. Freagracht phoiblí agus na cúinsí speisialta a bhaineann le BOO um bhainistíocht is oibriú á gcur san áireamh, ar an iomlán, ba chóir ceist a chur an bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais ionraic, cothrom agus iontuigthe agus an bhfuil an t-eolas cuí iontu chun staid airgeadais, feidhmiú airgeadais, modh gnó agus straitéis an BOO a mheas.[9]

(a) Chun go mbeidh léiriú cóir sna Cuntais ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid reatha an Bhoird, ba chóir dóibh
   1. géilleadh do na Caighdeáin Chuntasaíochta a bhaineann leis an BOO;
   2. breith a thabhairt maidir le luacháil, nochtadh agus ábharaíocht a dhíreoidh ar Léargas Fíor Cothrom;
   3. a bheith stuama um bhreithiúnais go háirithe má bhítear neamhchinnte; agus
   4. substaint tráchtála gnóthais a léiriú seachas an fhoirm dlíthiúil.

(b) Ba chóir don Choiste Airgeadais na Dréacht-ráitis Airgeadais a athbhreithniú sula moltar don Bhord iad a ghlacadh agus ba chóir smaoineamh ar;
   1. polasaithe cuntasaíochta, iomláine ráitis airgeadais, polasaí frith-chalaoise agus caillteanais a bheith taifeadta agus cuntas orthu mar is cóir;
   2. próisis oiriúnacha a bheith i bhfeidhm a chinnteoidh go mbaintear amach rialtacht, macántacht agus caothúlacht;
   3. ceisteanna a d'ardaigh an t-iniúchóir seachtrach a bheith réitithe go hiomlán mar is cuí; agus
   4. na ráitis airgeadais mar léiriú cothrom ar staid airgeadais an BOO.

(c) Mar chuid den bpróiseas seo;
   1. déanfaidh an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar achoimre tuairisc an Choiste Iniúchta agus Riosca chuig an Bord lena chinntiú go bhfuil Córas Rialaithe Inmheánaigh sásúil ag an BOO a chinntíonn go ndéantar gnóthais a chur i gcrích, a thaifeadadh agus a chur i láthair go hionraic;
   2. cinnteofar gur réitíodh deacrachtaí ó thréimhse roimh ré;
   3. smaoineofar ar an Ráiteas um Chóras Rialaithe Inmheánaigh agus an Litir Uiríll a bheith cuimsitheach, an bhfuil brí leo agus iad ag teacht le heolas an Choiste Airgeadais ar an BOO; agus
   4. lorgófar aon dheimhniú/chinnteacht a cheapann an Príomhfheidhmeannach a bheith riachtanach.

Nuair adeir an t-iniúchóir inmheánach, ina t(h)uairim, go bhfuil sé/sí go réasúnta cinnte, réimse aon iniúchta déanta á chur san áireamh, go bhfuil córas leordhóthanach um rialú inmheánach á oibriú ag an mbainistíocht, féadfaidh an Bord agus an Coiste Airgeadais muinín a bheith acu gur féidir brath ar eolas a fhaightear ón mbainistíocht fheidhmeannach, má leanann na córais rialaithe den oibriú is nach sáraítear iad.

---

[9] Curtha in oiriúint ó "UK Corporate Governance Code" (2016) lch. 18 ón gComhairle Tuairisciú Airgeadais

4.21 **Cathaoirleach an Choiste Airgeadais:** Tá Cathaoirleach an Choiste Airgeadais freagrach go speisialta as a chinntiú:

- go mbíonn acmhainní cuí ag an gCoiste Airgeadais;
- go mbíonn eolas ábhartha i dtuairiscí chuig an gCoiste is go gcuirtear iad ar fáil in am trátha i bhformáid oiriúnach;
- go gcuirtear baill den gCoiste nach raibh i láthair ar an eolas faoi chruinnithe agus go gcoinnítear taifid freastail agus go ndéantar iad a mheas go bliantúil;
- go dtugann sé/sí tuairisc ag cruinnithe Boird agus go gcuireann sé/sí tuairiscí scríofa ina bhfuil eolas ábhartha isteach chuig an mBord;
- go dtuairiscítear gnóthaí a thagann chun cinn ag gach cruinniú dá éis; agus
- go bhfuil sé/sí rannpháirteach i gceapadh baill Choiste nua.

4.22 **Breithmheas:** Breithmheas ó Chathaoirleach an Choiste Airgeadais, lena chinntiú go mba chóir do Chathaoirleach an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar na freagrachtaí a mhínítear in alt 4.21 anseo thuas.

4.23 **Tacaíocht Riaracháin don Choiste Airgeadais:** Ba chóir don bPríomhfheidhmeannach cabhrú le baill an Choiste Airgeadais ina gcuid feidhmeanna a chur i gcrích de réir mar a bheadh ag teastáil ó na baill úd.

# 5. Cóid Iompair, Eitic in Oifig Phoiblí, Breis Nochtadh Leasa ag Baill agus Foireann an Bhoird

## Prionsabail

Chun ionracas agus trédhearcacht leanúnach a chinntiú agus imní an phobail nó easpa muinín a sheachaint, ba chóir don Bhord a chinntiú go mbíonn polasaithe cuí ann chun go ndéana baill agus foireann cinntí go hoibiachtúil agus go mbíonn cleachtais chun plé le coimhlintí leasa a tharlódh, bídís fíor nó braite.

Faoi na polasaithe úd ba chóir a chinntiú go bpléitear le haon choimhlint leasa idir fíor nó folaigh a d'éireodh as cinntí á ndéanamh ag baill an bhoird agus fostaithe an BOO.

Sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 go 2001 leagtar síos na dualgais reachtúla a bhaineann le baill an bhoird agus fostaithe seachas forálacha an Chóid seo. Forálann an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 creat reachtúil a ligeann d'fhostaithe a n-imní a chur in iúl maidir le héagóir fholaigh a thugtar faoi deara ar an láthair oibre.

## Forálacha an Chóid

**5.1** **Cóid Iompair:** Ba chóir cóid iompair ar leith a bheith ag gach BOO do bhaill agus d'fhostaithe. Ullmhaítear iad ar bhonn páirtíochta agus beidh ar an mBord iad a fhaomhadh. Níor mhór na Cóid lompair do Bhaill an Bhoird agus foireann a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin an BOO agus níor mhór gach ball a chur ar an eolas faoina thábhacht is é a bheith ar fáil.

**5.2** **Réimse Feidhmithe:** Sna Cód Iompair caithfear cur síos ar nádúr, aidhm agus réimse a bhfeidhmithe agus caithfear ráiteas a dhéanamh a mhíníonn na prionsabail threoraigh agus oibligeáidí.

**5.3** **Riachtanas um Chomhlíonadh:** Bainfidh Cóid Iompair leis an ngá go gcloífidh baill agus foireann le riachtanais reachtúla agus rialaithe. Sa Chód leagfar síos cleachtais chun déileáil le coimhlintí leasa agus coimhlintí folaigh leasa.

**5.4** **Eitic in Oifig Phoiblí:** Caithfidh gach ball Bord BOO agus gach duine ag a bhfuil post fostaíochta ainmnithe laistigh de BOO géilleadh d'fhorálacha cuí an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. In Aguisín 5 tá míniú ar na hoibleagáidí faoi na hAchtanna thuasluaite)

**5.5** **Coimhlintí leasa:** Ba chóir don Chód Iompair nósanna imeachta chun plé le coimhlint leasa a leagan síos. Níor mhór a mholadh sa Chód nár chóir glacadh le fostaíocht bhreise go ceann tréimhse réasúnta tar éis deireadh ag teacht le feidhm san BOO má bhíonn seans ann go mbeidh coimhlint leasa i gceist. Ba chóir aird na mBall Boird a tharraingt ar an bhfíric seo nuair a cheaptar iad ar Bhoird.

**5.6** **Gan eolas a nochtadh:** Ba chóir don Bhord a shoiléiriú go mbíonn oibleagáidí áirithe ar an mBOO maidir le, go mórmhór, gan eolas pribhléideach nó rúnda a nochtadh nuair a thagann deireadh leis an mballraíocht Boird nó an fhostaíocht san BOO. Níor mhór aird na bhfostaithe agus baill an Bhoird a dhíriú air seo n uair a cheaptar iad. Caithfidh baill an Bhoird aon eolas a fhaightear de bharr a gcuid feidhmithe sa dualgas úd a choimeád mar eolas rúnda.

**5.7** **Doiciméid a Choimeád:** Níor chóir do bhaill an bhoird doiciméid a choimeád a fuarthas le linn a dtréimhse mar bhall an Bhoird. Níor mhór a leithéid de dhoiciméid a thabhairt ar ais do thacaíocht riaracháin an Bhoird nó thairis sin a chur in iúl gur cuireadh na doiciméid de láimh ar bhonn cuí de réir reachtaíocht ábhartha agus san áireamh beidh RGCS. Má tharlaíonn go mbíonn gá ag iar-bhaill an bhoird le teacht ar pháipéir ó am go chéile tar éis deireadh a dtéarma ar an mbord, feadfar é seo a éascú tríd an dtacaíocht riaracháin.

**5.8** Ba chóir don Bhord athbhreithniú rialta a dhéanamh ar oibriú an Chóid Iompair do Bhaill agus foireann an Bhoird.

**5.9** Tá Creata do Chóid Iompar ar fáil in Aguisíní 9(a) agus 9(b).

## Nochtadh Leasa Breise ó Bhaill an Bhoird

## Forálacha an Chóid

5.10 Nochtadh leasa ó bhaill an bhoird:

**i) Nochtadh Tréimhsiúil Leasa:** Nuair a cheaptar agus in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin, ba chóir do gach ball an bhoird ráiteas scríofa a thabhairt don Chathaoirleach maidir le:

1) leasa ball an bhoird;
2) leasa a bhfuil eolas ag an mball orthu; a c(h)éile nó páirtí sibhialta, leanbh nó leanbh lena c(h)éile nó páirtí sibhialta;

a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go hábhartha ar, nó maidir le, a c(h)uid feidhmeanna oifigiúla a chur i gcrích toisc go bhféadfadh a leithéid d'fheidhmeanna leas suntasach a bhronnadh ar, nó a choimeád ón, mball boird, nó an céile nó páirtí sibhialta nó leanbh.

Chun críocha an nochtadh seo tá brí ag leasa go díreach mar atá san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995. D'fhéadfaí an ráiteas leasa a úsáidtear do ráitis bhliantúla faoin Acht 1995 a úsáid chuige seo ar bhonn riaracháin.

**ii) Nochtadh leasa maidir le hábhar a éiríonn:** Anuas ar na ráitis tréimhsiúla a éilítear faoi (i) anseo thuas, caithfidh baill an Bhoird ráiteas scríofa leasa a sholáthar le linn dualgas oifigiúil a bheith le déanamh ag ball an Bhoird agus fios fírinneach a bheith aige/aici go bhfuil leas ábhartha san ábhar lena bhaineann an fheidhm aige/aici nó ag duine ceangailte mar a mhínítear sna hAchtanna Eitice. Chun críocha an nochtadh seo tá brí ag leasa go díreach mar atá san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995.

**iii) Amhras:** Má bhíonn amhras ar bhall an bhoird faoinar chóir leas a nochtadh nó a mhalairt de réir an Chóid seo, ba chóir dó/di comhairle a lorg ó Chathaoirleach an Bhoird agus/nó an duine ainmnithe san BOO a phléann lena leithéid de cheist.

**iv) Clár faoi Rún:** Ba chóir do thacaíocht riaracháin an Bhoird nó eile a ainmnítear na sonraí leasa a nochtar faoi gCód seo a choimeád i gclár speisialta faoi rún. Ní bheidh teacht ar an gclár ach ag an gCathaoirleach agus an duine sinsearach um thacaíocht riarachán don Bhord, baill eile feidhmeannas an BOO agus baill an Boird má bhíonn gá i ndáiríre an t-eolas a thabhairt dóibh.

**v) Leasa an Chathaoirligh:** Má éiríonn ábhar a bhaineann le leasa an Chathaoirligh, roghnóidh na baill eile atá i láthair ag an gcruinniú duine eile atá i láthair ag an gcruinniú mar chathaoirleach. Ba chóir don Chathaoirleach imeacht ón gcruinniú fad is a bheidh an Bord ag déanamh cinneadh faoin ábhar ina bhfuil leas ag an gCathaoirleach nó an duine atá ceangailte leis/léi.

**vi) Doiciméid a Choimeád siar:** Níor chóir doiciméid nó aon phlé faoi ábhar ina bhfuil leas nochtaithe ag ball an Bhoird a sholáthar don bhall boird lena mbaineann.

**vii) Doiciméid a Thabhairt ar ais:** Toisc go dtuigtear go bhféadfadh leas ball an bhoird nó daoine atá ceangailte leis/léi athrú gan puinn fógra, ba chóir do ball Boird, sa chás go bhfaigheann sé/sí doiciméid mar chuid de shaothar an Bhoird a bhaineann lena leasa féin nó daoine atá ceangailte leis, na doiciméid a thabhairt ar ais do dhuine sinsearach de thacaíocht riarachán an Bhoird chomh luath agus is féidir.

**viii) As Láthair:** Ba chóir do Bhall an cruinniú a fhágáil má bhíonn an Bord ag plé ábhair inar léirigh sé/sí leas ábhartha (ach amháin ina c(h)umas f(h)éin mar bhall an Bhoird). Ina leithéid de chás ba chóir smaoineamh ar thaifead ar leith a choimeád (ní bheadh teacht ag an mball ar an dtaifead céanna.)

**ix) Neamhchinnteacht:** Mura mbítear cinnte go bhfuil leas nochtaithe ag ball an Bhoird ina leas ábhartha, caithfidh Cathaoirleach an Bhoird cinneadh a dhéanamh faoi fheidhmiú forálacha an Chóid. Má bhíonn amhras ar bhall an Bhoird faoi obleagáid de réir an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, níor mhór dó/di comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi Alt 25 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 .

## Nochtadh Leasa ó bhaill foirne an BOO: Riachtanais Bhreise

5.11 Anuas ar na riachtanais a éilítear faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, má bhíonn leas airgid nó leas éigin eile ag ball foirne BOO (ball teaghlaigh, mar atá leagtha amach i riachtanais an údaráis áitiúil san áireamh) nó ábhartha do, aon chonradh, comhaontú nó socrú nó conradh, comhaontú nó socrú molta, ina bhfuil an bord mar pháirtí, caithfidh an duine céanna:

(a) a leas de sin a nochtadh don bPríomhfheidhmeannach lena mbaineann;

(b) ní ghlacfaidh sé nó sí sin aon pháirt i gcaibidliú an chonartha, an chomhaontaithe nó an tsocraithe ná in aon bhreithniú ag baill foirne, de réir mar a bheidh, i ndáil leis an gcéanna, nó

(c) ní imreoidh sé nó sí tionchar ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt ar bhreith a bheidh le déanamh, ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh, i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.

## Gan eolas a nochtadh

5.12 Is cion é eolas rúnda a fhaightear trí bheith ag feidhmiú mar bhall an Bhoird a nochtadh gan údarás a bheith faighte ón mBord (Sceideal 3, Mír 13 den tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013). Ba chóir do Bhoird nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu mar chosaint i gcoinne aon nochtadh neamhoiriúnach a d’féadfadh tarlú.

5.13 Beidh an duine a nochtann eolas rúnda a sháraíonn fo-mhír (1) in alt 13 ciontach as cion a dhéanamh.

5.14 Tá Mír 13 de Sceideal 3 san Acht ar fáil in Aguisín 3

# 6. Tuairisciú Gnó agus Airgeadais

## Prionsabail

Freagracht phoiblí agus na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí stáit maidir le bainistíocht is oibriu á gcur san áireamh, níor mhór don Tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais, ar an iomlán, a bheith cothrom, meáite agus iontuigthe, maraon leis an eolas riachtanach a sholáthar chun feidhmiú airgeadais, staid airgeadais, modh gnó agus straitéis an BOO a mheas.[10]

Dualgas bunúsach ar an mBord is ea a chinntiú go ndéantar léargas meáite, fírinneach agus cothrom ar fheidhmiú airgeadais agus staid airgeadais an BOO nuair a ullmhaítear an tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an BOO is nuair a chuirtear iad faoi bhráid an Aire.

Ba chóir don Bhord a chinntiú go ndéantar nochtadh cruinn in am trátha don Aire faoi gach ceist ábhartha a bhaineann leis an BOO, san áireamh beidh comhthéacs gnó, feidhmiú is staid airgeadais, agus rialú an BOO.[11]

## Forálacha an Chóid

Léiriú bunúsach ar fhreagracht phoiblí na mBOO is ea tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a fhoilsiú. Is é cuspóir na ráiteas airgeadais ná eolas a sholáthar ar fheidhmiú airgeadais, staid agus sruth airgid tirim an BOO a bheidh úsáideach do chinntí eacnamaíoch á ndéanamh ag réimse leathan páirtithe leasmhara.[12]

Is ar an mBord atá an fhreagracht ar deireadh maidir le cuntais an BOO a choimeád, chomh maith le tuairiscí tréimhsiúla agus ráitis bhliantúla airgeadais. Ullmhaítear na ráitis bhliantúla airgeadais ón eolas a bhíonn i dtaifid cuntasaíochta agus eolas cuí eile agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhaineann le hearnáil an BOO.

Caithfidh an Bord ráitis airgeadais an BOO a chur i láthair chun ioncam agus caiteachas an Bhoird don bhliain a léiriú mar is cóir maraon le staid gnóthaí an Bhoird ag deireadh bliana agus na cuntais chéanna a chur faoi bhráid an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh den dtréimhse a leagtar síos san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Caithfidh na Ráitis Airgeadais a bheith de réir reachtaíochta, polasaithe cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus le treoracha ábhartha de chuid na Roinne.

Nuair a luaitear "léargas fírinneach agus cothrom" le ráitis airgeadais i gcás BOO, ciallaíonn sé sin go léiríonn na ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas (feidhmiú airgeadais), sócmhainní, dliteanais agus cúltacaí an BOO nó an grúpa lena mbaineann.

Chun go léireoidh cóipeanna ráiteas airgeadais léargas fírinneach agus cothrom níor mhór dóibh:

- géilleadh do na Caighdeáin Chuntasaíochta a bhaineann leis an BOO;
- breithiúnas a chuimsiú maidir le luacháil, nochtadh, agus ábharthacht a dhíríonn ar léargas fírinneach agus cothrom;
- a bheith stuama sa mhéid is a bhaineann le breithiúnas sna ráitis airgeadais, go háirithe má bhíonn neamhchinnteacht ann; agus
- a chinntiú go léirítear sna ráitis airgeadais substaint tráchtála na ngnóthas, seachas go díreach a bhfoirm dhlíthiúil.

Ó am go chéile féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna iarraidh ar Bhord Oideachais agus Oiliúna tuairiscí breise/tréimhsiúla a sholáthar (Sceideal 3, Mír 9(5) an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013).

---

[10] Curtha in oiriúint ó "UK Corporate Governance Code" (2016) lch. 16 ón gComhairle Tuairisciú Airgeadais

[11] Curtha in oiriúint ó "Phrionsabail Rialachais Chorparáidigh G20/ECFE" (ECFE, Meán Fómhair 2015) lch. 41

[12] Curtha in oiriúint ó "FRS 102" (Comhairle Tuairisciú Airgeadais, Meán Fómhair 2015) lch. 28

D'fhéadfadh freisin go n-iarrafadh nó go gcuirfeadh eagraíochtaí eile maoinithe dualgas ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna tuairiscí a thabhairt ó am go chéile nó breis eolais a sholáthar de réir socruithe chuí maoinithe is tuairiscithe agus forálacha D/PER Imlitir 13/2014.

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh seachtrach ar na BOO. Caithfidh na BOO a gcuid cuntais a sheoladh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 1 Aibreán sa bhliain i ndiaidh an bhliain lena mbaineann na cuntais.

Scrúdú neamhspleách ar na ráitis airgeadais is ea a leithéid d'iniúchadh. Is í an aidhm atá le hiniúchadh ná cur leis an méid muinín a bhíonn ag úsáideoirí beartaithe sna ráitis airgeadais. Tar éis na ráitis airgeadais a scrúdú, caithfidh an tARC&C tuairisciú chuig an Oireachtas. Sa tuairisc úd, caithfidh an tARC&C tuairim a nochtadh ar roinnt ábhar mar shampla, an í tuairim an ARC&C go léiríonn na ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an Bhoird don bhliain maraon le staid gnóthaí an Bhoird don bhliain agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na polasaithe cuntasaíochta mar a leagadh síos ag an Aire Oideachais & Scileanna.

Cuntas cuimsitheach is ea an tuarascáil bhliantúil, mar a bhfuil ráitis airgeadais agus cur síos orthusan, ar ghníomhaíochtaí an BOO ar feadh na bliana atá caite. Bíonn sé i gceist le tuarascáil bhliantúil eolas a thabhairt do pháirtithe cuí leasmhara faoi ghníomhaíochtaí agus feidhmíocht airgeadais an BOO.

I ndiaidh an iniúchta, seolfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cóipeanna na gcuntas chuig an Bord agus an Aire, maraon lena t(h)eastas a mhíneoidh a t(h)uairim faoi;

(a) na cuntais mar cur-síos fírinneach ar ioncam agus caiteachas an BOO,

(b) ráiteas na n-iarmhéid mar léiriú cóir ar staid gnóthaí an BOO ag deireadh na bliana lena mbaineann, agus

(c) na cuntais a bheith de réir aon pholasaí cuntasaíochta a leagadh síos ag an Aire Oideachais & Scileanna,

agus a thuairisceoidh faoi

(a) a leithéid de cheisteanna ag éirí as an iniúchadh is a mheasann sé/sí a bheith oiriúnach le tuairisciú fúthu, agus

(b) a leithéid de cheisteanna is a mheasann sé/sí a bheith oiriúnach le tuairisciú fúthu, ag éirí as an scrúdú a rinne sé/sí ar chóras rialú inmheánach an BOO.

Socróidh an tAire Oideachais agus Scileanna go leagfar cóipeanna de sin os comhair Tithe an Oireachtais.

Beidh dualgas ansin ar na BOO a gcuid ráiteas iniúchta airgeadais a fhoilsiú.

Ní mór do Chathaoirleach BOO tuairisc chuimsitheach a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna de réir na riachtanais áirithe tuairiscithe a leagtar síos i mír 1.9 den *Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit – Riachtanais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais*. Litir rúnda ó Chathaoirleach an Bhoird chuig Aire an Roinn bhunaidh is ea tuairisc chuimsitheach an Chathaoirligh. Clúdaítear míreanna mar dheimnhniú go gcloítear le polasaí Rialtais, imeachtaí suntasacha tar éis clár comhardaithe, ráiteas ar an gcóras rialú inmheánach agus achoimre ar na forbairtí suntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an BOO le linn na bliana atá caite.

6.1 **Ráitis Airgeadais Iniúchta:** Caithfidh gach BOO ráitis airgeadais iniúchta a sholáthar. Taifead foirimiúil ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais BOO is ea ráitis airgeadais an BOO.

6.2 **Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais a Ullmhú:** Tá Bord an BOO freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasaíochta agus formáid atá ann don Earnáil BOO.

Ba chóir do ráitis airgeadais a bheith faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sula gcuirtear iad i dtuarascáil bhliantúil BOO. Tá sé tábhachtach dícheall a dhéanamh gan aon mhoill a bheith ar na ráitis airgeadais á gcur faoi bhráid Tithe an Oireachtais fad is a chríochnaítear gnéithe eile sa tuarascáil bhliantúil.

6.3 **Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais** Anuas ar riachtanais nochtaithe reachtaíocht rialaithe an BOO, caighdeáin oiriúnacha cuntasaíochta agus rialacháin eile a bhaineann leis an BOO, ar na gnéithe áirithe a nochtaítear sa tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais tá:

- Ráiteas ar mhodhanna oibrithe an Bhoird, san áireamh beidh ráiteas faoi na cineálacha cinntí a bhíonn le déanamh ag an mBord is a chaithfear a tharmligean chuig an bhainistíocht
- Ainmneacha an Chathaoirligh, an Leas-Chathaoirligh (más ann dó/di), an Phríomhfheidhmeannaigh agus baill an Bhoird is coistí Boird.
- **Foirceannadh agus Scaoilíocaíocht/Sochair**
  a) Mínítear leasa foirceannta mar dhul faoi shuimeanna mar mhalartú ar chríoch a chur le fostaíocht roimh an ghnáthdháta scoir nó de bharr cpmhaontuithe iomarcaíochta.

     Caithfear sonraí a sholáthar don BOO sa nóta luach saothair den chostas comhiomlánach (ar an Stát) ar bhonn na gclár i ndiaidh a chéile, an líon cás a bheidh i gceist sa bhliain airgeadais maraon le sonraí dhul faoi chostais dlíthiúla, más ann dóibh, maidir leis an aontú iomarcaíochta nuair a sháraíonn an costas comhiomlánach (ar an Stát) €10,000. San áireamh ansiúd beidh íocaíochtaí scaoilíocaíochta/foirceanta, blianta breise ar chúiseanna pinsin nó luathscor gan laghdaithe normálta achtúireachta. Féadfar luach an cheann a luadh a chinntiú de réir treoir a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó am go chéile.

  b) Cuimseofar sna leasa foirceanta:
     - íocaíochtaí/scaoilíocaíochta/foirceanta, agus
     - an luach a chuirtear ar shocruithe fhormhaisithe pinsin (blianta breise a bhronnadh ar son cúiseanna pinsin nó luathscor gan laghdú normálta achtúireachta).

  c) Ní chuimsíonn íocaíochtaí foirceanta agus scaoilíocaíochtaí cnapshuimeanna a íoctar de réir socruithe caighdeánacha pinsean san earnáil phoiblí, nó íocaíochtaí um shaoire bhliantúil nár tógadh.

  d) Is gá an t-eolas seo a mhíniú sa nóta luach saothair sa ráiteas airgeadais mar riachtanas leanúnach.

- **Costais agus Socraíochtaí Dlíthiúla**
  a) Má sháraíonn costais iomlán dlíthiúla agus socraíochtaí a aithnítear mar chaiteachas i dtréimhse tuairisce €50,000, caithfear na suimeanna úd a nochtadh. Ní chuimsítear costais a íoctar le gnóthaí dlíthiúla ar son comhairle ghinearálta dhlíthiúil — nochtar a leithéid de chostais faoi chostais chomhairleoireachta (féach mír 6.5 anseo thíos.) Cuimsítear sonraí costais dlíthiúla BOO de bharr imeachtaí a thionscain an BOO féin nó imeachtaí a tionscnaíodh ina choinne agus ba chóir sonraí a léiriú, faoi chláir i ndiaidh a chéile, maidir le:
     - Líon na gcás dlíthiúla atá i gceist
     - Costais dlíthiúla ar an BOO go díreach maidir le dlíthíocht/caingean a chosaint (is é sin, a fuair an BOO)
     - Costais a bronnadh in aghaidh an BOO (seo na costais ar an bpáirtí eile a thionscain an t-imeacht a chaithfear a íoc mar chuid den socraíocht)
     - Dámhachtain/cúiteamh a bhronntar in aghaidh an BOO maidir le dlíthíocht/caingean a chosaint

  b) I gcásanna áirithe, ligeann polasaí árachais an BOO don aisíoc nó íocaíocht cuid de nó iomlán na gcostas dlíthiúla agus socraíochtaí a bhíonn i gceist. Ina leithéid de chásanna caithfear an costas glan atá ar an BOO a nochtadh m.sh. glan ar fháltais árachais. Léireofar sa nochtadh gur íoc comhlacht árachais an BOO na costais dlíthiúla agus socraíochtaí.

  c) Anuas air sin, má bhíonn costais dlíthiúla ar BOO maidir le himeachtaí i gcoinne comhlacht eile stáit, caithfidh an nochtadh seo leibhéal an chaiteachais laistigh den bhliain a léiriú (má tá an caiteachas os cionn €25,000) maraon le sonraí an chomhlacht stáit atá i gceist.

  d) Má bhíonn caiteachas ar idir-réiteach agus eadráin, ní mór iad siúd a nochtadh astu féin.

- **Comhaontuithe Rúndachta:** Toisc an polasaí atá mar bhonn faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, agus socraíochtaí á gcríochnú níor chóir do BOO comhaontuithe rúndachta a phlé nach ligeann dó sonraí na socraíochta faighte a léiriú sna ráitis airgeadais, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus ar bhonn comhairle dlíthiúil go bhfuil gá leo um imthosca an cháis. Ina leithéid de chás, nuair a bhíonn comhaontuithe rúndachta i gceist, ba chóir a insint do na páirtithe roimh ré go bhféadfaidís a bheith faoi réir nochtadh má tharlaíonn go n-aithnítear leas száraitheach poiblí nó má éilítear é de réir dlí.

- **Taisteal agus Cothabháil** - Léireoidh na ráitis airgeadais na costais iomlán maidir le taisteal agus cothabháil don eintitis agus déanfar anailís idir taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- **Caiteachas Fáiltithe:** Léireoidh na ráitis airgeadais na costais comhiomlánaigh iomlán maidir le fáiltiú le linn na tréimhse. Is iad An Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe agus An Roinn Oideachais agus Scileanna mar is cuí a rialaíonn na rialacha um chúrsaí fáiltithe.

- Ní liosta iomlán atá anseo thuas agus féadfar é a uasdátú ó am go chéile de réir aon riachtanais a eisíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus/nó An Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe

**6.4 Riachtanais Tuairiscithe:** Ba chóir cloí le riachtanais tuairiscithe mar a leanas:

**i) Ráitis Airgeadais nár iniúchadh:** Ba chóir ráitis airgeadais nár iniúchadh maidir le gach BOO a thabhairt don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Oideachais agus Scileanna roimh 1 Aibreán sa bhliain go díreach i ndiaidh an bhliain lena mbaineann.

**ii) Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú:** Seoladh gach BOO a thuarascáil bhliantúil chuig an An Roinn Oideachais agus Scileanna tráth nach déanaí ná aon mhí amháin i ndiaidh iniúchadh ar na ráitis airgeadais ón gcomhlacht chéanna ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus sé mhí ó dheireadh bliain airgeadais na comhlachta (pé acu is luaithe). Sa chás nach mbíonn na ráitis airgeadais críochnaithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi sé mhí ó dheireadh na bliana airgeadais, beidh ar an BOO a dtuarascáil bhliantúil a sheoladh chuig an Roinn á dheimhniú nach bhfuiltear in ann na cuntais iniúchta a sheoladh. Ina leithéid de chás, níor chóir don BOO na cuntais nár iniúchadh a fhoilsiú, ach caithfear a dheimhniú sa tuarascáil bhliantúil go bhfoilseofar iad laistigh d'aon mhí amháin tar éis iad a fháil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**iii) Táillí Coiste:** Ar son trédhearcacht agus dea-rialachas, caithfidh BOO a fhoilsiú ina dtuarascáil bhliantúil agus/no ráitis airgeadais sonraí aon táillí nach mbaineann le tuarastal a íoc maidir le baill choiste is déanfar anailís orthu de réir catagóirí na dtáillí.

**iv) Cruinniú Boird agus Tinreamh:** Níor mhór líon cruinnithe an Bhoird agus na gcoistí Iniúchta Riosca agus Airgeadais maraon le tinreamh gach ball an Bhoird ag cruinnithe an Bhoird a thuairisciú sa tuarascáil bhliantúil.

**v) Cúiteamh Pearsanta Pearsanra Lárnach Bainistíochta a Nochtadh:** Caithfidh BOO sonraí comhiomlánaigh an chúiteamh a fhaigheann an bhainistíocht lárnach a nochtadh ina dtuarascáil bhliantúil agus/no ráitis airgeadais is anailís a dhéanamh orthu de réir na gcatagóirí seo a leanas:

(a) Tuarastail agus leasa gearrthéarmacha fostaithe;
(b) Sochair iarfhostaíochta; agus
(c) Sochair foirceanta;

Nochtfaidh BOO an t-iomlán cúiteamh a fhaigheann pearsanra lárnach bainistíochta. Clúdaíonn cúiteamh sochair iomlán an fhostaí. Is iad pearsanra lárnach bainistíochta iad siúd ag a bhfuil údarás pleanála, díriú agus rialú gníomhaíochtaí an eisidh, go díreach nó go hindíreach. Sa chomhthéacs seo glactar leis gurb iad an Príomhfheidhmeannach agus daoine ag leibhéal Stiúrthóireachta an pearsanra lárnach.

Beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm freisin:

a) Ina ráitis airgeadais ba chóir do BOO méid comhiomlánaigh an chúiteamh a íoctar le fostaithe a nochtadh agus cuimseofar an líon fostaithe i bhformáid coibhéis lánaimseartha.
b) Roinntear méid comhiomlánaigh an chúiteamh a íoctar le fostaithe idir tuarastal, breis ama agus liúntais.
c) Cuimsítear freisin nóta ar leith ar thuarastal agus leasa an Phríomhfheidhmeannaigh (chomh maith le híocaíocht fhoirceanta má bhaineann le hábhar).
d) Cuimsítear nóta comhiomlánaigh ar leith ar shochair foirceanta don bhfoireann ar fad. Ba chóir nóta ar leith a choimeád um shochair an Phríomhfheidhmeannaigh, mar a mhínítear anseo thuas.

**vi) Bille Pá/Líon Fostaithe:** Anuas ar an mbille comhiomlánaigh agus líon iomlán na bhfostaithe a nochtadh, caithfidh BOO sonraí a fhoilsiú ina dtuarascáil bhliantúil agus/no ráitis airgeadais faoin líon fostaithe ag a raibh leasa iomlán fostaithe (gan chostas pinsin na bhfostaithe san áireamh) idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach sraith pá mar €10,000 ó €60,000 aníos maraon le figiúr iomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostaitheora.

**vii) Dliteanas Phinsin:** Léireofar dliteanais phinsin agus na sócmhainní comhfhreagrach a bhaineann leo sna cuntais mar a mhínítear iad sa bhFormáid Ráiteas Bliantúil Airgeadais don Earnáil BOO.

**6.5 Costais Chomhairleachta:**

a) Ciallaíonn comhairleacht go bhfostaítear duine, eagraíocht nó grúpa chun seirbhísí intleachtúla nó bunaithe ar eolas (m.sh. anailís is comhairle saineolaithe) trí thuairiscí, staidéir, measúnaithe, moltaí, rúin, srl. a chuireann le cinntí nó polasaithe a dhéanamh san údarás conartha. Ní mhairfidh an conradh ach tréimhse teoranta ama chun tasc nó réimse cinnte tascanna teoranta a chur i gcrích a bhainfidh le scileanna nó cumas saineolach nach mbeifí ag súil leo laistigh den údarás conartha.

b) Lorgaítear an t-eolas sa nochtadh seo chun léargas a thabhairt ar an leibhéal caiteachas ar chomhairleacht ag an BOO sa bhliain airgeadais ar bhonn cláir i ndiaidh a chéile faoi cheannteidil chuí. Ní chlúdófar caiteachas ar phróisis a seachfhoinsíodh faoi 'ghnáthchúrsaí gnó'.

c) Agus comhairleoirí seachtracha á bhfostú, caithfidh BOO cloí leis na dlíthe agus na treoracha Cóid maidir le tairiscintí iomaíocha.

**6.6** **Ráiteas ar Rialú Inmheánach:** Ba chóir tuairisc an Chathaoirligh chuig an Aire maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh (mír 6.8) a chuimsiú i dtuarascáil bhliantúil an BOO. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas úd ag iniúchóirí seachtracha lena chinntiú go dtugtar léargas ar ghéilliúlacht iniúchta an BOO do na riachtanais in mír 6.8 agus go dtagann sé leis an eolas atá acu óna saothar iniúchta ar na ráitis airgeadais. Ní mór do na hiniúchóirí seachtracha an t-ábhar seo a chur isteach ina dtuairisc iniúchta ar na ráitis airgeadais.

**6.7** **Foilsiú Gréasáin:** Níor mhór tuarascála bliantúla agus miontuairiscí cruinnithe BOO a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an BOO.

## Riachtanais Tuairiscithe Bhreise (Tuairisc Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire)

**6.8** **Tuairisc an Chathaoirligh**

I dteannta tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an BOO, níor mhór tuairisc chuimsitheach, is í sínithe ag an gCathaoirleach, a sholáthar don Aire. I dtuairisc an Chathaoirligh caithfear;

(i) Gach forbairt suntasach airgeadais a chuaigh i bhfeidhm ar an BOO sa bhliain atá caite a lua, san áireamh beidh scoileanna is ionaid nuathógtha nó nuacheannaithe, ceannach agus díol talún agus/nó foirgnimh, cláir nua agus mórcheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa ghearrthréimhse nó sa mheántréimhse;

(ii) A dheimhniú go gcuirtear i gcrích na cleachtais chuí ar fad um thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, fála agus sócmhainní a chur de láimh;

(iii) Ráiteas a dhéanamh faoin gcóras rialú inmheánach sa bhformáid a leagtar síos in Aguisín 13,é curtha in oiriúint más gá agus cuimseofar, sa chás go n-aithnítear gur sáraíodh an córas, míniú ar na bearta a dhéanfar chun a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid de shárú sa todhchaí;

(iv) Coimriú a sholáthar faoi ghnóthais airgeadais lasmuigh de chlár comhardaithe an BOO, san áireamh beidh eolas ar nádúr,aidhm agus tionchar airgeadais na ngnóthais airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe. Caithfear ábhar agus formáid an mhír seo a aontú roimh ré leis an Aire/oifigí ainmnithe na Roinne;

(v) A dheimhniú go bhfuil Cód Eitice agus Iompair don bhFoireann agus do Bhaill an Bhoird bunaithe agus go gcloítear leo;

(vi) A dheimhniú go gcloítear le polasaí an Rialtais um phá;

(vii) A dheimhniú go gcloítear le treoir an Rialtais maidir le táillí baill an Bhoird;

(viii) Eachtraí suntasach an chláir chomhardaithe a mhíniú;

(ix) A dheimhniú go gcloítear le riachtanais chuí Cód Caiteachais An Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe;

(x) A dheimhniú go bhfuarthas cead scríofa sular chuathas faoi chaiteachas caipitiúil;

(xi) A dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta ann chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi alt 22(1) den Acht;

(xii) A dheimhniú go bhfuarthas cead scríofa ón Aire sular cuireadh talamh/maoin de láimh agus gur géilleadh do na nósanna imeachta chuí um chur de láimh ina leithéid de chás;
A dheimhniú, sa chás gur thug bord bronntanas don Bhord, an raibh gá le haontú an deontóra, agus dá mba gá, an bhfuarthas é sin;

(xiii) A dheimhniú an gcloítear leis na Treoracha um Mholtaí Caiteachais Caipitiúil a Mheas agus a Bhainistiú agus leis an gCreat um Bhainistiú Oibreacha Caipitil, nuair is cuí;

(xiv) Aon sócmhainní nó rochtain maoine nó bonneagar a bhronnadh ar son socruithe tráchtála le tríú páirtithe nach raibh faoi réir ceant nó próiseas tairisceana iomaíoch a aithint is a mhíniú;

(xv) A dheimhniú go bhfuarthas cead scríofa sular chuathas i mbun léasanna;

(xvi) A dheimhniú gur chomhlíon an BOO a gcuid oibleagáidí faoin ndlí cánach;

(xvii) A dheimhniú gur forbraíodh Plean Fála Corparáideach agus go bhfuil sé á fheidhmiú;

(xviii) Eachtraí fála neamhiomaíocha san BOO a aithint;

(xix) A dheimhniú go ngéilltear i ngach aon slí do riachtanais polasaí taistil agus go bhfeidhmítear polasaí taistil an BOO go hiomlán;

(xx) A dheimhniú gur glacadh leis an gCód Cleachtais seo, cé chomh leathan is atá an ghéilliúlacht agus, sa chás nach ngéilltear dó, míniú a thabhairt;

(xxi) Aon cheisteanna eile ábhartha nó eile a thuilleann, i dtuairim an Chathaoirligh, iad a chur in iúl don Aire;

(xxii) Sonraí faoi/eolas ar aighnis dlíthiúla a bhaineann le comhlachtaí eile Stáit a sholáthar;

(xxiii) Léargas a sholáthar ar fhorbairtí íogair tráchtála sna sé mhí roimhe sin agus forbairtí molta don chuid eile den bhliain;

(xxiv) A chinntiú go bhfuil bearta i bhfeidhm ag an BOO i gcoinne calaoise agus gur tuairiscíodh aon neamhrialtacht, amhras faoi chalaois san áireamh, chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna;

(xxv) A chinntiú gur glacadh leis na cleachtais chuí um chosaint agus coimirce leanaí maidir le gach gné de ghníomhaíochtaí an BOO de réir treoracha an ROS agus reachtaíocht chuí.

I gcóir leis an earnáil, forbróidh BOOÉ fíoraithe um chomhréir eolas a thabharfaidh an feidhmeannas don Bhord ar son eolas a thabhairt do ráiteas an Chathaoirligh. Ba chóir a leithéid d'eolas a chur i gcónaí trí Stiúrthóireacht an BOO.

**6.9** **Forbairtí Íogair Tráchtála:** Ba chóir don Chathaoirleach tuairisc eatramhach a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna faoi fhorbairtí íogair tráchtála don bhliain atá díreach caite agus forbairtí molta don chuid eile den bhliain atá le teacht.

# 7 Bainistiú Riosca, Rialú Inmheánach, Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

## Prionsabail

Ba chóir don mBord socruithe foirmiúla trédhearcach a bheith acu don rialachas, bainistiú riosca, rialú inmheánach agus chun gaol cuí a choimeád leis an Aonad Iniúchadh Inmheánach agus An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an bainistiú riosca agus rialú inmheánach ríthábhachtach agus lárnach i gcóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta chun torthaí a fháil. Bíonn próiseas leanúnach chun rioscaí suntasach a aithint agus plé leo i dtreo aidhmeanna an eisigh a bhaint amach.[13]

Gnó an Bhoird is ea comhairle a chur faoi riosca lárnach. Ba chóir don Choiste Iniúchadh agus Riosca tacú leis an mBord sa ról úd.

## Forálacha an Chóid

**7.1** **Polasaí Bainistiú Riosca:** Ba chóir do gach BOO polasaí um bhainistiú riosca a fhorbairt is ba chóir don Bhord an creat bainistiú riosca a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn leis. Ba chóir don Bhord freisin eachtraí rioscaí ábhartha a athbhreithniú chomh maith le suntas a thabhairt dóibh nó gnímh bhainistíochta a cheadú, mar is cuí.

**7.2** **Bainistiú Riosca**

Ba chóir don bhFeidhmeannas, á threorú ag an bPríomhfheidhmeannach, na catagóirí riosca seo a leanas a aithint agus ansin a ngnéithe comhpháirteacha siúd a liostáil.

(a) Ar na catagóirí neamhghéilliúlachta tá;

i. Alt 10 den Acht 2013
ii. Na hailt chuí eile den Acht 2013
iii. Reachtaíocht chuí eile
iv. Imlitir agus Treoracha ROS
v. Imlitir agus Treoracha eile Ranna
vi. Riachtanais agus Treoracha lucht eile maoinithe
vii. Sócmhainní, Ionracas gnóthaí agus Iontaofacht Taifid a chosaint
viii. Cód Rialachas Corparáideach

(b) Ansin cuirfidh an Príomhfheidhmeannach na Rialuithe Inmheánach atá riachtanach i bhfeidhm lena chinntiú go ngéilltear do na riachtanais in (a).

(c) Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar na rioscaí aitheanta agus na rialuithe gaolmhara inmheánach lena chinntiú go mbainistítear an riosca ar bhonn réasúnta. Féadfar cabhair a fháil san obair seo ón gCoiste Iniúchadh agus Riosca.

(d) De ghnáth, is é Bord an eisigh a leagann síos Goile Riosca an eintitis.

Is fíor, áfach, i gcás BOO, go mbaineann Goile Riosca a shocrú go mór le gníomhaíochtaí mar Chláir Áisíneachta, Tionscnaimh Fhéinmhaoinithe agus/nó soláthar nua scoile. Mar is amhlaidh do chláir lárnacha maidir leis an leibhéal seirbhís atá ag teastáil, is í an ROS agus/nó SOLAS agus lucht maoinithe eile na gclár a chinntíonn rialacha an chláir agus an maoiniú gaolmhar.

[13] "Creat Idirnáisiúnta: Dea-rialachas san Earnáil Phoiblí" (Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí/Institiúid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí, Iúil 2014) lch. 27

Ar phríomhghnéithe maoirseacht ar bhainistiú riosca an Bhoird tá:

- Coiste Iniúchadh agus Riosca a bhunú chun léargas neamhspleách a thabhairt um riosca agus córais bainistiú riosca;
- bainistiú riosca a bheith mar ábhar seasta ar chláir cruinnithe an Bhoird maraon le monatóireacht ar athruithe ar mheastacháin riosca ag cruinnithe boird;
- An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna a leag síos déantús na mBord BOO. Dá bhrí sin, bheadh gá le comhairle saineolach ó am go chéile;
- Príomhoifigeach Riosca nó bainisteoir eile oiriúnach a cheapadh chun riosca a aithint, a thomhas agus a bhainistiú maraon le cultúr bainistiú riosca a chur chun cinn san eagraíocht;
- an polasaí bainistiú riosca a cheadú, goile riosca a leagan síos don BOO agus ceann á thógáil de riachtanais na gcomhlachtaí maoinithe, an plean bainistiú riosca agus clár riosca a cheadú ar a laghad ar bhonn bliantúil;
- tuairisciú bainistíochta ar bhainistiú a athbhreithniú agus suntas/cead a thabhairt do na gnímh mar is cuí;
- athbhreithniú seachtrach a éileamh ar éifeacht an chreat bainistiú riosca go tréimhsiúil; agus;
- deimhniú sa tuarascáil bhliantúil go ndearna an Bord measúnú ar phríomhrioscaí an BOO san áireamh beidh cur síos ar na rioscaí, nuair is cuí, agus bearta gaolmhara maolaithe nó straitéisí.

# Rialú Inmheánach

7.3 **Rialú Inmheánach:** clúdaíonn rialú inmheánach ní hamháin an t-iniúchadh agus seiceáil inmheánach, ach an córas iomlán rialaithe, airgeadais nó eile, bainistiú riosca agus rialachas corparáideach, a bhunaigh an bhainistíocht chun:

- a chinntiú go gcomhlíonann an BOO a chuid Feidhmeanna Reachtúla faoi alt 10 d'Acht na bliana 2013;
- an BOO a oibriú de réir inghlacthacht riosca an Bhoird;
- comhlíonadh leis an reachtaíocht agus na hoibleagáidí ábhartha a chinntiú;
- na sócmhainní a chosaint;
- ionracas na n-idirbheart a dhaingniú; agus
- cruinneas agus iontaofacht na dtaifead a dhaingniú chomh fada agus is féidir.

7.4 Tá an Bord freagrach as a chinntiú go mbunaítear is go bhfeidhmítear córais éifeachtach rialú inmheánach, san áireamh beidh rialuithe airgeadais, oibrithe agus géilliúlachta agus ba chóir don Bhord iad siúd a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

Ag seo a leanas na príomh-nósanna imeachta um rialú inmheánach chun rialú éifeachtach inmheánach a sholáthar:

**i)** na bearta déanta chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú (mar fhreagrachtaí bainistíochta mínithe go soiléir agus fianaise ar ghníomhú maidir le teip ar rialú);

**ii)** na próisis a úsáideadh chun rioscaí gnó a aithint agus a n-impleachtaí airgeadais a mheas;

**iii)** sonraí na bpríomhchóras eolais atá i bhfeidhm mar bhuiséid, slite chun na fíorthorthaí a chur i gcomparáid le buiséid i rith na bliana;

**iv)** na cleachtais chun déileáil le himpleachtaí airgeadais rioscaí móra gnó (mar orduithe airgeadais agus nótaí ar nósanna imeachta, nósanna údaráis mar theorainneacha údaraithe, scaradh dualgas agus modhanna chun calaois a aithint is a chosc); agus

**v)** na cleachtais chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras rialú inmheánach mar a mbeadh; Coistí Iniúchadh agus Riosca, athbhreithniú ar bhainistíocht, comhairleacht, staidéir chigireachta agus athbhreithnithe, saothar an iniúchta inmheánaigh, athbhreithniú ar cháilíocht iniúchta agus ráitis ó cheannairí an iniúchta inmheánaigh; agus

**vi)** deimhniú sa tuarascáil bhliantúil gur tharla athbhreithniú ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

7.5 **Sárú Bainistíochta:** Bíonn sárú bainistíochta ann nuair a ghníomhaíonn bainistíocht fheidhmeannach shinsir nó nuair a thugann ordú do bhall foirne gníomhú ar bhonn a sháródh aon cheann díobh seo a leanas: reachtaíocht, treoracha dualgais nó cleachtais cheadaithe agus rialuithe inmheánacha BOO.

Cuireann a leithéid isteach go mór ar chultúr agus meon dea-rialachas corparáideach a chothú agus d'fhéadfadh éifeacht truaillithe a bheith ar an bhfoireann dá réir.

Ba chóir cleachtais leordhóthanacha a fheidhmiú lena chinntiú nach ligtear do bhagairt ón mbainistíocht ná eile gníomhú ar an mbonn seo. Ar na bearta a gheobhadh an ceann is fearr ar a leithéid de shárú bainistíochta tá:

- an Bord agus bainistíocht a bheith ag faire amach dona leithéid de shárú bainistíochta;
- a chinntiú go dtuigeann foireann BOO nach bhfuil ar a gcumas oibriú lasmuigh de na rialuithe inmheánacha;
- nochtadh cosanta a spreagadh sa réimse úd agus cultúr "labhairt amach" a spreagadh trína bhféadfadh fostaithe cúiseanna imní a lua gan eagla díoltais orthu;
- deimhniú bliantúil ón mbainistíocht nár bhain siad leis an gcleachtas úd; agus
- cleachtais láidre eiticíe/coimhlint leasa agus anailís orthusan ag leibhéal an Bhoird.

7.6 **Calaois a Sheachaint:** Is iad siúd atá freagrach as rialachas an BOO agus bainistíocht fheidhmeannach an BOO atá freagrach as calaois nó earráid a sheachaint is a aithint. Is fíor, áfach, go mbíonn dualgas ar gach leibhéal na mball foirne a bheith ar an airdeall maidir le baol calaoise nó calaois cheaptha a aithint is a chur in iúl.

Tá sé ríthábhachtach go leaga an bhainistíocht agus iad siúd a bhfuil dualgas rialachais orthu béim láidir ar chalaois a chosc, ar an gcuma san d'fhéadfaí an baol a laghdú go dtarlódh calaois, agus ar chalaois a bhac, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar aoinne a smaoineodh uirthi toisc baol a bheith ann go mbéarfaí orthu is go mbeadh pionós i gceist.

Tá mórán cúiseanna a bhíogann calaois, mar shampla, bíonn an deis ann, bíonn brú maidir le spriocanna a bhaint amach agus cúiseanna airgeadais.

Ar na bearta a bhíonn ag plé le calaois tá measúnú riosca agus rialuithe gaolmhara inmheánaigh a chinntiú, cultúr is prionsabail na heagraíochta maraon le hoiliúint foirne sa réimse seo agus Nochtadh Cosanta.

Tabhair ar aird: Cé nach bhfuil freagracht ar Aonad Iniúchadh Inmheánach na mBord Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO) maidir le calaois a bhraith ná a chosc, cuimhneoidh an t-iniúchóir inmheánach ar an bhfíric go bhféadfadh calaois nó earráid a bheith ann nuair a dhéantar taifead, measúnú agus triail ar na córais. Áit a dtagann an t-iniúchóir inmheánach ar chalaois nó earráid i ndáiríre nó go bhfuil amhras faoi gur tharla calaois nó earráid ba chóir dó/di fiosrúchán a dhéanamh faoi seo chomh fada agus is féidir.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh

**7.7 Athbhreithniú ar Éifeacht Rialaithe Inmheánaigh** Ach polasaithe bainistiú riosca agus rialuithe inmheánaigh a bheith i bhfeidhm ní hionann san agus bainistiú éifeachtach riosca. Gnéithe riachtanacha i gcóras fiúntach bainistiú riosca agus rialaithe inmheánaigh is ea monatóireacht agus athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Cuid lárnach de dhualgais an Bhoird is ea athbhreithniú ar éifeacht rialaithe inmheánaigh. Tá ar an mBord a thuairim féin a chumadh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar an soláthar eolais agus cinnteachta.

**7.8 Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh:** Ba chór don Bhord athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeacht na gcóras rialú inmheánaigh lena chinntiú gur cuireadh san áireamh gach gné a bhaineann le bainistiú riosca agus rialaithe inmheánaigh don bhliain atá faoi chaibidil agus chomh fada le dáta ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na ráitis airgeadais.

Chun cabhrú leis an mBord déanfaidh an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha na bliana roimhe tríd an obair a ndéantar cur-síos uirthi sna Téarmaí Tagartha a dhéanamh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar leabhair miontuairiscí an Bhoird, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais agus ar ghnéithe ábhartha eile, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon neamhréireachtaí iontu seo le measúnú ar bith ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i dtuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaí agus in uiríll bhainistíochta.

7.9 Caithfidh an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeacht ceann a thógáil den mhéid seo a leanas:

- athruithe a tharla ón athbhreithniú deiridh ar nádúr agus réimse rioscaí suntasacha agus cumas an BOO freagairt mar is cóir d'athruithe ar a dtimpeallacht idir ghnó agus seachtrach;
- réimse agus cáilíocht monatóireacht leanúnach ag an mbainistíocht ar rioscaí agus an córas rialú inmheánach agus, nuair is cuí, saothar an aonaid iniúchadh inmheánaigh agus soláthraithe eile cinnteachta;
- réimse agus minicíocht na dtorthaí monatóireachta á gcur ar aghaidh chuig an Bord, nó coistí an Bhoird, a ligeann do mheasúnú carnach ar staid an rialaithe san BOO agus ar éifeacht an bhainistiú riosca a dhéanamh;
- cé chomh minic is a tharla teip nó laige suntasach ar rialú le linn na tréimhse agus an tionchar a bhí ag a leithéid ar thorthaí nach rabhthas ag súil leo nó ar chúrsaí gan choinne a chuaigh, nó a d'fhéadfadh amach anseo, dul i bhfeidhm ar bhonn ábhartha ar fheidhmiú nó staid airgeadais an BOO; agus
- an éifeacht a bhaineann le próiseas poiblí tuairisce an BOO.

7.10 Ar deireadh ba chóir don athbhreithniú bliantúil ar éifeacht oiriúnacht na rialuithe a lua, conas a bhíothas á n-oibriú agus gnímh a mholadh chun dul i ngleic le haon laigí aitheanta.

**7.11 An tAthbhreithniú a Chríochnú in am Trátha:** Gné ríthábhachtach is ea an t-athbhreithniú a chríochnú in am tráth má táthar chun an aidhm a chur i gcrích mar chinnteacht a thabhairt maidir le hoibriú na rialuithe le linn na tréimhse tuairisce. Ba chóir an t-athbhreithniú a dhéanamh gar do dheireadh na tréimhse atá i gceist nó chomh luath agus is féidir i ndiaidh deireadh na tréimhse airgeadais atá i gceist, agus tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis deireadh na tréimhse.

# Iniúchadh Inmheánach

## Prionsabal

Déanann iniúchadh inmheánach ionracas na dtáscairí feidhmíochta airgeadais agus oibríochtúla uile a mheas, lena n-áirítear comhlíonadh rialála, agus tugann sé tuairim neamhspleách don mBord tríd an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais iomláin rialuithe inmheánacha agus dearbhaithe san eagraíocht, agus a oiread agus is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Bord dá éis, brath orthu seo.

Féadfar iniúchadh inmheánach a mhíniú freisin mar ghníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil, cinnteacht agus comhairle a chuireann le luach agus feabhas oibríochtaí BOO. Cabhraítear le cuspóirí BOO trí chur chuige eagraithe faoi smacht a bhreith i láthair chun próisis um bhainistiú riosca, rialú agus rialachas a mheas agus a fheabhsú.

## Forálacha an Chóid

**7.12** **Aonad Iniúchadh Inmheánach:** Lonnaítear Aonad Iniúchadh Inmheánach do na BOO (AII-BOO) laistigh d'aon BOO amháin a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta do na 16 BOO atá san earnáil.

**7.13** **Neamhspleáchas:** Beidh an t-aonad iniúchadh inmheánach neamhspleách ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iniúchadh. Seo chun timpeallacht a bhunú a thabharfaidh breithiúnas cóir agus a chuirfidh comhairle neamhchlaonta ar an mbainistíocht.

**7.14** **Uilíocht an Iniúchta Inmheánaigh:** Beidh ceart ag aonad iniúchadh inmheánach na córais bhainistíochta agus rialaithe idir airgeadas agus oibrithe a athbhreithniú. Beidh rochtain saor ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí ar gach láthair fheidhme, taifid (idir de lámh agus leictreonach), maoin agus pearsanra chun na hiniúchtaí a chur i gcrích.

Go háirithe, beidh an t-aonad iniúchadh inmheánach feagrach as athbhreithniú éifeachtach ar rialú inmheánach agus bainistiú riosca.

7.15 **Clár Bliantuil Iniúchtaí:** Molfaidh ceannaire an aonaid iniúchadh inmheánaigh Plean Iniúchta lena cheadú ag an gCoiste Stiúrtha do na AII-BOO agus cuirfear tuairimí na bpáirtithe cuí leasmhara san áireamh.

Léireoidh an t-aonad iniúchadh inmheánach oibiachtúlacht, cuimsitheacht agus ábharthacht i leith an bhainistíocht, an Choiste Iniúchadh Inmheánach agus an Bhoird faoi na réimsí a bheidh le hiniúchadh maraon lena dtosaíochtaí faoi seach do na hiniúchtaí úd laistigh den chlár.

Toisc an t-aonad iniúchadh inmheánach a bheith ann ní hionann san is a rá nach bhfuil dualgas fós ar an mbainistíocht líne um rialú éifeachtach na ngníomhaíochtaí as a bhfuiltear freagrach.

7.16 Feidhmeoidh aonad iniúchadh inmheánach go proifisiúnta, ag cloí leis an g*Cód Eiticí agus Caighdeáin Idirnáisiúnta* a bhaineann leis an Institiúid Iniúchóirí Inmheánacha nó a leithéid de chaighdeáin phroifisiúnta.

Leanfaidh oibriú an aonaid iniúchóireachta inmheánaí na prionsabail seo a leanas:

**i) An Chairt:** Beidh cairt ag an aonad iniúchadh inmheánach, san áireamh beidh téarmaí tagartha ceadaithe ag an mBord. Ní mór an struchtúr tuairisce don iniúchadh inmheánach a bheith soiléir agus ar fáil i ndoiciméad foirmiúil.

**ii) Stiúrthóir Iniúchadh Inmheánach:** Is de réir breithúnas an stiúrthóra a bheidh ábhar na n-iniúchtaí inmheánacha go léir. Beidh Stiúrthóir na hIniúchóireachta Inmheánaí go díreach i láthair an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus teacht aige/aici ar Chathaoirleach an Bhoird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí.

**iii) Trialacha Géilliúlachta:** Agus an saothar leanúnach ar bun, ba chóir don aonad iniúchóireachta inmheánaí measúnú a dhéanamh, trí chur chuige bunaithe ar riosca, ar na réimsí atá laistigh dá théarmaí tagartha (mar a mhínítear sa chairt iniúchta) agus na torthaí a thuairisciú don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**iv) Acmhainní:** Ba chóir acmhainní cuí a thabhairt don aonad iniúchadh inmheánach de réir a ndualgais faoin gCód seo agus na scileanna riachtanach atá acu a chuimsíonn cumas déileáil le gnéithe eile seachas airgeadas.

**v) Iniúchóirí Seachtracha agus Iniúchadh Inmheánach:** Ba chóir don aonad iniúchadh inmheánach dul i dteagmháil leis na hiniúchóirí seachtracha chun an leas is fearr a bhaint as comhoibriú a tharlódh eatarthu. Is minic a chuireann an dá eintitis úd go mór le saothar a chéile agus féadfar éifeacht a fheabhsú trí theagmháil rialta.

**vi) Iniúchadh ar Luach ar Airgead:** Agus a gcuid saothair á phleanáil, á dhéanamh is á thuairisciú, ba chóir don aonad iniúchadh inmheánach a chinntiú go dtógtar ceann mar is cóir de luach ar airgead a fháil bunaithe ar phrionsabail agus forálacha an Chóid Caiteachais Phoiblí, nuair is cuí.

**vii) Fáil agus Cur de Lámh:** Ba chóir don aonad iniúchadh inmheánach athbhreithniú a dhéanamh ar ghéilliúlacht do chleachtais fhála agus cur de lámh mar a éilíonn an Coiste Iniúchadh agus Riosca, ó am go chéile, is ba chóir tuairisciú chuig an Coiste Iniúchadh agus Riosca maidir leo seo.

## Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

## Prionsabal

Tá dualgas ar an mBord feidhmiú chun leasa an BOO tá ról ar leith ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa mhéid go bhfeidhmíonn sé go neamhspleách ar bhainistíocht an BOO d'fhonn a chinntiú go gcosnaítear leasa an Rialtais agus luchtanna leasa eile go hiomlán maidir le tuairisciú gnó agus airgeadais agus maidir le rialú inmheánach.

Is féidir leis an gCoiste Airgeadais roinnt feidhmeanna a dhéanamh a dhéanann Coistí Iniúchóireachta agus Riosca de ghnáth.

**Forálacha an Chóid**

**7.17 Rialuithe Inmheánacha:** Is é an Bord atá freagrach faoi dheireadh thiar as a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh curtha ar bun sa BOO ag an bPríomhfheidhmeannach, córas a chuimsíonn bainistiú riosca agus, rialachas corparáideach. Ba chóir don mBord tacaíocht a fháil ó:

- Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Aonad Iniúchóireachta Inmheánach a oibríonn de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Institiúid na nIniúchóirí Inmheánach nó a gcoibhéis de chaighdeáin phroifisiúnta.

**7.18 Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Tá ar gach BOO Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú de réir Ailt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 a chabhróidh leis an mBord a chuid feidhmeanna iniúchóireachta inmheánacha a chomhlíonadh. Ní mór don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisciú don mBord 4 uaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Ba chóir idir 6 agus 8 mball a bheith ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**7.19** Ba chóir do bhaill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca teacht ó thaobh amuigh den mBord. Ba chóir a chur ar chumas an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca moladh a dhéanamh go gceapfadh an Bord baill bhreise (faoi réir uaslíon ball) chun scileanna, eolas agus taithí speisialtóra a chur ar fáil, más gá, ag am ar leith agus sainchomhairle a fháil ar chostas réasúnta faofa a thiteann ar an mBOO, chun cabhrú leis an gCoiste déileáil le réimsí ar leith dá ghnó.

**7.20 Cairt Scríofa**: Ba chóir róil agus freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a leagan amach i gcairt scríofa a chuimsíonn téarmaí tagartha. Ba chóir iad siúd a chur in iúl do gach ball den gCoiste.

Ba chóir don mBord téarmaí tagartha don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a leagan amach agus forálacha a chur isteach maidir le:

- ballraíocht;
- riachtanais maidir le tuairisciú;
- údarás ceistithe;
- cruinnithe - socrú ama, iompar agus minicíocht;
- riachtanais faisnéise;
- luach airgid;
- rialachas; agus
- freagrachtaí maidir le;
  - bainistiú riosca;
  - rialú inmheánach;
  - iniúchadh inmheánach;
  - Iniúchadh Seachtrach; agus
  - athbhreithniú ar a éifeachtacht féin.

Tá Teimpléad Cairte mar aon le Téarmaí Tagartha do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fáil in Aguisín 11.

7.21 Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid téarmaí tagartha go bliantúil agus athruithe riachtanacha ar bith a mholadh don Bhord. Tá sé den tábhacht cothromas a bhaint amach idir rialachas, bainistiú riosca agus rialú inmheánach le linn cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

7.22 **Cathaoirleach an Bhoird:** Is féidir le Cathaoirleach an Bhoird freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a bheith ina bhall de, ach ní féidir leis/léi a bheith sa chathaoir.

7.23 **Ceapacháin:** Ba chóir don Bhord ceapacháin ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanamh i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

- Ní bheidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina bhall den mBord.
- Ní féidir le duine ag a bhfuil feidhm feidhmiúcháin [14] i mBOO a bheith ina bhall de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an BOO sin, an Príomhfheidhmeannach san áireamh.
- Is féidir le ball den gCoiste Airgeadais a bheith ina bhall den gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

7.24 **Tréimhse Ceapacháin:** Is ionann tréimhse ceapacháin an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tréimhse téarma an Bhoird.

**7.25 Scileanna agus Taithí Ábhartha:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i dteannta a chéile réimse scileanna a bheith acu chun na feidhmeanna atá ag teastáil a dhéanamh. Ba chóir do gach ball den gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tuiscint dhomhain a bheith acu ar rialachas corparáideach agus ar ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ina thaobh seo ba chóir ionduchtú tosaigh a thabhairt do Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chomh maith le hoiliúint leanúnach i ngnóthaí ar nós rialachais chorparáideach agus i ról iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí.

Ba chóir don mBord deimhniú go bhfuil taithí ábhartha nua-aimseartha ar rialachas ag ball amháin de gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar a laghad, agus ba mhaith an rud é an taithí a bheith aige/aici ó eagraíocht seirbhíse poiblí lasmuigh den Earnáil BOO. Ba chóir taithí ar chúrsaí airgeadais agus taithí ar phríomhréimsí gníomhaíochtaí an Bhoird a bheith ag na baill eile. Áirítear air seo bainistiú riosca, iniúchadh inmheánach, saincheisteanna ábhartha teicniúla nó speisialtóra, tuiscint ar thimpeallacht na hearnála poiblí, go háirithe ar struchtúir chuntasachta agus ar thionscnaimh athchóirithe reatha na hearnála poiblí.

Mura bhfuil eolas ná taithí a dhóthain ag baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar réimse áirithe is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca iarraidh ar dhaoine eile ag a bhfuil taithí ábhartha freastal ar chruinnithe, ach ní ceadmhach iarraidh ar an bPríomhfheidhmeannach ná ar dhaoine eile ag a bhfuil feidhm feidhmiúcháin a leithéid a dhéanamh.

7.26 **Critéir Measúnaithe:** Ba chóir critéir measúnaithe fhoirmiúla a bheith ann chun an Cathaoirleach agus baill eile den gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a cheapadh. Le chois den gceist faoi mheascán scileanna thuas ba chóir do na baill tuiscint a bheith acu ar an méid seo a leanas nó an tuiscint seo a fháil a luaithe is féidir tar éis a bheith ceaptha:

- Feidhmeanna an BOO;
- cultúr na heagraíochta, cuspóirí agus dúshláin;
- struchtúr eagraíochtúil lena n-áirítear príomh-chaidrimh, m.sh. caidreamh an BOO leis an Aire agus an máthair-roinn lena mbaineann; agus
- reachtaíocht ábhartha nó rialacha eile a rialaíonn an eagraíocht.

**7.27 Litir Ceapacháin:** Ba chóir litir cheapacháin chaighdeánach a bheith ann do gach ball nua den gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, más cuí, leis an eolas seo a leanas:

- ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- tréimhse ceapacháin agus forálacha um athnuachan;
- tacaíocht agus oiliúint a chuirfear ar fáil;
- an tiomantas ama atá i gceist;
- leibhéal an luach saothair (más cuí);
- rialacha maidir le coimhlint leasa;
- socruithe maidir le bainistiú feidhmíochta; agus
- socruithe um foirceannadh.

[14] Tá conradh fostaíochta nó seirbhíse leis an mBOO ag duine ag a bhfuil feidhm feidhmiúcháin.

7.27 **Coimhlint Leasa:** Ba chóir gur mar a chéile an próiseas chun coimhlintí leasa a dhearbhú sa Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag leibhéal an Bhoird. Ba chóir do gach ball den gCoiste freagracht a ghlacadh go pearsanta as coimhlint leasa fhéideartha ar bith a dhearbhú a thagann chun cinn maidir le míreanna ar bith ar chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**7.29 Clár Leasanna na mBall:** Ba chóir don mBord clár leasanna ball an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a choinneáil. Ba chóir go mbeadh ar na baill coimhlint leasa fhéideartha ar bith a dhearbhú le ceann ar bith de na míreanna gnó ar chlár oibre chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ba chóir don gCoiste na nósanna imeachta atá aige i gcás coimhlint leasa a shonrú, rud lena n-áirítear go bhfuil ar an mball lena mbaineann aird an Chathaoirligh a dhíriú air agus, más gá, an seomra a fhágáil le linn an phlé a dhéantar ar an ngnó áirithe agus gan páirt a ghlacadh i bpléite ar bith maidir leis an bplé. Ba chóir socruithe mar seo a bheith i bhfeidhm maidir le doiciméadú ar an gcruinniú, nach gcuirtear an doiciméadú seo ar fáil don mball. Ba chóir é seo a bhreacadh síos sa mhiontuairiscí.

**7.30 Oiliúint agus Forbairt:** Ba chóir próiseas iontuchtúcháin foirmiúil a bheith ann (oiliúint saincheaptha don duine aonair san áireamh) do bhaill nua ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don gCathaoirleach moltaí a dhéanamh don mBord faoi riachtanais oiliúna an Choiste agus ball ar leith den gCoiste. Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca coinneáil bord ar bord le dea-chleachtas agus forbairtí ar rialachas corparáideach.

**7.31 Minicíocht na gcruinnithe:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca cruinniú a reáchtáil ceithre uaire sa bhliain ar a laghad agus cuireadh a thabhairt do dhaoine ón taobh amuigh ag a bhfuil taithí ábhartha más gá.

**7.32 Údarás ceistithe:** Ba chóir údarás sainráite a bheith ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca gnó at bith faoina théarmaí tagartha a cheistiú, na hacmhainní agus an chomhairle phroifisiúnta atá uaidh chun é seo a dhéanamh agus rochtain iomlán ar fhaisnéis a bheith aige.

**7.33 Caidrimh:** De réir mar a éilíonn gnó an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, ba chóir don bPríomhfheidhmeannach, do Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, do Stiúrthóir na hIniúchóireachta Inmheánaí agus d'iniúchóir seachtrach freastal ar chruinnithe ar leith nó i gcomhair míreanna ar leith den gclár oibre ar iarraidh ón gCoiste. Ba chóir cuireadh a thabhairt do bhaill fheidhmiúcháin na heagraíochta freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chun páirt a ghlacadh i bpléite agus eolas a chur ar fáil de réir mar is cuí. Ba chóir do bhaill fheidhmiúcháin na heagraíochta caidreamh cuí a choinneáil leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**7.34 Cumarsáidí:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a chinntiú go ndéanann sé cumarsáid éifeachtach leis an mBord, le Stiúrthóir na hIniúchóireachta Inmheánaí, leis an iniúchóir seachtrach agus le luchtanna leasa eile. Ba chóir iniúchadh inmheánach nó míreanna iniúchta ar bith a bhaineann le réimsí freagrachta an Bhoird a chur in iúl don mBord a luaithe atá siad aitheanta. Ba chóir miontuairiscí faofa gach cruinniú Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur faoi bhráid an Bhoird mar thaifead foirmiúil gach cruinnithe a reáchtáladh agus na míreanna a pléadh ann.

**7.35 Iniúchóirí Inmheánacha:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith i dteagmháil leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí má dhealraítear don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ó imeachtaí/nochtuithe a tharla níos déanaí nach bhfuil córais rialaithe inmheánaigh leordhóthanacha cuí i bhfeidhm, i dtreo is go bhfuil tuiscint shoiléir aige ar an scéal. Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca Clár Iniúchóireachta a choinneáil. Tá Clár Iniúchóireachta samplach san áireamh in Aguisín 12.

**7.36 Iniúchóirí Seachtracha:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca dul i gcomhairle leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste uair sa bhliain ar a laghad, maidir leis an obair a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le comhall an BOO leis na riachtanais atá leagtha amach sa doiciméad seo agus maidir le torthaí iniúchóireachta. Ba chóir tuairimí eolasacha na gCoistí Iniúchóireachta agus Riosca ar leith a chur in iúl don Aonad Iniúchóireachta Inmheánach.

I bhfianaise méid an BOO agus a mhinice agus a bhíonn laigí sna rialuithe inmheánacha nó fadhbanna iniúchóireachta, ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca bualadh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó teagmháil a dhéanamh leis ar shlí eile uair amháin sa bhliain ar a laghad gan an bhainistíocht shinsearach a bheith i láthair, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon ábhar imní gan réiteach agus chun aon rioscaí nó fadhbanna rialachais atá ag teacht chun cinn ar chur ar a shúile don iniúchóir seachtrach.

**7.37** **Tuarascáil Bhliantúil:** Maidir le tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, ba chóir go gcuirfí achoimre ar thorthaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus uiríll ón mbainistíocht maidir leis na córais bainistíochta agus rialaithe inmheánaigh, agus maidir leis na foinsí cinnteachta faoi bhráid an Bhoird.

Ba chóir do na míreanna seo a leanas a bheith sa tuarascáil bhliantúil;

- rialuithe Inmheánacha:
- tuairisciú airgeadais;
- comhall;
- rialachas; agus
- cáilíocht na hiniúchta inmheánaí.

Lena chois sin ba chóir don gCoiste tuairisciú ar a thuairim ar a éifeachtacht féin mar aon le comhairle ar shlí chun é a threisiú agus a chur chun cinn.

**7.38** **Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Tá freagracht ar leith ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir lena chinntiú;

- go bhfuil acmhainní cuí ar fáil don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- go measann an Coiste Tuairiscí ar Iniúchadh Inmheánach agus freagraí ón mbainistíocht agus go gcinntíonn sé go ndéantar obair leantach ar bhearta;
- go mbíonn eolas ábhartha i dtuairiscí chuig an gCoiste is go gcuirtear iad ar fáil in am trátha i bhformáid oiriúnach;
- go gcuirtear baill den gCoiste nach raibh i láthair ar an eolas faoi chruinnithe agus go gcoinnítear taifid freastail agus go ndéantar iad a mheas go bliantúil;
- go dtugann sé/sí tuairisc ag cruinnithe Boird agus go gcuireann sé/sí tuairiscí scríofa ina bhfuil eolas ábhartha isteach chuig an mBord;
- go dtuairiscítear gnóthaí a thagann chun cinn ag gach cruinniú dá éis; agus
- go bhfuil sé/sí rannpháirteach i gceapadh baill Choiste nua.


**7.39** **Breithmheas:** Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar bhreithmheas ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**7.40** **Tacaíocht riaracháin don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Tá tacaíocht ag teastáil ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le;

- páipéir a choimisiúnú;
- doiciméid agus miontuairiscí cruinnithe a scaipeadh;
- doiciméadú a dhéanamh ar úinéireacht ar bhearta comhaontaithe agus obair leantach a dhéanamh orthu sin/iad a rianú;
- an Coiste a choinneáil bord ar bord faoi fhorbairtí san mBOO;
- ionduchtúchán agus oiliúint do bhaill an choiste a eagrú; agus
- taifead a choinneáil ar cheapacháin bhall agus dátaí foirceanta/athnuachana agus a chinntiú go dtionscnaítear nósanna imeachta ceapacháin cuí nuair is gá, srl.

Ba chóir tacaíocht riaracháin a chur ar fáil, de réir mar a bhíonn gá leis, don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le haghaidh na dtascanna riaracháin mar a mhínítear thuas. Ba chóir rochtain a dhéanamh leis, ar thacaíochtaí láraithe (m.sh. BOOÉ, le haghaidh oiliúna/ionduchtúcháin).

# Ról Maoirseachta na Roinne



# 8. Caidreamh leis an Oireachtas, an Aire agus an Roinn Oideachais agus Scileanna

## Prionsabail

Tá dea-rialachas san earnáil phoiblí ann chun a chinntiú go mbaineann eintiteis a gcuid torthaí beartaithe amach de réir mar atá siad sonraithe ina gcuid reachtaíochta rialaithe agus ina gcuid Ráitis Straitéise agus iad ag gníomhú chun leasa an phobail. Chuige sin tá gá le socruithe éifeachtacha chun torthaí a leagan síos maidir le tairbhí inbhuanaithe idir barainneacht, shóisialta agus chomhshaol ar chóir iad a ghlacadh san áireamh i gcomhaontú maoirseachta an BOO leis an Aire/Roinn Oideachais agus Scileanna.

Éilíonn rialachas maith nósanna imeachta éifeachtacha chun freagracht agus cuntasacht a shainmhíniú, chun buiséid a leithdháileadh, chun aschuir agus torthaí a bhfuiltear ag súil leo a shainmhíniú agus éilíonn sé nósanna imeachta soiléire chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.

Ba chóir comhrá leanúnach a bheith ar siúl idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BOO, comhrá atá bunaithe ar chomhthuiscint ar chuspóirí an BOO agus ar na bearta trína bhféachann sé leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

## Forálacha an Chóid

Tá bunús reachtúil do BOO leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Sonraítear ann na paraiméadair don leibhéal féinriail oibriúcháin agus neamhspleáchais faoina n-oibríonn gach BOO chun a chuid cuspóirí a bhaint amach. Ní mór do BOO a bheith faoi réir dóthain maoirseachta agus cuntasachta d’fhonn a chinntiú go bhfuil sé ag cruthú go héifeachtach agus ag baint amach a chuid cuspóirí chun a chinntiú go mbaintear úsáid as acmhainní poiblí go héifeachtúil éifeachtach.

Tá neamhspleáchas feidhmiúil BOO go hiomlán ag teacht le maoirseacht reachtúil agus airgeadais ó thaobh an Aire/na Roinne de, agus le cuntasacht chuí éifeachtach. Tá cuntasacht éifeachtach ag brath go mór ar róil agus freagrachtaí soiléire a bheith bunaithe agus a bheith á gcothabháil de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus de réir reachtaíochta ábhartha eile mar aon leis na rialacháin agus imlitreacha atá i bhfeidhm. Caithfidh léirthuiscint a bheith ag an dá pháirtí orthu agus caithfidh siad cloí leo sa saol praiticiúil.

San Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 leagtar amach feidhmeanna ginearálta Bord Oideachais agus Oiliúna agus sonraítear na feidhmeanna sin a gcaithfidh an Bord tabhairt fúthu. Ní mór do gach BOO a bheith faoi réir dóthain maoirseachta agus cuntasachta d’fhonn a chinntiú go bhfuil sé ag cruthú go héifeachtach agus ag baint amach a chuid cuspóirí chun a chinntiú go mbaintear úsáid as acmhainní poiblí go héifeachtúil éifeachtach.

## Ról Maoirseachta na Roinne Oideachais agus Scileanna

**8.1** **Socruithe Rialachais:** Caithfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna a chinntiú go bhfuil socruithe rialachais láidre éifeachtacha i bhfeidhm i mBOO. Tá an riachtanas seo ag teacht le riachtanais um Chreat Rialachais le haghaidh Ranna agus Oifigí Rialtais i dtaobh comhlachtaí faoina gcoimirce. Tá na riachtanais seo leagtha amach sa Chaighdeán um Rialachas Corparáideach don Státseirbhís.

Tá freagracht reachtúil ar leith ag SOLAS i ndáil le “measúnú a dhéanamh cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann boird oideachais agus oiliúna agus comhlachtaí eile a thugann faoi sholáthar cláir breisoideachais agus oiliúna dár tugadh airgead chun cláir breisoideachais agus oiliúna a chur ar fáil, a gcuid feidhmeanna ar shlí atá éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh barainneachta de”.

**8.2** **Comhlíon nó Mínigh:** Mínítear conas a bhaineann sé seo le BOO ar leathanach 7 den doiciméad seo.

## Comhaontuithe Maoirseachta

8.3 Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna comhaontuithe maoirseachta scríofa a bheith aige le gach BOO.

Ba chóir go léireodh comhaontuithe maoirseachta na rudaí seo a leanas:

- cuspóir agus freagrachtaí an BOO;
- creat dlíthiúil an BOO;
- Leibhéal comhaill an BOO leis an gCód;
- mionsonraí an Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta; agus
- socruithe maidir le maoirseacht, monatóireacht agus tuairisciú ar chomhréireacht leis an gcomhaontú maoirseachta lena n-áirítear bearta agus réimsí caiteachais má tá cead ón Aire/Roinn agus/nó ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh ré. Mura bhfuil údarás soiléir ann maidir le híocaíochtaí a dhéanamh ba chóir do BOO cead a lorg ón réimse den Roinn lena mbaineann nó ó SOLAS nó ó lucht maoinithe cláir eile nach iad.

8.4 Le linn na bliana airgeadais tarraingeoidh BOO maoiniú ó roinnt réimsí laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna. D'fhéadfadh riachtanais maoirseachta éagsúla a bheith i gceist i ndáil le sruthanna maoinithe ar leith atá ar fáil do BOO agus ba chóir d'fhoireann BOO a bheith ar an eolas faoina n-oibleagáidí i ndáil le gach sruth maoinithe agus cloí leo.

8.5 Is é is maoirseacht na Roinne ann ná próiseas leanúnach a bhaintear amach trí idirghníomhú rialta idir an BOO agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le príomhghnéithe de ghníomhaíochtaí BOO. Tacaítear leis seo tríd na bearta seo a leanas:

- Litir dearbhaithe bhliantúil a eisíonn an Roinn chuig gach BOO a luaithe is féidir sa bhliain airgeadais ina leagtar amach an oiread agus is féidir, na teorainneacha caiteachais faoi réimse ceannteidil chláir le haghaidh clár a fhaigheann maoiniú díreach ón Roinn Oideachais agus Scileanna;
- I meamram bliantúil um maoiniú leagfar amach na teorainneacha caiteachais na gclár do dhaoine fásta agus na gclár breisoideachais agus oiliúna a maoinítear ag SOLAS.
- Sa Phlean Seirbhíse bliantúil leagtar amach na seirbhísí atá á mbeartú ag an mBOO, de réir Ailt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna.
- Tar éis iniúchta inmheánaí a bheith déanta tugtar cóip de thuairim na n-Iniúchóirí inmheánacha don Roinn mar aon le mionsonraí iomlána na míre nó na míreanna ar a bhfuil an tuairim bunaithe.
- Tugtar tuairiscí go rialta maidir le hioncam agus caiteachas don Roinn Oideachais agus Scileanna agus do SOLAS de bhreis ar na cuntais neamhiniúchta.
- Sa chás gur tharla caillteanais ba chóir don bPríomhfheidhmeannach na caillteanais ar fad a thuairisciú don Roinn mar aon le míniú iomlán agus dearbhú go bhfuil aghaidh tugtha ar shaincheisteanna maidir le rialú inmheánach a aithníodh nó go dtabharfar aghaidh orthu ó dháta luaite ar aghaidh.

## Róil agus Freagrachtaí

**8.6** **Róil:** Tá róil faoi seach an bhoird agus cathaoirleach an BOO leagtha amach in Ailt 1 agus 2 faoi seach.

**8.7** **Oifigeach Cuntasaíochta:** Glacfaidh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna na céimeanna riachtanacha d'fhonn a chinntiú go gcuirtear riachtanais an Chóid seo i bhfeidhm mar is cuí agus go gcloífear leo. Agus í ag tacú leis an ról seo is féidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna tuilleadh eolais/fianaise a lorg go bhfuil an Cód á chomhlíonadh ag an mBOO. Ba chóir leis an mBOO iarratais réasúnta dá leithéid a chomhlíonadh.

Má thugann an t-eolas atá ar fáil don Roinn le fios go bhfuil fadhbanna nó deacrachtaí ann glacfaidh an Roinn bearta cuí a luaithe is féidir.

Tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach don mBord i dtaobh feidhmíocht chuí a c(h)uid feidhmeanna i ndáil le bainistiú an BOO, de réir na reachtaíochta, treoirlínte na Roinne agus Plean Seirbhíse. (Alt 15, An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013). Tá sé/sí cuntasach do Choiste na gCuntas Poiblí (Alt 25,

an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013) agus do choistí eile den Oireachtas (Alt 26, an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013).

Faoi Alt 16 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 is féidir leis an bPríomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean chuig baill foirne eile go foirmiúil. Ba chóir don bPríomhfheidhmeannach feidhm ar bith a tharmligtear faoi Ailt 16 a leagan amach go soiléir, gan athbhrí, i ndoiciméad agus ba chóir an Bord a chur ar an eolas sa chéad chruinniú eile.

## Comhaontuithe um Sheachadadh Feidhmíochta

Tar éis don Earnáil BOO glacadh leis an gCód seo forbrófar teimpléad um sheachadadh feidhmíochta a ghlacann na socruithe tuairiscithe casta nach mór don Earnáil cloí leo san áireamh. Bainfidh gach BOO agus an Roinn úsáid as an teimpléad chun comhaontú um sheachadadh feidhmíochta a chur i gcrích do gach BOO.

Maidir le SOLAS, tá próiseas pleanála ag BOO tríd an bPlean Seirbhíse agus FARR (Iarratais ar Leithdháiltí Maoinithe agus Tuairisciú.) Maidir le BOO, ba chóir do BOO Comhaontuithe um Sheachadadh Feidhmíochta a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tuairisciú don Roinn ar dhul chun cinn i gcomparáid le spriocanna. Beidh na comhaontuithe seo ina gconradh feidhmíochta idir an Roinn agus an mBOO ina bhfuil cuma foirmiúil curtha ar leibhéal feidhmíochta / seirbhíse comhaontaithe agus a mbeidh éifeachtúlacht agus éifeachtacht feabhsaithe i dtaobh seirbhísí poiblí a sheachadadh mar thoradh air faoi dheireadh thiar.

Mar chuid de na comhaontuithe is féidir spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a chur, chomh maith le táscairí aschuir agus torthaí a fhorbairt, rud lena n-áirítear garspriocanna chun feidhmíocht a mheas i gcomparáid le spriocanna.

**8.8 Comhaontuithe um Sheachadadh Feidhmíochta:** Comhaontóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta (a ndéantar athbhreithniú bliantúil air) leis na BOO.
Beidh na nithe seo a leanas sa Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta:

- spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil;
- na príomhchláir gníomhaíochta do BOO a shainaithint, gach clár caiteachais ar leith san áireamh;
- na príomh-aschuir a leagan amach i dtéarmaí cainníochtúla intomhaiste;
- na spriocanna don aschur sin a aithint mar spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla, le garspriocanna soiléire;
- an costas atá ar sheachadadh an chláir sin a shainaithint; agus
- an próiseas don athbhreithniú foirmiúil ar an gcomhaontú feidhmíochta a leagan amach.

**8.9 Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil:** Agus Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil á lua aige déanfaidh an Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta na nithe seo a leanas:

- leagfaidh sé amach meadrachtaí ábhartha cainníochtúla atá ag tionchair agus/nó ag torthaí agus a thacóidh le scrúdú ar éifeachtacht an chláir; agus
- cuimseoidh sé spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a leagfaidh amach garspriocanna soiléire chun dul chun cinn i leith sprice a mheas.

**8.10 Príomh-aschuir:** Mar chuid de na Príomh-Aschuir déanfar na nithe seo a leanas sa Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta:

- meadrachtaí ábhartha cainníochtúla aschur a leagan amach a thac le scrúdú ar éifeachtacht an chláir; agus
- spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a chuimsiú a leagfaidh amach garspriocanna soiléire chun dul chun seachadadh a mheas.

**8.11 Athbhreithniú ar Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta:** Tionólfar cruinniú foirmiúil amháin ar a laghad in aghaidh na bliana idir oifigigh shinsearacha na Roinne agus ionadaithe an Bhoird agus ardbhainistíocht an BOO d’fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta agus d’fhonn an caidreamh idir an dá eagraíocht a threisiú.

## Athbhreithniú Téamach ar Rialachas

Le haird ar an aschur ó iniúchtaí ar BOO atá déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear, mar is cuí, tuairiscí speisialta agus tuairiscí ar luach ar airgead, agus ar fhorfheidhmiú polasaí na roinne agus/nó polasaí rialtais sa mBOO. Cuimhneoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar athbhreithnithe téamacha cuí ar rialachas a chur i ngníomh go céimneach. Is é is cuspóir uileghabhálach do na hathbhreithnithe seo go mór mór na feabhsuithe ar chuntasacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a dhaingniú. Ba chóir d’athbhreithniú ar

bith den sórt seo a bheith bunaithe ar fhianaise agus, más féidir, an fheidhmíocht iarbhír a chur i gcomparáid le spriocanna agus/nó tagarmharcanna seachtracha.

**8.12 Athbhreithniú a chur i gcrích:** Féachfaidh an Roinn i dteannta le hionadaithe ar BOO agus ar BOOÉ conas is fearr is féidir leo athbhreithnithe a dhéanamh le haird chuí ar na prionsabail threoracha atá mar bhonn eolais ag cur chuige an Rialtais sa réimse seo.

## Nósanna Imeachta um Sholáthar

## Forálacha an Chóid

**8.13 Soláthar Poiblí:** Is é an Bord atá freagrach as deimhniú dó féin go gcloíonn sé leis na riachtanais um sholáthar poiblí agus ba chóir dó a bheith go hiomlán ar an eolas faoi na tairsí luacha reatha chun rialacha soláthair, idir AE agus náisiúnta, a chur i bhfeidhm.

Ba chóir don mBord deimhniú dó féin go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta soláthair forbartha agus curtha in iúl don bhfoireann go léir. Lena chois sin ba chóir dó cinntiú go bhfuil nósanna imeachta ann chun neamh-chomhlíonadh na nósanna imeachta soláthair a aimsiú. Ba chóir bunachar sonraí/liostáil conarthaí a bheith ag eintitis maidir le gach conradh/íocaíochtaí os cionn €25,000 mar aon le córais monatóireachta a thugann rabhadh má tharlaíonn soláthar neamhiomaíoch. Ba chóir soláthar neamhiomaíoch a thuairisciú i dtuairisc chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire.

**8.14 Nósanna imeachta:** Is é polasaí an Rialtais gur chóir do chomhlachtaí poiblí, más féidir, úsáid a bhaint as creata agus conarthaí soláthair lárnacha atá curtha ar bun ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá na creata agus conarthaí soláthar lárnacha seo ceaptha chun tairbhí don tseirbhís phoiblí a bharrfheabhsú trína cumhacht ceannaigh a chomhbhailiú go straitéiseach.

Mura mbaineann comhlachtaí poiblí úsáid as creata soláthair lárnacha ba chóir go mbeadh ar a gcumas e seo a dhlisteanú ó thaobh luach ar airgead de.[15] I ndlisteantú ó thaobh luach ar airgead de ba chóir an costas iomlán atá ar chomórtas soláthair phoiblí a reáchtáil a ghlacadh san áireamh.

Ba chóir do BOO cloí leis na treoirlínte dea-chleachtais atá leagtha amach in Aguisín 7 maidir le Conarthaí um Sholáthar Earraí agus/nó Seirbhísí agus an riachtanas le Faomhadh ón Roinn sula gcuirtear seirbhísí nach seirbhísí bunúsacha iad ar fáil.

Má tá gá le soláthar áitiúil ba chóir do BOO glaoch ar thairiscintí iomaíocha a úsáid mar ghnáthphróiseas soláthair. Ba chóir do bhainistíocht an BOO, agus an Bord féin ar deireadh thiar, a chinntiú go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas nuair a dhéantar ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear le polasaí agus treoirlínte soláthair.

Sula bhfaomhann an Bord míreanna móra caiteachais ba chóir go mbeadh faomhadh i scríbhinn faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna roimh ré.

Ní mór do chomhlachtaí Stáit, BOO san áireamh, cloí le hImlitir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 02/2016 i ndáil le caiteachas ar thionscadail, córais agus bonneagair TF agus teileachumarsáide.

**8.15 Oibleagáidí Dlíthiúla:** Ní mór do chomhlachtaí poiblí cloí lena gcuid oibleagáidí faoi threoracha AE, dlí náisiúnta agus treoirlínte. Cuireann Treoracha AE agus rialacháin náisiúnta oibleagáidí dlíthiúla ar chomhlachtaí poiblí, BOO san áireamh, maidir le fógraíocht agus úsáid nósanna imeachta tairisceana oibiachtúla chun conarthaí os cionn tairsí luacha áirithe a bhronnadh. Fiú amháin i gcás soláthair nach bhfuil faoi réir raoin iomláin na dTreoracha AE, m. sh. roinnt seirbhísí nach seirbhísí tosaíochta iad, nó lamháltais seirbhíse, tá rialaithe ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa nach mór cloí le prionsabail an Chonradh AE.

**8.16 Prionsabail Conradh AE:** Ar phrionsabail bhunriachtanacha an Chonartha áirítear neamh-idirdhealú, caitheamh cothrom, trédhearcacht, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht, saoirse chun seirbhís a sholáthar agus saoirse bhunaíochta. Tá riachtanas atá intuigthe go láidir, conarthaí luacha shuntasaigh a fhoilsiú go pointe a chuireann ar chumas páirtithe ó Bhallstáit eile suim a léiriú nó tairiscint a chur isteach.

[15] Oifig um Sholáthar Rialtais, Creat Náisiúnta um Sholáthar Poiblí, Eanáir 2018

**8.17** **Plean Corparáideach Soláthair:** Éilíonn an Oifig um Pholasaí Soláthar Rialtais go ndéanann gach comhlacht Stáit neamh-thráchtála Plean Corparáideach Soláthair. Tá anailís ar chaiteachas ar sholáthar agus na struchtúir sholáthair agus cheannaigh san eagraíocht mar bhonn agus mar thaca ag an bplean. Ba chóir go gcuirfí spriocanna praiticiúla straitéiseacha sa phlean, cuspóirí le haghaidh torthaí feabhsaithe soláthair agus ba chóir bearta oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Ba chóir don gCathaoirleach deimhniú sa tuairisc chuimsitheach chuig an Aire go gcloítear leis an bpolasaí agus na nósanna imeachta soláthair lena mbaineann agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh Sholáthair.

**8.18** **Eolas maidir le Soláthar:** Foilsíonn an Oifig um Sholáthar Rialtais eolas ar sholáthar agus treoir ghinearálta faoi ghnóthaí soláthair. Is féidir é a léamh nó a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais. De bhreis air seo cuireann BOOÉ tacaíocht láraithe ar fáil do BOO ina bhfeidhm sholáthair.

## Fáil Maoine, Diúscairt Farasbarr Maoine, Diúscairt Sócmhainní Stáit agus rochtain ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe

## Forálacha an Chóid

**8.19** **Fáil sócmhainní nó diúscairt sócmhainní** agus úsáid sócmhainní oideachais: Ní ceadmhach do BOO leanúint ar aghaidh agus talamh, foirgnimh nó sócmhainní ábhair eile a dhiúscairt gan chead foirmiúil i scríbhinn ón Aire Oideachais agus Scileanna. Má thugtar cead tá ar BOO coinníollacha ar bith atá sa chead a chomhlíonadh. Áirítear air seo leis léasanna fadtéarma nó ceart úsáide sócmhainne a cheannach (seachas úinéireacht).

Mar chuid de chur i ngníomh céimneach an Phlean Fhorbartha Náisiúnta agus den obair chun cuspóirí Tionscadal Éireann 2040 a bhaint amach tá gá le húsáid iomlán a bhaint as gach ionad réadmhaoine agus gach láthair Stáit atá faoi smacht/úinéireacht BOO chun críocha soláthar oideachais nó oiliúna. Áirítear air seo gur féidir le soláthraithe seirbhíse oideachais eile úsáid a bhaint as acmhainní laistigh de na hionaid réadmhaoine agus na láithreacha má mheas an Roinn é seo a bheith cuí agus riachtanach tar éis próiseas comhairliúcháin leis an mBOO lena mbaineann. Tá ar gach BOO comhoibriú le gach páirtí a mheasann an Roinn a bheith ábhartha i ndáil le húsáid acmhainní laistigh dá cuid ionaid réadmhaoine agus dá cuid láithreacha ag soláthraithe seirbhíse oideachais eile a éascú.

8.20 **Imlitreacha agus Treoracha:** Tá ar gach BOO na forálacha agus nósanna imeachta reachtúla a chomhlíonadh de réir mar atá siad leagtha amach sna hImlitreacha ábhartha, maidir le sócmhainní a dhiúscairt nó maidir le rochtain a thabhairt ar réadmhaoin nó ar bhonneagar le haghaidh socruithe tráchtála. Ba chóir go ndéanfaí diúscairt sócmhainní, i gcás nach bhfuiltear ina ngá chun críocha oideachais, agus má tá deimhniú faighte nach bhfuil gá ag an stát leis an réadmhaoin in aon tslí eile, trí cheant nó trí phróiseas tairisceana iomaíoch ach amháin i gcúinsí eisceachtúla (cosúil le n-í a dhíol le comhlacht carthanachta. Ina leithéid de chúinsí tá gá le cead ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba chóir don modh a úsáidtear a bheith trédhearcach agus ba chóir gur dócha go sroichfí praghas cóir a bhaineann leis an margadh. Ba chóir luach cúlchiste na sócmhainne atá á diúscairt na shocrú ar bhonn luachála proifisiúnta, ag an Oifig Luachála de ghnáth, agus a bhreacadh síos roimh ré i dtaifid an BOO.

**8.21** De bhreis ar threoirlínte ar leith ar bith a bhaineann leis an mBOO mar atá mínithe thuas ba chóir gach fáil, gach diúscairt nó tograí i leith réadmhaoin a roinnt a dhéanamh de réir imlitreacha agus treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar seo a leanas:
- 11/2015 – Protocols for the Transfer and Sharing of State Property Assets (Prótacail le haghaidh Aistriú agus Roinnt Sócmhainní Réadmhaoine Stáit);
- 17/2016 – Policy for Property Acquisition and for Disposal of Surplus Property: (Polasaí um Fháil Réadmhaoine agus um Dhiúscairt Réadmhaoine Barrachais):
- 02/2016 – Arrangements for Digital and ICT-related Expenditure in the Civil and Public Service (Socruithe um Chaiteachas a bhaineann le Cúrsaí Digiteacha agus TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí).

**8.22 Nósanna imeachta:** De bhreis ar na riachtanais atá leagtha amach in imlitreacha na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir mar a leasaítear iad ó am go chéile, ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a bheith i bhfeidhm;

**(i)** **Luacháil Neamhspleách:** Má tá talamh nó réadmhaoin á mheas i ndáil le fáil ní mór luacháil neamhspleách a fháil. Ba chóir na luachálacha seo a fháil sula nglacann an Bord cinneadh ar bith tailte a cheannach nó a dhíol. Ba chóir na luachálacha a fháil ó shuirbhéirí proifisiúnta luachála réadmhaoine;

**(ii)** **Liostáil Páirtithe an Idirbhirt:** Ba chóir gach páirtí atá bainteach le hidirbhearta talún agus réadmhaoine a thuairisciú go soiléir don mBord má tá idirbhearta á meas. Ba chóir an páirtí nó na páirtithe óna bhfuil an tsócmhainn á ceannach a lua i rún ar bith den mBord a bhaineann le talamh nó réadmhaoin a cheannach.

**(iii)** **Roghanna Ceannaigh Páirtithe Eile** Má tá rogha faighte ag forbróir tríú páirtí talamh a cheannach agus má dhíolann sé an rogha le BOO, ba chóir corrlach brabúis ar bith a ghearrann an forbróir, más féidir é a dheimhniú, a thuairisciú don mBord;

**(iv)** **Rúin an Bhoird:** I rún Boird ar bith maidir le sócmhainn a cheannach nó a dhíol ba chóir praghas na sócmhainne a lua a íocadh as nó a fuarthas as é a dhíol.

**(v)** **Trédhearcacht:** Ba chóir ceannach talún nó réadmhaoine a dhéanamh ar shlí atá chomh trédhearcach agus is féidir, gan seasamh idirbheartaíochta an BOO a lagú;

**(vi)** **Dícheall chuí:** Ba chóir tuairisc iomlán díchill chuí a ullmhú le haghaidh talún nó réadmhaoine a bhfuiltear ag cuimhneamh ar iad a cheannach;

**(vii)** **Ball Foirne Ainmnithe:** Ba chóir ball foirne a ainmniú mar dhuine atá freagrach as an talamh nó réadmhaoin a cheannach, a bhainistiú agus a dhíol. Ba chóir don mball foirne seo tuairisciú go díreach don bPríomhfheidhmeannach maidir le saincheisteanna réadmhaoine;

**(viii)** **Cúrsaí Dlí:** Nuair a bhítear ag déileáil le ceannach nó díol talún nó réadmhaoine ba chóir a bheith i dteagmháil ghníomhach le dlíodóirí agus cinnteoidh an ball foirne ainmnithe go dtabharfar aghaidh ar ghnéithe tráchtála agus teicniúla an idirbhirt mar is cuí.

**(ix)** **Clárú Teidil:** Ba chóir obair leantach a phleanáil leis na dlíodóirí lena mbaineann chun a chinntiú go bhfuil teideal ar thalamh nó réadmhaoin ar bith a cheannaítear cláraithe mar is cuí leis an Údarás Clárúchán Maoine;

**(x)** **Oibleagáidí Dlíthiúla:** Ba chóir obair leantach a phleanáil chun a chinntiú go bhfuil gealltanais, oibleagáidí nó gnóthaí eile ar bith críochnaithe tar éis talamh nó réadmhaoin a bheith ceannaithe nó díolta. Ba chóir do BBO athbhreithnithe tréimhsiúla a thionscnamh (ag brath ar mhéid na punainne réadmhaoine) lena ndlíodóirí agus le foireann inmheánach ar bith a phléann le bainistiú réadmhaoine, chun stádas reatha clárú teidil, comhaontuithe cead slí, léasanna, bannaí, ceada pleanála agus gnóthaí eile a bhaineann lena gcuid punann réadmhaoine a iniúchadh.

**(xi)** **Clárú ar Clár Réadmhaoin Stáit:** Ba chóir gach talamh agus réadmhaoin a thaifeadadh ar Chlár Réadmhaoin Stáit ar líne atá á bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

## Measúnú Infheistíocht Caipitil

**An Cód um Chaitheamh Poiblí:** Is é is an Cód um Chaitheamh Poiblí ann sraith chuimsitheach riachtanais chun caiteachas agus luach ar airgead a mheas mar aon le treoir ghaolmhar a dhéileálann le gach caiteachas poiblí.

**8.23** Ba chóir don mBord a chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre éifeachtacha ann sa BOO lena mbaineann d'fhonn comhlíonadh a chinntiú mar is cuí, le prionsabail, riachtanais agus treoirlínte ábhartha an Chóid um Chaitheamh Poiblí. Tar éis rúin fhoirmiúil a bheith glactha ag an mBOO ba chóir don gCathaoirleach a chinntiú sa tuarascáil bhliantúil go gcloíonn an eagraíocht le gnéithe ábhartha an Chóid um Chaitheamh Poiblí.

**8.24** **Measúnú Infheistíochta:** Lena chois sin ba chóir don mBord a chinntiú go bhfuil aird chuí ag an mBOO faoi chaibidil ar mhúnlaí cuí um measúnú infheistíochta ina gcuid earnálacha agus go bhféachann sé le prionsabail measúnaithe dea-chleachtais i dtaobh cúrsaí airgeadais agus barainneachta atá sa Chód um Chaitheamh Poiblí a chur i bhfeidhm chun tograí infheistíochta a mheas agus a bhainistiú.

8.25 **Tograí Caipitil:** Ní mór do BOO dea-chleachtas a chur i bhfeidhm chun tograí caiteachais chaipitil suntasacha a bhainistiú. Go háirithe, ní mór dóibh aird a bheith acu ar na Treoirlínte um Thograí Caiteachais Chaipitil a Mheas agus a Bhainistiú san Earnáil Phoiblí agus ar an gCreat um Bhainistiú Oibreacha Caipitil maidir le tograí caiteachais suntasacha a phleanáil, a mheas agus a bhainistiú.

Ní mór do BOO a chinntiú leis, go gcomhlíonann Tograí Caipitil Scoile

(a) Nósanna imeachta Foireann Deartha na Roinne Oideachais agus Scileanna mar aon leis na Nótaí Cleachtais a ghabhann leo,
(b) Doiciméid Treorach Teicniúla na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus
(c) téarmaí Comhaontú Leibhéal Seirbhíse ar bith a rinneadh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## Éagsúlú, Bunú Fochomhlachtaí agus Fálacha á ndéanamh ag BOO

Níl BOO cumasaithe éagsúlú laistiar dá sainchúraimí reachtúla atá leagtha amach sa reachtaíocht um bhunú (An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013). Ní féidir le BOO fochuideachtaí a bhunú agus tá na rialacha maidir le fálacha á ndéanamh ag BOO leagtha amach thuas.

Meabhraítear do BOO go bhfuil ar BOO, de réir Aguisín 7, cead i scríbhinn a fháil ón Roinn roimh ré, sula gcuireann sé clár nó gníomhaíocht nua ar fáil:

- Nach ceann dá chuid seirbhísí bunúsacha é (is é sin, soláthar bunoideachais, iarbhunoideachais, Cúrsaí Iar-AT agus breisoideachais agus oiliúna), nó

- A mheasann sé a bheith ina chuid dá sheirbhísí bunúsacha nó bainteach leo ach nach bhfuil bunaithe ná á maoiniú ag an Roinn go fóill.

## Comhlíonadh maidir le Riachtanais Ceantála agus Tairisceana

**8.26** **Faomhadh ón mBord - Úsáid an Phróiseas Iomaíochta:** Má bhíonn ceant nó próiseas tairisceana iomaíoch ar siúl agus mura nglactar leis an tairiscint is airde, bíonn gá le faomhadh ar leith ón mBord sula ndéantar an tsócmhainn a dhiúscairt nó sular féidir deonú rochtana ar réadmhaoin nó ar bhonneagar chun críocha socruithe tráchtála le tríú páirtithe a chur i gcrích. Ní mór don mBord a chinntiú go bhfuil gach foráil na Chumarsáide ón gCoimisiún AE um ghnéithe Cúnamh Stáit i ndíolachán talún agus foirgneamh a dhéanann údaráis phoiblí comhlíonta ina n-iomláine agus go bhfuil faomhadh ón ROS tugtha más gá. Ba chóir faomhadh ar bith dá shórt mar aon leis an gcúis gur ceadaíodh glacadh le tairiscint níos ísle a bhreacadh síos i miontuairiscí an Bhoird.

**8.27** **Cúnamh Stáit:** Beart a ciallaíonn nach gcuirfear Cúnamh Stáit i bhfeidhm go dtí go bhfuil sé faofa ag an gCoimisiún AE. Sa Pháipéar Treorach um Airgeadú de réir Cúnamh Stáit, athstruchtúrú agus príobháidiú fiontar faoi úinéireacht Stáit de chuid Coimisiún AE leagtar amach rialacha nach mór a chomhlíonadh má dhéantar fiontair faoi úinéireacht an Stáit a airgeadú, a athstruchtúrú agus/nó a phríobháidiú. Is ann a thugtar soiléiriú ar an tslí ina gcuireann an Coimisiún prionsabail is tábhachtaí an Chúnamh Stáit i bhfeidhm.

**8.28** **Faomhadh ón mBord - Gan an Próiseas Iomaíochta a Úsáid:** Mura mbíonn ceant ná próiseas tairisceana iomaíoch ar siúl agus más €150,000 an praghas comhaontaithe nó níos mó, bíonn gá le faomhadh ar leith ón mBord sula dtugtar faoi idirbheartaíochtaí agus freisin sula ndéantar an tsócmhainn a dhiúscairt nó sular féidir deonú rochtana ar réadmhaoin nó ar bhonneagar chun críocha socruithe comhfhiontair tráchtála le tríú páirtithe a chur i gcrích.

**8.29** **Deimhniú Foirmiúil:** Níor chóir aon diúscairt sócmhainne ná deonú rochtana ar réadmhaoin ná ar bhonneagar chun críocha socruithe tráchtála le tríú páirtithe a chríochnú go dtí go bhfuil deimhnithe go foirmiúil ag an oifigeach a bhainistíonn diúscairt nó deonú rochtana go bhfuil faomhadh ar leith ón mBord agus ón Roinn faighte más gá.

**8.30** **Diúscairt Sócmhainní chuig Baill den mBord, Fostaithe dá a dTeaghlaigh:** Ba chóir sócmhainní chuig ball den mBord, fostaithe nó a dteaghlaigh nó daoine a bhaineann leo a dhiúscairt ar phraghas cóir an mhargaidh mar a dhéantar le gach diúscairt. Má bhíonn an Bord ag féachaint ar thogra le haghaidh diúscartha ar bith mar seo ba chóir don mball Boird atá bainteach leis an gceannach seo, má dhéanfar é, imeacht as láthair nuair a phléann an Bord an gnó. Ba chóir taifead a dhéanamh i gclár a choinnítear chuige seo ar gach diúscairt chuig a leithéid de dhaoine (luaitear sonraí na sócmhainne a dhéantar a dhiúscairt, an praghas a íoctar agus ainm an cheannaí). Ba chóir an clár seo a bheith ar fáil don mBord nó do bhall ar bith den mBord le haghaidh a iniúchta má iarrtar é. Is féidir leis an mBord sonrú gur chóir go ndéanfadh an Bord diúscairt ar bith os cion na tairsí faofa a fhormhuiniú go foirmiúil agus gur féidir leis an mBord srianta ar leith a leagan síos maidir le diúscairt den sórt seo.

**8.31** **Comhlíonadh** Ba chóir don gCathaoirleach a dheimhniú sa thuairisc chuimsitheach chuig an Aire Oideachais agus Scileanna gur comhlíonadh na nósanna imeachta um dhiúscairt atá mínithe.

## Comhlíonadh maidir le Cáin

**8.32** **Imréiteach Cánach:** Tá freagracht ar Bhord an BOO a dheimhniú dó féin go bhfuil riachtanais Imréiteach Cánach maidir le híocaíocht deontas, fordheontas agus íocaíochtaí dá leithéid, agus maidir le Conarthaí na hEarnála Poiblí comhlíonta. Ní mór teastas bailí imréiteach cánach a bheith ag duine nó comhlacht ar bith má dhéantar conradh leo agus ba chóir an teastas bailí imréiteach cánach seo a choinneáil, nó, más conradh ábhartha é an conradh[40], ba chóir dó géilliúlacht cánach sásúil mar fhochonraitheoir a thaispeáint tráth a dhéantar íocaíocht.

**8.33** **Cúrsaí Cánach** Ba chóir do BOO eiseamláir a thabhairt maidir lena ngéilliúlacht le dlíthe cánachais agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil gach dliteanas cánach íoctha ar an dáta dlite nó roimhe.

**8.34** **Seachaint Cánach:** Bíodh is gur féidir le BOO leas a bhaint as socruithe cánach dlisteanacha níor chóir dóibh tabhairt faoi idirbhearta do-ghlactha chun cáin a sheachaint. I dtéarmaí ginearálta, is cion é cáin a sheachaint má bhaintear úsáid as an gcód cánach chun críocha eile seachas dá bhfuil sé beartaithe ag an Oireachtas (úsáid neamhbheartaithe dreasacht cánach san áireamh) d'fhonn an méid cánach atá le híoc ag an mBOO nó ag páirtí éigin eile in idirbheart a bhfuil an BOO rannpháirteach ann a laghdú. Má thagann amhras chun cinn i gcás ar leith ba chóir don mBOO lena mbaineann dul i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Má tá gá le faomhadh ó Aire i dteannta le comhaontú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi reachtaíocht le aghaidh idirbheart airgeadais ar bith, ba chóir don gCathaoirleach deimhniú a thabhairt ó na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil cóireáil cánach an idirbhirt airgeadais ag teacht le dlí cánach na hÉireann.

**8.35** **Tuairisc chuig an Roinn:** Ba chóir tuairisc ar ghéilliúlacht an BOO le dlíthe cánach a chur ar fáil gach bliain don Roinn Oideachais agus Scileanna. Ba chóir don gCathaoirleach deimhniú ina thuairisc bhliantúil chuig an Aire, gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoi dhlí cánach.

## Agóidí Dlí a bhfuil Comhlachtaí Stáit Eile bainteach leo

**8.36** **Agóidí Dlí:** Má tá agóid dlí ann bhfuil Comhlacht Stáit nó BOO eile bainteach léi ba chóir gach iarracht a dhéanamh, ach amháin má éilítear a mhalairt de réir reachta, an scéal a réiteach trí idirghabháil nó eadráin sula dtabhófaí costais mhóra dlí. Ba chóir do BOO an cúrsa gnímh is lú costais a leanúint chun déileáil le hagóidí dlí.

Ba chóir do BOO an Roinn Oideachais agus Scileanna a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir má tá aon agóid dlí ar siúl, mar aon le meastachán na gcostas dlí a thabhaíodh nó a thabhófar de réir dealraimh.

## Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse

8.37 Faoi mar atá Comhaontuithe Maoirseachta agus Comhaontuithe um Sheachadadh Feidhmíochta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BOO ba chóir do BOO Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a fhorbairt agus a thabhairt isteach mar chuid de nósanna imeachta oibriúcháin ginearálta den mBord Oideachais agus Oiliúna.

8.38 Ní mór do BOO a bheith ar an eolas áfach, gurb é an BOO atá cuntasach má thagann fadhb maidir le maoiniú poiblí sa tríú páirtí chun cinn. Dá réir sin ní mór do BOO a bheith sásta maidir le hiontaofacht an rialaithe inmheánaigh agus an rialachais chorparáidigh san eagraíocht tríú pháirtí roimh dó comhaontú leibhéal seirbhíse a dhéanamh léi.

# 9. Luach Saothair agus Aoisliúntas

## Prionsabail

**9.1** **Luach Saothair:** Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna agus comhlachtaí maoinithe eile mar is cuí a shocraíonn téarmaí coinníollacha fostaíochta, rátaí luach saothair d'fhoireann fhaofa atá fostaithe i mBOO. Tá ar BOO cloí le gach imlitir ábhartha agus le rialacha agus treoracha eile mar is cuí, atá eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag comhlachtaí maoinithe phoiblí eile ina thaobh seo.

Meabhraítear do BOO go gcaithfear polasaí íocaíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm (nósanna imeachta agus córais maidir le taisteal agus cothú san áireamh), de réir mar a chuirtear in iúl é ó am go ham, maidir le baill an Bhoird, baill an Choiste agus foireann, agus go mbaineann na socruithe a údaraítear ó am go ham leis an luach saothair ar fad.

Ba chóir dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna go tráthúil maidir le gnó ar bith a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar pholasaí íocaíochta ginearálta an Rialtais.

Níor chóir géilliúlacht le polasaí íocaíochta an Rialtais nó le cinneadh ar leith an Rialtais a chur i gcrích ar shlí a thagann salach ar chaighdeáin, sláine ná iompar na seirbhíse poiblí nó a bhfuil cleachtais do-ghlactha ag gabháil léi a mbeadh cailliúint ioncam cánach ag an Státchiste mar thoradh uirthi.

Níl d'údarás ag an mBord ar chúinse ar bith íocaíochtaí breise a bhronnadh (m. sh. íocaíochtaí "breisithe", honoraria) le ball foirne ar bith den BOO ná le ball ar bith eile de BOO.

**9.2** **Aoisliúntas:** Is é atá i mballraíocht de scéim phinsin na hearnála poiblí ná gné de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus ba chóir an seasamh maidir le ballraíocht de scéim phinsin a bheith le feiceáil sa chonradh fostaíochta. Ba chóir d'fhostaithe BOO lena mbaineann a beith ina mbaill den scéim aoisliúntais chuí. Is iad na scéimeanna atá i gceist in earnáil na mBOO ná Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015, Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí BOO 2015, Scéim Aonair na hEarnála Poiblí 2012 agus na Scéimeanna atá i bhfeidhm d'iar-bhaill foirne d'FÁS/SOLAS a d'aistrigh chuig BOO de réir an Achta um Boird Bhreisoideachais agus Oiliúna 2013.

Is iad rialacha na scéime ar leith a shocraíonn ballraíocht de gach ceann de na scéimeanna. Níl an Bord cumasaithe i gcúinse ar bith sochair phinsin bhreise a bhronnadh ar bhall foirne ar bith lasmuigh díobh siúd a chuirtear ar fáil de réir rialacha na scéime pinsin lena mbaineann.

Ní mór cloí go docht le critéir iontrála na scéimeanna éagsúla agus ba chóir féachaint go cúramach ar an scéal seo tráth na hearcaíochta. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil de réir mar a bhíonn gá, chun cúnamh agus comhairle a chur ar BOO maidir le ceisteanna faoi phinsean.

## Taisteal agus Siamsaíocht Oifigiúil

9.3 Ba chóir do BOO a bheith ar an eolas faoin ngá barainneacht agus éifeachtacht a bhaint amach maidir le caiteachas ar thaisteal agus siamsaíocht oifigiúil.

9.4 Ba chóir do BOO glacadh agus cloí leis na himlitreacha/ treoracha a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó an Roinn Oideachais agus Scileanna ó am go chéile maidir le taisteal agus cothabháil, taisteal thar lear agus siamsaíocht oifigiúil san áireamh.

9.5 Ba chóir do BOO polasaí taistil a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Tá teimpléad le haghaidh polasaí taistil ar fáil ag Aguisín 8.

9.6 Siamsaíocht Oifigiúil: In imlitir 25/2000 na Roinne Airgeadais: Siamsaíocht Oifigiúil leagtar amach na lamháltais siamsaíochta, na teorainneacha ar chaiteachas ar shiamsaíocht oifigiúil agus na huimhreacha is féidir glacadh leo ag ócáid ar bith (ag brath ar ghrád nó ar phost an óstaigh).

# 10. Seirbhís Custaiméara Ardcháilíochta

## Prionsabal

Ina gcuid pléite leis an bpobal ba chóir do BOO cairt chustaiméirí a fhoilsiú ina mínítear cineál agus cáilíocht na seirbhíse a bhféadann foghlaimeoirí agus luchtanna leasa eile a bheith ag súil leo.

## Forálacha an Chóid

10.1 **Timthriall na Cairte Custaiméirí:** Is é atá i gceist le timthriall ceithre chéime na cairte custaiméirí;

- Dul i gcomhairle le custaiméirí / luchtanna leasa;
- Tiomantas do chaighdeáin seirbhíse;
- Measúnú feidhmíochta; agus
- Tuairisciú ar thorthaí.

10.2 **Taispeáint agus Inneachar:** Ba chóir cairteanna custaiméirí a thaispeáint go feiceálach (ar shuímh ghréasáin agus i bpointí seirbhíse). Ba chóir go gcuirfí in iúl ar an gcairt tiomantas an BOO do sheirbhísí a sholáthar dá chuid custaiméirí de réir dhá phrionsabal déag na Seirbhíse Custaiméirí Ardcháilíochta do Chustaiméirí agus Cliaint na Seirbhíse Poiblí (féach Aguisín 6). Ba chóir go leagfaí síos sa chairt chustaiméirí caighdeáin seirbhíse i dteanga shimplí shoiléir agus ba chóir custaiméirí a chur ar an eolas faoi shásraí teagmhála agus aiseolais.

10.3 **Plean Gníomhaíochta Custaiméirí:** Ba chóir go dtacófaí le cairt chustaiméirí trí phlean gníomhaíochta custaiméirí ina mínítear go mionsonraithe conas a dhéanfaidh an BOO na gealltanais agus na caighdeáin atá leagtha amach sa chairt chustaiméirí mar aon le feabhsuithe eile ar sheirbhís chustaiméirí, a sheachadadh agus a mheas.

10.4 **Cairteanna Custaiméirí agus Pleananna Gníomhaíochta Custaiméirí:** Ba chóir cairteanna custaiméirí agus pleananna gníomhaíochta custaiméirí a dhéanamh sa phróiseas céanna. Ba chóir róil leithleacha comhlántacha a bheith acu. Doiciméad gearr soléite is ea an chairt chustaiméirí. Feidhmíonn sé mar ghealltanas poiblí don gcustaiméir faoin leibhéal seirbhíse is féidir leo a bheith ag súil léi ón mBOO. Is é atá sa phlean gníomhaíochta custaiméirí doiciméad níos mionsonraithe ina mínítear conas a dhéanann an BOO gealltanais na cairte custaiméara a sheachadadh agus a mheas. Ba chóir an creat ama céanna a bheith ag an ndá doiciméad, (is é sin, 3 bliana, más féidir). Tá Prionsabail Seirbhís Chustaiméirí Ardcháilíochta do chustaiméirí agus cliaint BOO leagtha amach in Aguisín 6.

10.5 **Gearáin**

D'fhéadfadh gach eagraíocht seachadadh seirbhíse a bheith faoi réir gearán ag leibhéil an oifigigh agus na heagraíochta araon. D'fhéadfaidís siúd a bheith bainteach le cáilíocht na seirbhíse féin nó leis an tslí inar seachadadh an tseirbhís. Is féidir an réimse do mhíshástacht custaiméara a laghdú trí eolas cuí a chur ar fáil don gcustaiméir maidir leis an tseirbhís atá ar fáil agus trí oiliúint a chur ar an bhfoireann faoin tslí ina seachadtar an tseirbhís.

Nuair a chuireann BOO córais ar bun chun déileáil le míshástacht custaiméirí ba chóir dóibh a chinntiú go ndéileáiltear le gach gearán go hoibiachtúil agus ar shlí seasmhach oscailte cóir.

Ar roinnt gnéithe ar chóir a chur san áireamh sna córais Tuairimí/Gearáin áirítear;

- ba chóir eolas faoi nósanna imeachta gearáin ar bheith ar fáil saor in aisce don bpobal ag gach pointe seachadadh seirbhíse agus ba chóir d'eagraíochtaí iad a scaipeadh.
- ba chóir nósanna imeachta gearáin a bheith simplí agus ba chóir teacht a bheith orthu go saoráideach ag custaiméirí agus cliaint saor in aisce más féidir in aon chor;
- ba chóir gach gearán a sheoladh chuig oifigeach ainmnithe de ghrád cuí agus ba chóir don oifigeach admháil a sheoladh.
- ba chóir oiliúint chuí a chur ar fáil do gach ball foirne a phléann le gearáin;
- ba chóir déileáil le gearáin a luaithe agus is féidir agus ba chóir an custaiméir a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn;
- ba chóir nósanna imeachta gearáin a athbhreithniú go rialta; agus
- ba chóir forálacha a dhéanamh maidir le earráidí a cheartú gan mhoill agus, más gá, cúiteamh cuí a dhéanamh don ngearánaí.

# Aguisíní

Is teimpléid iad cuid de na haguisíní leis an gCód seo mar eolas do na BOO. Ba chóir polasaí a chumadh ag leibhéal BOO de réir na dteimpléad seo i gcomhair a n-úsáide ag an mBOO.

## Aguisín 1: Feidhmeanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Tá feidhmeanna ginearálta Boird Oideachais agus Oiliúna leagtha amach in Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. De réir Ailt 11 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 cuirtear ar chumas an Aire Oideachais agus Scileanna feidhmeanna breise a bhronnadh ar bhord oideachais agus oiliúna. Atairgtear Alt 10 anseo thíos chun tagairtí a éascú.

10.—(1) Is iad feidhmeanna ginearálta boird oideachais agus oiliúna—

*(a)* scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,

*(b)* nuair a ordóidh an tAire dó déanamh amhlaidh faoi alt 20—

(i) scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,

(ii) lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,

(iii) lárionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus

(iv) saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú ina limistéar feidhme,

*(c)* oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis an gcéanna a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, agus soláthar an chéanna a athbhreithniú ina limistéar feidhme—

(i) i scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,

(ii) i saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,

(iii) i scoileanna coinneála leanaí,

(iv) i bpríosúin, agus

(v) i saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,

*(d)* socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh de réir ailt 22,

*(e)* scoláireachtaí a bhunú de réir *ailt 24* ,

*(f)* ráiteas straitéise a ghlacadh de réir *ailt 27* ,

*(g)* plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir *ailt 47* ,

*(h)* comhoibriú le haon chomhlacht a bheidh ainmnithe chun na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí faoi *ailt 52* a chur i gcrích,

*(i)* oideachas agus oiliúint a sholáthar ar iarraidh ó aon chomhlacht, agus thar ceann aon chomhlacht, a dhéanann oiliúint a mhaoiniú as airgead arna sholáthar don chomhlacht sin ag an Oireachtas,

*(j)* tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre ógra ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus

*(k)* measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

(2) Déanfaidh bord oideachais agus oiliúna, i gcás gur cuí leis é le linn dó a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, dul i gcomhairle—

*(a)* le boird bhainistíochta scoileanna aitheanta arna gcothabháil aige,

*(b)* le daoine a bhíonn ag comhlíonadh feidhmeanna atá comhchosúil, nó comhchosúil go substaintiúil, le feidhmeanna arna bhfeidhmiú ag boird bhainistíochta dá dtagraítear i mír *(a)*, i ndáil leis an nithe seo a leanas—

(i) lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,

(ii) saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige, nó

(iii) scoileanna coinneála leanaí, príosúin, saoráidí oideachais nó oiliúna nó saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile ina soláthraíonn an bord oideachas nó oiliúint,

*(c)* le mic léinn scoileanna aitheanta nó lárionad oideachais arna gcothabháil aige,

*(d)* le foghlaimeoirí i scoileanna coinneála leanaí, i bpríosúin, i saoráidí oideachais nó oiliúna nó i saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile ina soláthraíonn an bord oideachas nó oiliúint,

*(e)* le tuismitheoirí mac léinn dá dtagraítear i mír (c) agus tuismitheoirí foghlaimeoirí dá dtagraítear i mír (d) i gcás nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe ag na mic léinn nó ag na foghlaimeoirí,

*(f)* le comhaltaí dá fhoireann,

*(g)* le comhlachtaí atá ionadaitheach do na hearnálacha gnó, tionscail agus fostóirí,

*(h)* le daoine a bhfuil spéis ar leith acu in oideachas agus oiliúint, nó a bhfuil eolas ar leith acu

maidir le hoideachas agus oiliúint, a sholáthraítear i scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige, nó i saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige, agus

*(i)* le haon duine eile a measfaidh sé gur dócha go ndéanfaidh comhlíonadh a fheidhmeanna difear dó nó di.

(3) Beidh ag bord oideachais agus oiliúna na cumhachtaí go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Tabharfaidh bord oideachais agus oiliúna aird ar bheartas an Rialtais a mhéid a d'fhéadfadh an beartas difear a dhéanamh d'fheidhmeanna an bhoird nó baint a bheith aige leo agus comhlíonfaidh sé aon ordachán i dtaobh beartais a dtabharfaidh an tAire fógra don bhord ina leith ó am go ham.

(5) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann na nithe seo a leanas a dhéanamh—

*(a)* uiríll a dhéanamh thar ceann boird oideachais agus oiliúna maidir lena fheidhmeanna,

*(b)* suirbhéanna a sheoladh maidir le faisnéis arna lorg ag an Aire maidir le comhlíonadh feidhmeanna ag boird oideachais agus oiliúna, agus

*(c)* cibé cabhair a thabhairt do bhord oideachais agus oiliúna a mheasfaidh an tAire is gá chun go ndéanfaidh a bord a fheidhmeanna a chomhall go héifeachtach.

(6) San alt seo, tá le "obair ógra" an bhrí chéanna atá leis san Acht um Obair Ógra, 2001.

## Aguisín 2: Feidhmeanna Forchoimeádta Baill an Bhoird

**An Príomh-Acht**

1. Feidhmíonn Boird Oideachais agus Oiliúna de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 (an tAcht).

2. Is iad feidhmeanna an bhoird feidhmeanna feidhmiúcháin nó feidhmeanna forchoimeádta. Is é an Príomhfheidhmeannach a thugann faoi na feidhmeanna feidhmiúcháin agus is é an Bord a thugann faoi na feidhmeanna forchoimeádta.

3. Tá na feidhmeanna forchoimeádta leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht agus déantar achoimre orthu mar seo a leanas:

| | Feidhm | Alt den Acht | Gá le toiliú an Aire |
|---|---|---|---|
| 1 | Iarratas ar an Aire ainm a shonrú, lena bhféadfadh an bord a thabhairt de thuairisc air féin chun críocha oibríochta | 9 (3) | Tá |
| 2 | Príomhfheidhmeannach a cheapadh | 14 | Tá |
| 3 | Príomhfheidhmeannach a chur ar fionraí | 17 | Tá |
| 4 | Scoláireacht a bhunú | 24 | Tá |
| 5 | Tuairim a thabhairt maidir leis na daoine nach mór don Phríomhfheidhmeannach dul i gcomhairle leo agus ráiteas straitéise á ullmhú. | 27(4)(h) | Níl |
| 6 | Ráiteas straitéise a ghlacadh | 27(6) | Níl |
| 7 | Tuarascáil bhliantúil a ghlacadh | 28 | Níl |
| 8 | Bronntanais a ghlacadh nó gníomhú mar iontaobhaí | 29 | Tá |
| 9 | Cinneadh údarás a thabhairt do chomhalta freastal ar chomhdháil, seimineár, cruinniú nó imeacht | 38 | Níl, ach faoi réir rialachán a dhéanann an tAire |
| 10 | Maidir le coistí BOO<br>(i) coiste a bhunú nó deireadh a chur le coiste<br><br>(ii) an cinneadh maidir leis na téarmaí tagartha agus nósanna imeachta an Choiste a rialáil<br><br>(iii) comhalta (an cathaoirleach san áireamh) a cheapadh in oifig nó a bhaint as oifig de Choiste, agus<br><br>(iv) gníomh den choiste a dheimhniú | 44 | Níl, ach d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir treorach ón Aire. |
| 11 | Maidir le coiste airgeadais | 45 | Níl, ach d'fhéadfadh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:<br><br>(i) bunú na gcoistí sin<br><br>(ii) comhalta (an cathaoirleach san áireamh) a cheapadh in oifig nó a bhaint as oifig de na coistí sin, agus<br><br>(iii) tuairisc a fháil a d'ullmhaigh gach ceann de na coistí sin agus an cinneadh maidir leis an gníomh ba chóir a dhéanamh (más ann) mar thoradh ar na torthaí de thuairisc den tsórt sin; | | sé a bheith faoi réir treorach ón Aire. |
| 12 | Plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh | 47 | Níl |
| 13 | Cumhachtaí chun iasacht airgid a fháil | 49 | Tá |
| 14 | Na Cuntais a choimeád | 51 | Níl |
| 15 | Talamh, nó aon leas i dtalamh, a fháil, a shealbhú nó a dhiúscairt | 53 | Faoi réir rialachán a dhéanann an tAire |

**Aguisín 3: Sceidil 3 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013**

## SCEIDEAL 3

## Boird Oideachais agus Oiliúna

*Alt 9* .

1. (1) Beidh bord oideachais agus oiliúna ina chomhlacht corpraithe agus comharbas suthain agus séala oifigiúil aige agus beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha faoina ainm corpraithe agus, faoi réir *alt 53* agus faoi réir aon rialacháin a dhéanfar faoin alt sin, le toiliú an Aire, beidh cumhacht aige talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus beidh cumhacht aige aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(2) Fíordheimhneofar séala boird oideachais agus oiliúna—

*(a)* le síniú an chathaoirligh agus le síniú comhalta d'fhoireann an bhoird arna údarú nó arna húdarú i scríbhinn ag an mbord chuige sin, nó

*(b)* le síniú an phríomhfheidhmeannaigh agus le síniú comhalta d'fhoireann an bhoird arna údarú nó arna húdarú i scríbhinn ag an mbord chuige sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an bhoird agus glacfar i bhfianaise aon doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an bord agus a bheith séalaithe le séala an bhoird agus measfar, mura suífear a mhalairt, gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais.

2. (1) Faoi réir fhorálacha na míre seo agus alt 31 tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe, ag cibé trathanna, agus i cibé áiteanna is cuí leis.

(2) Tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cruinniú amháin ar a laghad gach 2 mhí seachas míonna Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.

(3) Tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cruinniú amháin ar a laghad le linn na tréimhse dar tosach an 1ú lá d'Iúil agus dar críoch an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain.

3. (1) Toghfaidh gach bord oideachais agus oiliúna duine dá chomhaltaí chun bheith mar chathaoirleach ar an mbord sin.
(2) Aon uair a thiocfaidh oifig chathaoirligh boird oideachais agus oiliúna chun bheith folamh mar gheall ar an gcathaoirleach d'fháil bháis, d'éirí as nó do theacht chun bheith dhícháilithe, déanfaidh an bord sin, ag an gcéad chruinniú eile tar éis don fholúntas tarlú, duine dá chomhaltaí a thoghadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mbord sin.
(3) Gach duine a thoghtar chun bheith mar chathaoirleach ar bhord oideachais agus oiliúna, beidh sé nó sí i seilbh oifige mar chathaoirleach den sórt sin, mura túisce a gheobhaidh sé nó sí bás, a éireoidh sé nó sí as nó a thiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe, nuair a thosóidh an chéad chruinniú iarthoghcháin eile den bhord sin tar éis an chruinnithe ag a dtoghtar é nó í amhlaidh.

(4) Féadfaidh cathaoirleach boird oideachais agus oiliúna éirí as oifig aon tráth trí litir a bheidh dírithe chuig an bpríomhfheidhmeannach agus beidh éifeacht le gach éirí as den sórt sin, mura dtarraingeofar siar é roimhe sin i scríbhinn, nuair a thosóidh an chéad chruinniú eile den bhord sin a thionólfar tar éis don chathaoirleach an t-éirí as sin a fháil.

(5) Aon uair a scoirfidh cathaoirleach boird oideachais agus oiliúna de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den bhord sin le linn a thréimhse nó a tréimhse oifige mar chathaoirleach den sórt sin, scoirfidh sé nó sí freisin de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mbord.

(6) Aon uair a tharlóidh, le linn cathaoirleach boird oideachais agus oiliúna a bheith á thoghadh nó á toghadh, gur comhionann an líon vótaí do 2 dhuine nó níos mó, cinnfear trí chrannchur cé acu de na daoine sin a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach.

4. (1) Féadfaidh bord oideachais agus oiliúna aon tráth, más cuí leis déanamh amhlaidh, duine dá chomhaltaí a thoghadh mar leas- chathaoirleach ar an mbord oideachais agus oiliúna sin.

(2) Maidir leis na forálacha den Acht seo a bhfuil feidhm acu maidir le cathaoirleach boird oideachais agus oiliúna, beidh feidhm acu maidir le haon leas-chathaoirleach ar an mbord le linn dó nó di a bheith ag gníomhú mar chathaoirleach ar an modh céanna ar a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcathaoirleach sin.

5. (1) 12 is córam do chruinniú de bhord oideachais agus oiliúna.
(2) Ag cruinniú de bhord oideachais agus oiliúna:

*(a)* is é nó is í cathaoirleach an bhoird sin, má tá sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú;

*(b)* mura mbeidh cathaoirleach an bhoird sin i láthair nó má tá oifig an chathaoirligh folamh, is é nó is í leaschathaoirleach an bhoird sin (más ann), má tá sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú;

*(c)* mura mbeidh cathaoirleach an bhoird sin i láthair nó má tá oifig an chathaoirligh folamh, agus mura mbeidh aon leaschathaoirleach ar an mbord sin nó mura mbeidh an leaschathaoirleach i láthair, roghnóidh na comhaltaí den bhord a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(3) Déanfar gach ceist ag cruinniú de bhord oideachais agus oiliúna a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist, agus i gcás comhionannas vótaí, tabharfar an dara vóta nó vóta réitigh do chathaoirleach an chruinnithe ach amháin nuair is toghadh chathaoirleach an bhoird a bheidh sa cheist.

(4) Faoi réir *fhomhír (1),* féadfaidh bord oideachais agus oiliúna gníomhú d'ainneoin folúntas nó folúntais i measc a chomhaltaí.

(5) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, rialálfaidh gach bord oideachais agus oiliúna, le buanorduithe nó ar shlí eile, an nós imeachta a bheidh le leanúint agus an gnó a bheidh le déanamh ag a chruinnithe.

6. Faoi réir *mhír 5(1),* ní dhéanfar gníomhartha, breitheanna ná imeachtaí de chuid bord oideachais agus oiliúna a chur ó bhail de bhíthin amháin go bhfuil folúntas nó folúntais ina chomhaltas nó go bhfuil dícháilíocht nó easpa cáilíochta ag duine dá chomhaltaí.

7. Aon uair a ligfear cruinniú de bhord oideachais agus oiliúna ar lár toisc gan córam a bheith ar fáil, déanfar ainmneacha na gcomhaltaí sin a bhí ag freastal an tráth agus san áit a bhí ceaptha le haghaidh an chruinnithe sin a thaifeadadh agus measfar, chun gach críoch, gur fhreastail siad ar chruinniú a bhí comhdhéanta go cuí.

8. (1) Tá sé de cheart ag príomhfheidhmeannach boird oideachais agus oiliúna, i ndáil le cruinnithe den bhord sin—

*(a)* freastal ar na cruinnithe sin agus labhairt ag na cruinnithe sin, agus

*(b)* páirt a ghlacadh ina phléití,

ach ní bheidh sé nó sí i dteideal vótáil ar aon cheist a chinnfear le vóta chomhaltaí an bhoird sin.

(2) A mhéid nach mbeidh sé ar neamhréir le comhlíonadh cuí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna ag an bpríomhfheidhmeannach, freastalóidh sé nó sí ar aon chruinniú den bhord i gcás go n-iarrtar air nó uirthi freastal.

9. (1) Cinnteoidh gach bord oideachais agus oiliúna go n-ullmhófar miontuairiscí gach cruinnithe den bhord.

(2) Déanfar miontuairiscí cruinnithe a chur faoi bhráid an bhoird lena ndaingniú mar thaifead beacht ag an gcéad chruinniú eile den bhord.

(3) Nuair a bheidh miontuairiscí cruinnithe daingnithe, fara leasú nó gan leasú, déanfaidh an duine atá i gceannas ar an gcruinniú ag ar cuireadh iad faoina bhráid lena ndaingniú iad a shíniú.

(4) Coimeádfaidh gach bord oideachais agus oiliúna na cláir agus na taifid sin go léir a fhorordófar agus beidh na cláir agus na taifid sin go léir ar fáil lena n-iniúchadh gach tráth réasúnach ag duine a bheidh údaraithe ag an Aire chun na críche sin.

(5)Déanfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cibé tuarascálacha agus tuairisceáin a thabhairt don Aire, agus tabharfaidh sé cibé faisnéis don Aire, a iarrfaidh sé nó sí ó am go ham.

10. (1) Beidh feidhm ag *fomhír (2)* maidir le cruinniú de bhord oideachais agus oiliúna i gcás go n-eascróidh aon cheann de na nithe seo a leanas, eadhon—

*(a)* socrú ar páirtí ann an bord,

*(b)* socrú a mbeartaíonn an bord a bheith ina pháirtí ann,

*(c)* conradh nó comhaontú eile leis an mbord, nó

*(d)* conradh beartaithe nó comhaontú beartaithe eile leis an mbord.

(2) Maidir le haon chomhalta den bhord a bheidh i láthair ag an gcruinniú dá dtagraítear i bhfomhír (1) agus a bhfuil leas airgid nó leas tairbhiúil eile aige nó aici sa ní lena mbaineann, nó atá ábhartha i leith an ní—

*(a)* nochtfaidh sé nó sí don bhord ag an gcruinniú go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa,

*(b)* ní imreoidh sé nó sí tionchar (ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt) ar bhreith atá le tabhairt i ndáil leis an ní,

*(c)* fanfaidh sé nó sí as láthair ón gcruinniú nó ón gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléitear an ní,

*(d)* ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh an bord i ndáil leis an ní, agus

*(e)* ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(3) I gcás go nochtfar leas de bhun na míre seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag déileáil leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an comhalta den bhord a dhéanann an nochtadh sa chóram don chruinniú.

(4) I gcás go n-eascróidh ceist ag cruinniú den bhord i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag comhalta den bhord, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fhomhír (2)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe, faoi réir *fhomhír (5),* an cheist a chinneadh, agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an chathaoirligh, agus i gcás go gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(5) Más rud é, ag cruinniú den bhord, gurb é nó í cathaoirleach an chruinnithe an comhalta a mbeidh ceist lena mbaineann *fomhír (4)* le cinneadh ina leith, ansin beidh—

*(a)* leaschathaoirleach (más ann) an bhoird, nó

*(b)* murab ann do leaschathaoirleach ar an mbord, nó mura mbeidh an leaschathaoirleach i láthair, cibé comhalta eile den bhord a roghnóidh na comhaltaí eile den bhord a bheidh ag freastal ar an gcruinniú, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú chun an cheist lena mbaineann a chinneadh.

11. Bainfidh *mír 13* le comhalta de choiste arna bhunú faoi *alt 44* nó *45* i gcás nach comhalta de bhord oideachais agus oiliúna freisin an comhalta agus chun críocha na feidhme sin—

*(a)* forléireofar aon tagairt do chomhalta de bhord oideachais agus oiliúna mar thagairt do chomhalta den choiste, agus

*(b)* forléireofar aon tagairt do bhord oideachais agus oiliúna mar thagairt don choiste.

12. (1) Más rud é, maidir le haon chomhalta d'fhoireann boird oideachais agus oiliúna, go bhfuil aige nó aici, ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin, leas airgid nó leas tairbhiúil eile in aon chonradh, comhaontú nó socrú, nó in aon chonradh, comhaontú nó socrú beartaithe, nó leas atá ábhartha i leith an chéanna, ar páirtí ann an bord, maidir leis an duine sin—

*(a)* nochtfaidh sé nó sí don bhord go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa,

*(b)* ní ghlacfaidh sé nó sí sin aon pháirt i gcaibidlí an chonartha, an chomhaontaithe nó an tsocraithe ná in aon bhreithniú ag an mbord nó ag comhaltaí d'fhoireann an bhoird nó an choiste, de réir mar a bheidh, i ndáil leis an gcéanna, nó

*(c)* ní imreoidh sé nó sí tionchar ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt ar bhreith a bheidh le déanamh, ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh, i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.

(2) Ní fholaíonn tagairt do chonradh i *bhfomhír (1)* tagairt do chonradh fostaíochta nó do chonradh fostaíochta beartaithe de chuid comhalta d'fhoireann an bhoird oideachais agus oiliúna.

13. (1) Ní nochtfaidh duine faisnéis faoi rún a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di feidhmeanna a chomhlíonadh—

*(a)* mar chomhalta de bhord oideachais agus oiliúna nó mar chomhalta d'fhoireann boird

oideachais agus oiliúna nó mar chomhairleoir nó sainchomhairleoir do bhord oideachais agus oiliúna, nó mar chomhalta d'fhoireann comhairleora nó sainchomhairleora den sórt sin, nó

(b) mar chomhalta de choiste arna bhunú faoi alt 44 nó 45,

mura mbeidh sé nó sí údaraithe ag an mbord chun déanamh amhlaidh.

(2) Aon duine a sháraíonn *fomhír (1),* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Ní choiscfidh aon ní sa mhír seo nochtadh faisnéise—

*(a)* i dtuarascáil arna tabhairt do bhord oideachais agus oiliúna,

*(b)* ag an mbord nó thar ceann an bhoird don Aire,

*(c)* ag comhalta de bhord oideachais agus oiliúna don Aire, nó

(d) ag duine sna himthosca dá dtagraítear in alt 35(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

(4) Sa mhír seo, folaíonn "faisnéis faoi rún"—

*(a)* faisnéis a mbeidh sé ráite ag an mbord oideachais agus oiliúna ina leith go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe, agus

*(b)* tograí de chineál tráchtála nó tairiscintí a bheidh curtha faoi bhráid boird oideachais agus oiliúna ag conraitheoirí, sainchomhairleoirí nó aon duine eile.

**Aguisín 4: Reachtaíocht eile a bhaineann le Boird Oideachais agus Oiliúna**

Tá liosta de reachtaíocht, seachas an príomh-acht, a imríonn tionchar díreach ar obair an BOO anseo thíos. Ní mhaítear gur liosta cuimsitheach é an liosta seo.

Tá raon leathan d'fhoráil reachtach sna réimsí riaracháin phoiblí, dlí conarthaí, dlí fostaíochta agus i réimsí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na mbord oideachais agus oiliúna. Sa reachtaíocht atá ar an liosta thíos tá na forálacha reachtacha is tábhachtaí agus ní mhaítear gur liosta cuimsitheach atá ann.

Tá an téacs sna hachtanna seo, agus achtanna eile, ar fáil ag http://www.irishstatutebook.ie.

**Achtanna oideachais gaolmhara:**

An tAcht Oideachais, 1998
An tAcht Oideachais (Leas), 2000
Na hAchtanna um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu 2004
An tAcht um Cháilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999
An tAcht um Obair Ógra, 2001
An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001
An tAcht um Breisoideachais agus Oiliúint 2013

**Achtanna a mbíonn impleachtaí díreacha acu do Bhoird Oideachais agus Oiliúna:**

An tAcht um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995
An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
Acht na Leanaí, 2001
Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2003
Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018
Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997-2014
Na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004
Na hAchtanna um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2013
An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014
Na hAchtanna Ombudsman 1980-2012

**Reachtaíocht Fostaíochta – rogha:**

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (& Bille, 2004)
An tAcht um Stádas Comhionann, 2000
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair ar Théarma Seasta), 2003
An tAcht um Chosaint Mháithreachais (Leasú), 2004
An Bille um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2004

**Reachtaíocht eile atá bainteach le Boird Oideachais agus Oiliúna:**

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967-1991
An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2001
An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 & Rialacháin ghaolmhara
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990
An tAcht um Íoc Pá, 1991
An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994
An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Eolas), 1994
An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995
An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1996
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1997-1993
An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998

An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001
Na hAchtanna Airgeadais, blianta éagsúla
Acht na gCarthanas 2001
An tAcht Eadrána, 2017

**Reachtaíocht Aoisliúntais:**

An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012
Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015 (IR 290 de 2015)
Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí Boird Oideachais agus Oiliúna 2015 (IR 292 de 2015)
Scéim (Aoisliúntais) (Comhdhlúthaithe) Rialtais Áitiúil, 1998. I.R. Uimh. 455/1998 -
Scéim Aoisliúntais An Foras Áiseanna Saothair 1998 - I.R. Uimh. 514/1998
Scéim Aoisliúntais An Foras Áiseanna Saothair (Dúnta) 1998- I.R. Uimh. 515/1998
Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí FÁS 2008 - I.R. 403 de 2008
Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí An Foras Áiseanna Saothair (Dúnta) I.R. 420 de 2009
An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 (Uimh.7 de 2004)

**Aguisín 5: Eitic agus Caighdeáin in Oifigí Poiblí**

**Oibleagáidí faoin reachtaíocht Eitice**

Ní mór dóibh siúd uile a bhfuil seilbh acu ar stiúrthóireachtaí[1] nó a bhfuil seilbh acu i bpoist fostaíochta ainmnithe[2] i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe ag na rialacháin chun críche na reachtaíochta eitice (i.e. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001) cloí leis na forálacha ábhartha den reachtaíocht. Meastar gurb é coinníoll ceapacháin nó fostaíochta na hAchtanna um Eitic a gcomhlíonadh. Mar eolas a thugtar an achoimre thíos ach tá treoirlínte mionsonraithe maidir le géilliúlacht leis na hAchtanna Eitice foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí (Coimisiún na gCaighdeáin) ar a suíomh gréasáin. http://www.sipo.gov.ie.

Tá d'oibleagáid ar gach duine a bhfuil oibleagáidí orthu de réir na nAchtanna gníomhú de réir na dtreoirlínte agus comhairle ar bith ó Choimisiún na gCaighdeán ach amháin dá sáróidís foráil eile na reachtaíochta dá ndéanfaidís amhlaidh.

**Nochtadh Leas Inchláraithe**

San Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 déantar foráil go ndéanann sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus sealbhóirí de phoist fostaíochta ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí leasanna inchláraithe a nochtadh atá forordaithe chun críche na reachtaíochta Eitice.

Téann na riachtanais i gcion ar stiúrthóirí ainmnithe agus ar phoist fostaíochta ainmnithe:

**Stiúrthóirí Ainmnithe**

I ngach bliain, ina bhfuil nó ina raibh stiúrthóireacht ainmnithe de chomhlacht poiblí, atá forordaithe ag rialacháin atá déanta ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar seilbh acu le linn aon chuid di, éilítear ar stiúrthóirí ainmnithe ráiteas i scríbhinn a ullmhú agus a chur ar fáil, i bhfoirm a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir lena leasanna inchláraithe, agus na leasanna, den duine a bhfuil an t-eolas iarbhír aige nó aici ina dtaobh, dá chéile nó dá céile nó leanbh den duine nó dá chéile nó dá céile, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an duine i gcomhlíonadh nó i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna oifigiúla an duine toisc go bhféadfadh an comhlíonadh sin difear a dhéanamh do na leasanna sin sa chaoi go ndéanfaí sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don leanbh nó a choimeád siar ón gcéanna. Ní mór an ráiteas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (Coimisiún na gCaighdeán) agus dá leithéid oifigigh den chomhlacht mar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Áit nach bhfuil aon leas nó leasanna inchláraithe ann, ba chóir ráiteas 'neamhní' a dhéanamh.

---

[1] Is baill na mBOO iad stiúrthóirí ainmnithe i mBOO

[2] Poist fostaíochta ainmnithe i mBOO (Samhain 2013)

- Príomhfheidhmeannach
- Stiúrthóir Scoileanna
- Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta
- Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna
- Oifigeach Oideachas Aosach;
- Oifigeach Pearsanra;
- Oifigeach Foirgneamh;
- Príomhoide Scoile;
- Bainisteoir Ionad Oideachais agus Oiliúna;
- Gach post den uastuarastal nach bhfuil níos lú ná an t-uastuarastal d'oifigeach de Ghrád VII a bhfuil baint aige nó aici le soláthar, deontais agus scoláireachtaí (poist teagaisc san áireamh);
- Gach post eile ina leith den uastuarastal nach bhfuil níos lú ná an t-uastuarastal de phríomhoifigeach (gnáthghrád seirbhíse Aicme B ÁSPC) sa Státseirbhís.

Is faoi gach BOO a bheith ar an eolas faoi na poist fostaíochta ainmnithe is mó atá suas chun dáta.

**Poist Fostaíochta Ainmnithe**

I ngach bliain, ina bhfuil nó ina raibh post fostaíochta ainmnithe de chomhlacht poiblí, atá forordaithe ag rialacháin atá déanta ag an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar seilbh acu le linn aon chuid di, éilítear ar na daoine i bpoist fostaíochta ainmnithe ráiteas i scríbhinn a ullmhú agus a chur ar fáil, i bhfoirm a shocraíonn an tAire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir lena leasanna inchláraithe, agus na leasanna, den duine a bhfuil an t-eolas iarbhír aige nó aici ina dtaobh, dá chéile nó dá céile nó leanbh den duine nó dá chéile nó dá céile, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an duine i gcomhlíonadh nó i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna oifigiúla an duine toisc go bhféadfadh an comhlíonadh sin difear a dhéanamh do na leasanna sin sa chaoi go ndéanfaí sochar substaintiúil a thabhairt don duine nó don chéile nó don leanbh nó a choimeád siar ón gcéanna. Ní mór an ráiteas a chur ar fáil don údarás cuí don phost mar a shocraíonn an tAire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Áit nach bhfuil aon leas nó leasanna inchláraithe ann, ba chóir ráiteas 'neamhní' a dhéanamh.

**Leasanna Ábhartha**

Ní mór do dhuine a bhfuil stiúrthóireacht ainmnithe ar seilbh aige nó aici nó sealbhóir poist fostaíochta ainmnithe ráiteas faoi leas ábhartha a chur ar fáil má tá feidhm le bheith á comhlíonadh, agus áit a bhfuil leas ábhartha in ábhar lena mbaineann an fheidhm ag an stiúrthóir nó an ball foirne nó "duine atá ceangailte leis nó léi" (m.sh. gaol nó comhpháirtí gnó den stiúrthóir nó den bhall foirne). Ba chóir do stiúrthóir ainmnithe ráiteas den tsórt sin a chur ar fáil do na stiúrthóirí eile den BOO nó ba chóir do shealbhóir post fostaíochta ainmnithe é a chur ar fáil don údarás cuí.

**Oibleagáidí Imréitigh Cánach na ndaoine atá ceaptha in "oifig shinsearach"**

Baineann na forálacha imréitigh cánach den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 le daoine atá ceaptha in "oifig shinsearach", i.e. le post fostaíochta ainmnithe nó le stiúrthóireacht ainmnithe de chomhlacht poiblí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, nach lú an luach saothair i ndáil leis nó léi ná an luach saothair is lú i ndáil le post Leas-Ardrúnaí sa Státseirbhís.

Ní mór do dhuine a cheaptar in "oifig shinsearach" na nithe seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis an dáta a ceapadh é nó í:

- deimhniú imréitigh cánach atá i bhfeidhm a eisíodh chuig an duine tráth nach luaithe ná naoi mí roimh an dáta a ceapadh é nó í, agus tráth nach déanaí ná naoi mí ina dhiaidh; nó
- ráiteas iarratais a eisíodh chuig an duine agus a rinneadh tráth nach luaithe ná naoi mí roimh an dáta a ceapadh é nó í, agus tráth nach déanaí ná naoi mí ina dhiaidh; agus
- dearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an duine tráth nach luaithe ná aon mhí amháin roimh an dáta a ceapadh é nó í, agus tráth nach déanaí ná aon mhí amháin ina dhiaidh, lena ndearbhaítear, go ndéanann an duine, de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, na hoibleagáidí atá air nó uirthi de bhun na nAchtanna Cánach a chomhlíonadh agus nach bhfuil sé nó sí ar an eolas faoi aon ní a chuir cosc ar an Deimhniú Imréitigh Cánach a eisiúint chuige nó chuici.

Imscrúduithe

Féadfaidh stiúrthóirí agus baill foirne i gcomhlachtaí poiblí a bheith faoi réir imscrúdaithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, má mheasann sé gur cuí déanamh amhlaidh, nó tar éis gearán a fháil, nó áit ar sáraíodh na riachtanais imréitigh cánach, agus nach bhfuil aon ní a chuireann bac ar an gCoimisiún um Chaighdeáin ón gCód Cleachtais seo a chur san áireamh in imscrúdú den tsórt sin.

Eolas breise agus comhairle

Tá an t-aguisín seo á chur ar fáil mar eolas amháin agus ní léirmhíniú dlíthiúil é den Acht um Eitic. Ba chóir iarratais ar chomhairle maidir le comhlíonadh a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Foilsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin na "Treoirlínte um Chomhlíonadh na bhForálacha de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 – Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí" a chuireann eolas ar fáil maidir leis na céimeanna nach mór d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá clúdaithe faoin reachtaíocht um Eitic d'fhonn riachtanais na reachtaíochta a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin tá na stiúrthóireachtaí ainmnithe agus na poist fostaíochta ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí, mar atá forordaithe chun críche na reachtaíochta um Eitic, na foirmeacha le ráitis leasanna inchláraithe a ullmhú agus na ráitis 'neamhní', agus sonraí d'oifigigh an chomhlachta agus na húdaráis chuí nach mór ráitis den tsórt sin a chur chucu curtha ar fáil i "Treoirlínte" an Choimisiúin um Chaighdeáin, atá ar fáil ar a shuíomh gréasáin: http://www.sipo.gov.ie.

**Aguisín 6: Prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaméirí le haghaidh custaiméirí agus cliant na mBOO**

Lasmuigh de bheith ag coinneáil na ngealltanas agus na gcaighdeán atá leagtha amach sa chairt chustaiméirí déanfaidh BOO na nithe seo a leanas:

- **Ardchaighdeáin Seirbhíse**
  Ráiteas a fhoilsiú a thugann breac-chuntas ar an gcineál agus ar an gcaighdeán seirbhíse a mbeadh foghlaimeoirí/custaiméirí ag súil leis agus é a thaispeáint go feiceálach ag an bpointe seirbhíse seachadta.

- **Comhionannas/Éagsúlacht**
  Na cearta le caitheamh go cothrom le gach duine a chinntiú, a bunaíodh tríd an reachtaíocht comhionannais, agus freastal ar an éagsúlacht, le gur féidir cur leis an gciomhionannas do na grúpaí atá clúdaithe tríd an reachtaíocht comhionannais (faoi na forais inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine agus mar bhall den Phobal Taistil).

  Aithint agus obair a dhéanamh ar fháil réidh leis na bacainní le rochtain a dhéanamh ar sheirbhísí do dhaoine atá beo bocht agus eisiata go sóisialta, agus dóibh siúd a bhfuil bacainní tíreolaíocha ar sheirbhísí i ndán dóibh.

- **Rochtain Fhisiceach**
  Oifigí poiblí atá glan agus inrochtana a chur ar fáil a chinntíonn príobháideachas, a chomhlíonann na caighdeáin ghairme agus shábháilteachta agus, mar chuid de seo, rochtain do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine eile a bhfuil riachtanais speisialta acu a éascú.

- **Eolas**
  Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh le heolas a chur ar fáil atá soiléir, tráthúil agus cruinn, atá ar fáil ag gach pointe teagmhála agus a chomhlíonann riachtanais na ndaoine a bhfuil riachtanais ar leith acu.

  A chinntiú go mbaintear leas an acmhainneacht a chuireann an teicneolaíocht faisnéise ar fáil agus go leanann an t-eolas atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na Seirbhíse Poiblí na treoirlínte maidir le foilsiú a dhéanamh ar an ngréasán.

  Leanúint leis an bhfeachtas leis na rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a dhéanamh níos simplí .

- **Tráthúlacht agus Cúirtéis**
  Seirbhísí ar ardchaighdeáin a chur ar fáil le cúirtéis, íogair agus a laghad moille agus is féidir, agus cóimheas á chothú idir an soláthraí agus an custaiméir.

  Ainmneacha teagmhálaithe a thabhairt i ngach cumarsáid lena chinntiú go n- éascaítear na hidirbhearta leanúnacha.

- **Comhionannas maidir leis na Teangacha Oifigiúla**
  Seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus foghlaimeoirí/custaiméirí a chur ar an eolas faoina gceart an teanga oifigiúil amháin nó an teanga oifigiúil eile a roghnú chun gnó a dhéanamh

  **Gearáin**
  Córas chun déileáil le gearáin maidir le caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil atá i mbéal an phobail, inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid, a choimeád.

  A chinntiú go n-aithnítear baill foirne mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtacaítear go cuí leo agus go dtéitear i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna faoi sheachadadh na seirbhíse

- **Achomhairc**
  Córas foirmeálta acomhairc/athbhreithnithe do chustaiméirí nach bhfuil sásta leis na cinntí maidir le seirbhísí a choinneáil. É bheith i mbéal an phobail, inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid.

- **Comhairliúchán agus Meastóireacht**
  Cur chuige struchtúrtha a chur ar fáil maidir le comhairliúchán fiúntach leis an gcustaiméir, agus a rannpháirteachas, i dtaca le forbairt, soláthar agus athbhreithniú na seirbhísí. Meastóireacht fhiúntach a chinntiú maidir le soláthar na seirbhísí.

- **Rogha**
  Rogha a chur ar fáil, nuair is féidir, maidir le seirbhís a sholáthar lena n-áirítear modhanna íocaíochta, láthair na bpointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanna seachadta. Teicneolaíochtaí atá ar fáil agus atá ag teacht chun cinn a úsáid leis an rochtain agus rogha agus caighdeán seachadta is fearr a bhaint amach.

- **Comhordú**
  Cur chuige comhordaithe comhtháite a chothú le seirbhísí poiblí a chur ar fáil.

- **Custaiméirí Inmheánacha**
  A chinntiú go n-aithnítear fostaithe mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar an tacaíocht cheart dóibh agus go dtéitear i gcomhairle leo maidir le ceisteanna faoi sheirbhísí a sholáthar.

**Aguisín 7:**

**Imlitir 0003/2019**

**Chuig: Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Treoirlínte Dea-chleachtais agus Riachtanais maidir le:**

- **Conarthaí um Sholáthar Earraí agus/nó Seirbhísí**

- **Riachtanas um Fhaomhadh ón Roinn sula**
  - **gcuirtear Seirbhísí nach Seirbhísí Bunúsacha iad ar fáil**
  - **le haghaidh Dámhachtanaí agus Socraíochtaí Dlí agus**
  - **Gnóthaí eile.**

Is é is cuspóir don Imlitir seo forálacha na hImlitreach 39/2011 agus 15/2013 a thabhairt cothrom le dáta. Meastar iad a bheith curtha ar ceal leis seo agus meastar na forálacha seo a bheith tagtha ina n-ionad.

**Cúlra**

1. Tá rialacha agus rialachán a rialaíonn maoiniú a dhéanann an Roinn ar chaiteachas i mBOO leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil. Táthar ag súil ó BOO oibriú de réir na rialachán agus na rialacha seo.

2. San Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 leagtar amach gníomhartha áirithe nach féidir a dhéanamh gan faomhadh an Aire Oideachais agus Scileanna (m.sh. talamh a cheannach, iasacht a fháil).

3. Iarrtar ar BOO leis, go bhfuil ar BOO cead i scríbhinn a fháil ón Roinn roimh ré, sula gcuireann sé clár nó gníomhaíocht nua ar fáil:

   (a) Nach ceann dá chuid seirbhísí bunúsacha é (is é sin, soláthar bunoideachais, iarbhunoideachais, Cúrsaí Iar-AT agus breisoideachais agus oiliúna), nó

   (b) A mheasann sé a bheith ina chuid dá sheirbhísí bunúsacha nó bainteach leo ach nach bhfuil bunaithe ná á maoiniú ag an Roinn go fóill.

4. Lena chois sin leagtar amach in Imlitir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 02/16 na riachtanais ar leith a bhaineann le caiteachas TFC.

5. Ba chóir do Bhoird a chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre éifeachtacha ann sa BOO lena mbaineann d'fhonn comhlíonadh a chinntiú mar is cuí, le prionsabail, riachtanais agus treoirlínte ábhartha an Chóid um Chaitheamh Poiblí.

**Tograí a eascraíonn mar thoradh ar thabhartas**

6. Roimh dó glacadh le tabhartas réadmhaoine nó earraí chun soláthar seirbhíse a éascú ní mór do BOO measúnú iomlán a dhéanamh ar an tseirbhís mholta mar atá mínithe thuas.

7. Ní mór aird chuí a thabhairt do choinníoll ar bith a ghabhann leis an tabhartas beartaithe.

**Measúnú ar thograí ar mhaithe le sholáthar earraí agus/nó seirbhísí**

8. Roimh dó glacadh le conradh/comhaontú chun earraí agus/nó seirbhísí a sholáthar ní mór togra ar bith a mheas go mionsonraithe d'fhonn na nithe seo a leanas a dheimhniú:

- go dtéann an togra chun sochair don mBOO go soiléir;
- gur luach ar airgead é gach caiteachas ar an togra;
- Go bhfuil ar chumas an tríú páirtí na hearraí agus/nó na seirbhísí a chur ar fáil dár cuireadh faoi chonradh é;
- Go ndéantar dícheall cuí láidir maidir leis an tríú páirtí sula ndéantar conradh.

Agus an measúnú críochnaithe ba chóir meamram a ullmhú chun achoimre den measúnú agus cinneadh ina thaobh a chur leis. Ba chóir dóibh siúd an meamram a shíniú a rinne an obair agus ba chóir don bpríomhfheidhmeannach é a fhaomhadh.

**Measúnú ar thograí ar mhaithe le sholáthar seirbhísí neamh-bhunúsacha**

9. Sula lorgaítear faomhadh ón Roinn ba chóir don mBOO measúnú docht mionsonraithe a dhéanamh chun a dheimhniú:

- go dtéann an togra chun sochair don mBOO go soiléir;
- gur luach ar airgead é gach caiteachas ar an togra;
- go bhfreastalaíonn ioncam ón ngníomhaíocht ar gach costas (bainistíocht, riarachán/árachas agus cothabháil san áireamh) a thabhófar agus an ghníomhaíocht á soláthar. Ba chóir costais tosaigh, costais leanúnacha agus costais fhadtéarma (idir phá agus neamhphá) a bheith sna costais, costais a thabhaítear mar thoradh ar gealltanais soláthar foirne ar bhonn conartha a eascraíonn ón togra san áireamh.

10. Iarrtar ar phríomhfheidhmeannaigh a thabhairt faoi deara nach mór ús tarscaoilte ar mhaoiniú státchiste a bheadh i dtaisce murach í/é a bheith san áireamh i gcostas na gníomhaíochta/an chláir nua. De bhreis air seo ní mór don mBOO a chinntiú, má tá conradh le tríú páirtí i gceist:

- go bhfuil ar chumas an tríú pháirtí na hearraí agus/nó na seirbhísí a chur ar fáil dár cuireadh faoi chonradh é;
- go ndéantar dícheall cuí láidir maidir le hacmhainní airgeadais an tríú pháirtí maidir leis an gconradh a thabhairt i gcrích.

**Measúnú ar sheirbhísí neamh-bhunúsacha reatha**

11. Ba chóir measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí neamh-bhunúsacha reatha faoi mar a dhéantar measúnú ar thograí nua agus a chur in iúl don mBord agus don Roinn tríd an bPlean Seirbhíse Bliantúil.

**Tograí a chur faoi bhráid na Roinne**

12. Má chinneann an BOO ar bhonn an mheasúnaithe a rinne sé go dtéann an togra chun sochair dó go soiléir, gur luach ar airgead gach caiteachas ar an togra agus go bhfreastalóidh ioncaim a ghabhann leis ar gach costas ba chóir dó faomhadh ón Roinn a lorg má sháróidh an costas atá ar chur i ngníomh an togra €10,000. Más léir, i ndiaidh céim an mheasúnaithe ar an togra, go sáróidh togra nár lorgaíodh faomhadh ina leith costas €10,000 ba chóir do BOO faomhadh na Roinne a lorg don togra sula gcaithfear breis airgid air.

13. Ba chóir é seo a dhéanamh trí thogra i scríbhinn a chur faoi bhráid na Roinne. Beidh measúnú agus cinneadh chomh maith le réamh-mheastacháin costais le haghaidh an ghearrthéarma, meántéarma

agus fadtéarma san áireamh. Ba chóir dóibh siúd an togra a shíniú a rinne an meastachán agus ba chóir don bpríomhfheidhmeannach é a fhaomhadh agus a shíniú.

14. Ba chóir iarratais ar fhaomhadh a sheoladh chuig an rannóg den Roinn atá freagrach as an réimse cláir lena mbaineann. Mar shampla, má bhaineann an clár/gníomhaíocht bheartaithe leis an gclár ginearálta agus leis an gclár iarbhunscoile ba chóir iad a chur chuig Rannóg Airgeadais BOO. Má bhaineann sé le hiarratais maidir leis an gclár breisoideachais ba chóir iad a chur chuig an Rannóg Breisoideachais nó chuig SOLAS mar is cuí.

**Soláthar**

15. Is iad na saoránaigh agus íocóirí cánach úinéirí agus lucht infheistíochta i gComhlachtaí Stáit lena n-áirítear BOO faoi dheireadh thiar agus dá bhrí sin tá leas tábhachtach dlisteanach acu go bhfaightear luach ar airgead san earnáil Stáit. Is cuma an ag coimisiúnú seirbhísí poiblí nó iad a chur ar fáil go díreach, tá dualgas ar BOO a ndícheall a dhéanamh chun barainneacht, éifeachtúlacht, trédhearcacht agus éifeachtacht a bhaint amach ina gcuid caiteachais de réir barrchleachtais i rialachas mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna.

16. Is é an Bord atá freagrach as deimhniú dó féin go gcloíonn sé leis na riachtanais um sholáthar poiblí agus ba chóir dó a bheith go hiomlán ar an eolas faoi na tairsí luacha reatha chun rialacha soláthair, idir AE agus náisiúnta, a chur i bhfeidhm.

17. Ba chóir glaonna ar thairiscintí iomaíochta a úsáid mar ghnáth-nós imeachta i bpróiseas soláthair na mBOO. Ba chóir do bhainistíocht an BOO, agus an Bord féin ar deireadh thiar, a chinntiú go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas nuair a dhéantar ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear le polasaí agus treoirlínte soláthair.

18. Ina thaobh seo cuireann Treoracha AE agus rialacháin náisiúnta oibleagáidí dlíthiúla ar chomhlachtaí poiblí maidir le fógraíocht agus úsáid nósanna imeachta tairisceana oibiachtúla chun conarthaí os cionn tairsí luacha áirithe a bhronnadh. Fiú amháin i gcás soláthair nach bhfuil faoi réir raoin iomláin na dTreoracha AE, m. sh. roinnt seirbhísí nach seirbhísí tosaíochta iad, nó lamhháltais seirbhíse, tá rialaithe ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa nach mór cloí le prionsabail an Chonradh AE.

19. Éilíonn an Creat Náisiúnta um Pholasaí Soláthair go ndéanann gach comhlacht stáit neamh-thráchtála, BOO san áireamh, Plean Corparáideach Soláthair. Tá anailís ar chaiteachas ar sholáthar agus na struchtúir sholáthair agus cheannaigh san eagraíocht mar bhonn agus mar thaca ag an bplean. Ba chóir go gcuirfí spriocanna agus cuspóirí praiticiúla straitéiseacha sa phlean le haghaidh torthaí feabhsaithe soláthair agus ba chóir bearta oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun na spriocanna seo a bhaint amach. Tar éis rún foirmiúil a bheith glactha ag an mBord ba chóir don gCathaoirleach deimhniú sa tuairisc bhliantúil chuig an Aire Oideachais agus Scileanna go gcloítear leis an bpolasaí agus na nósanna imeachta soláthair lena mbaineann agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh Sholáthair.

20. Ní mór do BOO a chinntiú go gcloítear go hiomlán leis na riachtanais um Imréiteach Cánach atá leagtha amach in Imlitir na Roinne Airgeadais 44/06 (21 Nollaig 2006) maidir le híocaíocht deontas, fóirdheontas agus íocaíochtaí dá leithéid, agus le hImlitir na Roinne Airgeadais 43/06 maidir le Conarthaí san Earnáil Phoiblí.

21. Foilsíonn an Oifig um Sholáthar Rialtais eolas ar sholáthar agus treoir ghinearálta faoi ghnóthaí soláthair. Is féidir é seo a léamh agus a íoslódáil ón suíomh gréasáin https://ogp.gov.ie/

**Iasacht agus Léas a fháil**

22. Meabhraítear do phríomhfheidhmeannaigh nach mór don mBord faomhadh a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna sula ndéantar socruithe iasachta nó léasa ar bith a dhéantar.

**Dámhachtanaí agus Socraíochtaí Dlí**

23. **Beidh gá le faomhadh ón Roinn Oideachais agus Scileanna roimh ré i gcomhair socruithe dlí ach amháin má dhéantar éilimh i gcoinne an BOO:**

(I) Dámhachtanaí Cúirte i gcoinne an BOO agus costais a éiríonn as dámhachtana dá sórt, agus an t-éileamh á chosaint ar a thuillteanais le comhairle chuí phroifisiúnta dhlí, go ndeimhníonn an BOO dó féin agus an chéad chosaint a leagan amach acu, nach mbaineann impleachtaí níos leithne um sheirbhísí poiblí léi agus go dtéitear i gcomhairle leis na Ranna cuí Rialtais/comhlachtaí Poiblí a bhféadfadh an t-éileamh dul i bhfeidhm orthu ar son an leas poiblí níos leithne a chosaint.

(ii) Socruithe lasmuigh den gcúirt a bhfuil costas faoi bhun €50,000 orthu:

- Mura sáraíonn an socrú éileamh an ghearánaí;
- Má dheimhníonn an BOO dó féin nach n-imrítear aon tionchar ar an tseirbhís phoiblí (mar a tharlaíonn i gcás dámhachtainí cúirte);
- Má fhaigheann an BOO comhairle dlí chuí phroifisiúnta gur dócha, ar bhonn fíricí an cháis agus na fianaise, go n-éireoidh le héileamh an ghearánaí má fhéachann an Chúirt air; agus
- Má tá socrú an éilimh cothrom réasúnta agus gur muirear cuí é i gcoinne an sruth maoinithe i mBOO.

24. Níl gá le faomhadh roimh ré ón Roinn maidir le costais a íoctar le cuideachtaí dlí as comhairle dlí ghinearálta ach ní mór na costais seo a nochtadh do Rannóg Airgeadais agus Pearsanra Riaracháin BOO de chuid na Roinne mar chuid de nochtadh bliantúil a dhéanann BOO ar chostais comhairlithe.

**Caillteanais agus Dí-scríobh**

25. Ní mór gach mírialtacht, caillteanais agus teagmhais calaoise san áireamh, a thuairisciú don Roinn agus d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

26. Níl feidhm ag ceadú tarmligthe maidir le dí-scríobh agus caillteanais cistí poiblí, iarmhéideanna fionraí srl. ná maidir le diúscairt réadmhaoine ach go teorainn €10,000 faoi réir comhlíonadh forálacha C.77-11 de Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus na gcoinníollacha seo a leanas:

- Rinneadh gach iarracht réasúnta chun na caillteanais/fiacha a fháil ar ais;
- Tá córas éifeachtach, rialuithe agus seiceálacha costais ann chun nochtadh an BOO dá leithéid de chaillteanais a theorannú; agus
- Cás ar bith a chur in iúl do Rannóg Airgeadais agus Pearsanra Riaracháin BOO na Roinne, beag beann ar an méid, lena mbaineann ceist thábhachtach maidir le prionsabal, a mhúsclaíonn amhras faoi éifeachtacht córais reatha nó ag a bhfuil ceachtanna ag baint leis a d'fhéadfaí a fhoghlaim in áiteanna eile.

**Foinse Maoinithe Chuí**

27. Meabhraítear do BOO nach bhfuil cead aige cistí a úsáid ach amháin chun na gcríocha dá bhfuil siad curtha ar fáil. Mar shampla, tá na coinníollacha a ghabhann le caiteachas gnáthmhaoinithe neamh-phá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil, mar aon lena bhfuil an tAire ag súil leis maidir leis an ord tosaíochta a chuireann an BOO ar sheirbhísí. Go háirithe, níor chóir do BOO gnáthmhaoiniú neamh-phá i gcomhair tionscadail taighde agus forbartha TF chun modhanna nua teagaisc, teicneolaíochtaí, BOO nó caiteachas caipitil a úsáid chun íoc as costais atá ar thionscadail fhéin-airgeadaithe (ionaid eachtaíochta faoin spéir san áireamh) nó i réimsí caiteachais eile nach bhfuil i gclár na scoile ná na ceann-oifige .

28. Má tá BOO ag cuimhneamh ar chaiteachas ar thaighde agus forbairt TF chun uirlisí teagaisc ranga "ceannródaíocha" a fhorbairt nó ar thionscadail TF eile dá leithéid ní mór dó, de bhreis ar na céimeanna atá leagtha amach ag 1 thuas, a dheimhniú go bhfuil d'acmhainn aige an togra a mheas go hiomlán ó thaobh teicneolaíochta de. Lena chois sin ní mór dó faomhadh na Roinne a fháil sula ndéanann sé gealltanas maidir leis seo.

29. Ba chóir do Phríomhfheidhmeannaigh a bheith ar an eolas go bhféadfadh Teicneolaíocht san Oideachas de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST-TIE) comhairle agus cúnamh chur ar fáil do scoileanna agus BOO maidir le gach gné a bhaineann le TFC a chuimsiú i dteagasc agus i bhfoghlaim. B'fhéidir go bhfuil ar chumas an PDST-TIE tuairim a thabhairt ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon fhiúntas i dtionscadal TFC nó cé acu an n-oireann nó nach bhfuil an tionscadal beartaithe ag teacht le cláir ar nós an tionscnamh TFC i Scoileanna agus an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020.

**Raon**

30. De bhreis ar chláir/gníomhaíochtaí atá le maoiniú ag an Roinn baineann an Imlitir seo le cláir/gníomhaíochtaí atá le maoiniú ag comhlacht seachas an Roinn, le bheith féin-mhaoinithe nó, má thagann siad chun cinn, le bheith maoinithe trí thabhartais.

**Cúrsaíocht agus Ceisteanna**

31. Cinntigh, le do thoil, go gcuirfear cóipeanna den imlitir seo ar fáil do gach ball den mBord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go ndíreofar aird gach ball foirne lena mbaineann i d'fhostaíocht air, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh.

32. Tá teacht ar an Imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/

33. Is féidir fiosruithe maidir leis an Imlitir seo a chur trí ríomhphost chuig:financialetb@education.gov.ie

Martina Mannion
Príomhoifigeach
Pearsanra Airgeadais/Riaracháin BOO

29 Eanáir 2019.

**Aguisín 8: Creat do Pholasaí Taistil do BOO**

**Réamhrá**

Maidir le taisteal agus cothabháil oifigiúil, ba chóir do BOO cloí le nósanna imeachta na seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach ó am go ham i dtreoir a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chuirtear in iúl go díreach don nó tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, de réir mar is cuí.

Ba chóir don Bhord deimhniú dó féin go gcloítear leis na prionsabail dá pholasaí taistil agus go bhfuil an próiseas iniúchta inmheánaigh éifeachtach lena chinntiú go bhfuil an BOO ag cloí go hiomlán leis an bpolasaí.

Ba chóir sonraí an pholasaí atá i bhfeidhm a chur in iúl do bhaill an Bhoird.

**Aidhm agus Raon**

Is é ba chóir a bheith i gceist le haidhm an Pholasaí Taistil a chinntiú go mbaintear amach an luach ar airgead is fearr maidir le gach turas a dhéantar, atá ag teacht le riachtanais an ghnó oifigiúil. Ba chóir roghanna eile maidir le taisteal rialta a dhéanamh, ar nós físchomhdháil a chur isteach, a leagan síos freisin.

**Teimpléad Polasaí Taistil**

Cloífidh (Ainm an BOO) le nósanna imeachta na seirbhíse poiblí mar a bhíonn leagtha amach ó am go ham i dtreoir a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chuirtear in iúl go díreach don nó tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, de réir mar is cuí.

**Cuspóir**

Ní íocfaidh (Ainm an BOO) ach amháin costais taistil agus cothabhála a bhaineann le gníomhaíochtaí/ imeachtaí srl. a bhfuil ábhar oideachais soiléir acu agus atá chun tairbhe don BOO. Tabharfar tús áite do chostais a íoc a bhaineann le cruinnithe reachtúla, taisteal riachtanach na múinteoirí, teagascóirí nó gairmithe oideachais eile maidir le cúrsaí a chur ar fáil agus maidir le seirbhísí oideachais aosaigh a chur ar fáil.

**Costais do bhaill**

Déanfar costais a íoc leis baill den Bhord de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, agus aon reachtaíocht eile agus aon treoracha ón Aire Oideachais agus Scileanna, ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Leithdháileadh Maoinithe**

Ní dhéanfar caiteachas maidir le taisteal agus cothabháil a sháraíonn an dáileadh maoinithe, mar atá leagtha amach don clár scoileanna agus ceann-oifige san aguisín atá leis an litir chinnidh bhliantúil chuig an BOO, a thabhú gan cead a fháil roimh ré ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Mar an gcéanna, ba chóir do BOO aird a thabhairt do theorainneacha ar bith eile atá curtha ag údaráis ábhartha i dtaobh sruthanna maoinithe eile.

Cuirfidh (Ainm an BOO) na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na rialacha agus riachtanais ábhartha.

**Taisteal Intíre**

- Ba chóir an úsáid is mó a bhaint as na roghanna iompair phoiblí le haghaidh taistil oifigiúil; ba chóir a bheith chomh réasúnta agus is féidir maidir le húsáid a bhaint as seirbhísí tacsaí

**Aertaisteal**

- Ráiteas cleachtais atá le leanúint m.sh. na critéir atá le cur i bhfeidhm agus táillí eitiltí idirlín atá srianta nó táillí grád barainne atá go hiomlán solúbtha á roghnú, áit a bhfuil an cur chuige seo éifeachtach ó thaobh costais de, ar an iomlán;

- Breac-chuntas a thabhairt ar na cásanna eisceachtúla ina bhféadfaí breathnú ar na roghanna Grád Gnó atá níos costasaí (is fíorannamh ar féidir seasamh le rátaí den chéad ghrád a úsáid):

- Níor chóir pointí trí bheith ar eitleáin go minic a bheith in ann tionchar a imirt ar na cinntí a dhéantar maidir leis na haerlínte a úsáid le haghaidh gnó oifigiúil.

**Siamsaíocht Oifigiúil:**

Ba chóir cloí le hImlitir 25/2000 na Roinne Airgeadais maidir le lamháltais siamsaíochta.

**Aguisín 9 (a): Creat le haghaidh Cód Iompair do Bhaill an BOO**

Seo creat molta le haghaidh Cód Iompair do Bhaill an BOO Ba chóir an Cód a ullmhú trí chur chuige rannpháirtíoch agus ba chóir don mBord é a fhaomhadh agus é ag glacadh san áireamh impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

1. Réamhrá

Is é (Ainm an BOO) a d'fhorbair an Cód Iompair seo do Bhaill an Bhoird. Sa chód seo cuirtear san áireamh impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. 2001.

2. Aidhm

Is é aidhm an Chóid treoir a thabhairt don Chathaoirleach agus do bhaill (Ainm an BOO) agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

3. Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an Chóid:

- Sraith chomhaontaithe de phrionsabail eiticiúla a leagan amach;
- Na caighdeáin is airde idir eiticiúil, dhlíthiúil agus bhainistíochta a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht (Ainm an BOO);
- Comhlíonadh deachleachtais bhainistíochta a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht (Ainm an BOO).
- Muinín agus iontaoibh a chur chun cinn agus a chothú, agus
- Cosc a chur ar fhorbairt nó ar ghlacadh le cleachtais neamheiticiúla

4. Na Prionsabail Ghinearálta

***Is é polasaí (Ainm an BOO) an dea-cháil a choinneáil don iompar etiticiúil agus do chothrom na féinne agus é i mbun a ghnó.***

Ní féidir soláthar a dhéanamh do gach cás sa Chód Iompair. Má bhíonn amhras ann faoin ionracas maidir le cás áirithe, ní mór do bhall dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird.

5. An Cód a bheith ar fáil

Déanfaidh (Ainm an BOO) na nithe seo a leanas:

- cuirfidh sé an Cód Iompair seo agus doiciméad polasaí maidir le nochtadh leasanna ar fáil do na comhaltaí uile den Bhord agus cuirfidh sé in iúl do na bhaill faoi cé chomh tábhachtach is atá sé agus cá bhfuil sé ar fáil.
- cinnteoidh sé go n-admhaíonn na baill uile den Bhord go bhfuarthas é agus go dtuigeann siad na hábhair atá ann;
- cuirfidh sé treoir agus stiúradh atá praiticiúil ar fáil de réir mar is gá maidir lena leithéid réimsí ar nós bronntanais agus siamsaíochta agus maidir le ceisteanna eiticiúla eile, a thagann chun cinn go rialta.

6. Athbhreithniú

Déanfaidh (Ainm an BOO) athbhreithniú ar an gCód Iompair seo de réir mar is cuí. Ní mór aon athbhreithnithe atá molta don Chód seo a mheas agus a fhaomhadh ag cruinniú Boird.

**7. Sáruithe an Chóid**

Cuirfear aon sáruithe an Chóid Iompair in iúl don Chathaoirleach agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus féadfar iad a chur in iúl don Aire Oideachais agus Scileanna leis na cuntais bhliantúla agus an tuarascáil bhliantúil.

***8. Na Bunphrionsabail***

***Ní mór do bhaill an Bhoird cloí leis na bunphrionsabail seo a leanas, mar atá leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:***

(a) Ionracas;
(b) Eolas;
(c) Oibleagáidí;
(d) Dílseacht;
(e) Cothrom na Féinne;
(f) Tuiscint don Timpeallacht Oibre/Sheachtrach.

(a) Ionracas

Déanfaidh na baill Bhoird na nithe seo a leanas:

- nochtfaidh siad fostaíocht/gnó seachtrach nó leasanna eile a mheasfaí go hoibiachtúil a bheith i gcoimhlint nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint le gnó an BOO;
- ní ghlacfaidh siad le fostaíocht bhreise áit a bhféadfadh coimhlint leasa teacht chun cinn ina taobh i rith tréimhse ama réasúnta tar éis don duine scor de bheith mar bhall den Bhord;
- ní thabharfaidh siad bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, caitheadh níos fearr ná tairbhí ná ní ghlacfaidh siad leo áit a bhféadfadh tionchar nó a mbeadh an chuma go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas an duine a thugann iad nó an duine a fhaigheann iad le breithiúnas neamhspleách a dhéanamh faoi idirbhearta gnó;
- comhoibreoidh siad go dúthrachtach, go fuinniúil, go heiticiúil agus go hionraic le hinstitiúidí oideachais eile, le seirbhísí tráchtála agus le soláthraithe eile de sheirbhísí taighde agus comhairleacha;
- déanfaidh siad costais amháin a éileamh a bhaineann leis na riachtanais ghnó amháin agus de réir an dea-chleachtais san earnáil phoiblí i gcoitinne;
- cinnteoidh siad go bhfostaíonn an BOO seirbhís comhairleachta agus seirbhísí eile de réir threoirlínte an pholasaí phoiblí;
- caithfidh siad a bheith lánsásta go léiríonn na cuntais/tuairiscí go cruinn feidhmíocht an Bhoird agus nach bhfuil siad míthreorach nó ceaptha le bheith míthreorach;
- ní bhainfidh siad úsáid as acmhainní ná am an BOO chun a t(h)airbhe féin, ná chun tairbhe na ndaoine/eagraíochtaí nach bhfuil ceangailte leis an BOO ná a chuid ghníomhaíochtaí;
- cinnteoidh siad go bhfuil an BOO tiomanta d'eolas nó rúin ghnó a fháil ar na bealaí cuí amháin.

(b) Eolas

Déanfaidh na baill Bhoird na nithe seo a leanas:

- cinnteoidh siad go bhfuil an Bord tiomanta do rochtain ar eolas ginearálta a bhaineann lena chuid ghníomhaíochtaí a chur ar fáil ar bhealach atá oscailte agus a chuireann leis an gcuntasacht atá air i leith an phobail i gcoitinne;
- beidh meas acu ar an rúndacht a bhaineann le heolas íogair atá ag (Ainm an BOO), agus aird á tabhairt do mhír 13 de Sceideal 3 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Is é a bheadh i gceist le heolas íogair ná ábhar ar nós na nithe seo a leanas:
    - Faisnéis Phearsanta;
    - Eolas a fuair (Ainm an BOO) faoi rún;
    - Aon eolas tráchtála íogair nó aon eolas íogair eile a ghoillfeadh clú (Ainm an BOO);

- Aon ábhar eile nó eisiúint ina mbeadh gníomh mídhleathach nó neamheiticiúil i gceist.

- cinnteoidh siad go gcloíonn an BOO leis na nósanna imeachta comhairliúcháin cuí leis na tríú páirtithe áit, i gcás eisceachtúil, a bhfuil sé beartaithe eolas íogair a eisiúint ar mhaithe leis an bpobal;

- cinnteoidh siad go gcomhlíonann an BOO na forálacha reachtúla ábhartha uile (e.g. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 go 2013;
- beidh siad go hiomlán faoi rún maidir le gach plé agus cinneadh a dhéantar ag cruinnithe iata den Bhord agus san BOO;
- leanfaidh siad de bheith go hiomlán faoi rún maidir le heolas íogair agus maidir leis an bplé agus na cinntí a dhéantar ag cruinnithe den Bhord agus san BOO nuair a thagann deireadh le ballraíocht an Bhoird.

(c) Oibleagáidí

Déanfaidh na baill Bhoird na nithe seo a leanas:

- comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí rialála agus reachtúla uile atá forchurtha ar an mBOO ag an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus ag reachtaíocht ábhartha eile;
- cinnteoidh siad go bhfuil na rialuithe i bhfeidhm chun cosc a chur ar chalaois agus a chinntiú go gcomhlíontar na nósanna imeachta forordaithe maidir leis na leibhéil údaráis fhorordaithe a chomhlíonadh le haghaidh aon chaiteachas ábhartha a cheadú lena n-áirítear costais do thaisteal gnó;
- iarracht réasúnta a dhéanamh chun freastal ar na cruinnithe Boird uile;
- Comhoibreoidh siad le hiniúchadh inmheánach agus leis an bpróiseas iniúchta inmheánaigh
- Cinnteoidh siad géilliúlacht le nósanna imeachta atá leagtha síos ag an mBord maidir le coimhlintí leasa. Áirítear air seo go nglactar le poist agus/nó rannpháirtíocht ag comhlacht Stáit as a bhféadfadh coimhlintí leasa agus ábhar imní maidir le rúndacht teacht chun cinn. Cinnteoidh an Bord freisin go ndéantar monatóireacht agus forfheidhmiú ar aon nósanna imeachta i dtaca leis seo a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm;
- aithneoidh siad an dualgas atá orthu le cloí leis na caighdeáin eitice is airde.

(d) Dílseacht

Aithneoidh comhaltaí den Bhord an fhreagracht atá orthu le bheith dílis don BOO agus le bheith go hiomlán tiomanta dá ghníomhaíochtaí uile agus a thuiscint ag an am céanna nach mór don BOO é féin leas na mac léinn agus na maoinitheoirí, na íocóirí cánach san áireamh, a chur san áireamh i gcónaí.

(e) Cothrom na Féinne

Déanfaidh na baill Bhoird na nithe seo a leanas:

- cinnteoidh siad go bhfuil an BOO tiomanta don reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus um stádas comhionann;
- cinnteoidh siad go bhfuil an BOO tiomanta do chothrom na féinne i ngach beartaíocht gnó;
- cinnteoidh siad go bhfuil meas ag an BOO ar a mhic léinn, an fhoireann, na soláthraithe agus custaiméirí, agus go gcaitheann sé go cothrom lena mhicléinn, an fhoireann, na soláthraithe agus custaiméirí.

(f) Timpeallacht Oibre/Sheachtach

Déanfaidh na baill Bhoird na nithe seo a leanas:

- Cuirfidh siad forbairt an chultúir um 'labhairt amach' chun cinn inar féidir le hoibrithe a gcuid imní a chur in iúl maidir le rudaí míchearta tromchúiseacha san áit oibre gan eagla a bheith orthu go mbainfí díoltas amach;
- tabharfaidh siad tús áite do shláinte agus sábháilteacht a bhfoirne agus macléinn a chur chun cinn agus a chothabháil;
- cinnteoidh siad go ndéantar ábhair imní pobail a mheas go hiomlán ina chuid gníomhaíochtaí agus oibríochtaí;
- déanfaidh siad aon iarmhairt dhíobhálach a bhíonn ag oibríochtaí an BOO ar an timpeallacht a íoslaghdú.

**Aguisín 9(b): Creat le haghaidh Cód Iompair do Bhaill Foirne an BOO**

Seo creat molta le haghaidh Cód Iompair do bhaill foirne an BOO. Ba chóir an Cód a ullmhú trí chur chuige rannpháirtíoch agus ba chóir don mBord é a fhaomhadh agus é ag glacadh san áireamh impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Ba chóir go mbainfeadh na bunphrionsabail le gach catagóir de bhaill foirne in BOO. Ach, b'fhéidir nach mbainfeadh codanna ar leith d'fhorálacha áirithe den chreat le gach catagóir de na baill foirne in BOO. Ba chóir é seo a chur san áireamh sula mbíonn an Cód faofa ag an mBord.

1. Réamhrá

Is é (Ainm an BOO) a d'fhorbair an Cód Iompair seo do Bhaill an Bhoird. Sa chód Iompair seo cuirtear san áireamh impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. 2001.

2. Aidhm

Is é aidhm an Chóid treoir a thabhairt d'fhoireann (Ainm an BOO) agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

3. Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an Chóid:

- Sraith chomhaontaithe de phrionsabail eiticiúla a leagan amach;
- Muinín agus iontaoibh a chur chun cinn agus a chothú, i bhfoireann (Ainm an BOO);
- Forbairt agus glacadh cleachtas eiticiúil a chur chun cinn;
- Na caighdeáin is airde idir eiticiúil, dhlíthiúil agus bhainistíochta a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht (Ainm an BOO);
- Comhlíonadh deachleachtais bhainistíochta a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht (Ainm an BOO).

4. Na Prionsabail Ghinearálta

***Is é polasaí (Ainm an BOO) an dea-cháil a choinneáil don iompar etiticiúil agus do chothrom na féinne agus é i mbun a ghnó.***

Ní féidir soláthar a dhéanamh do gach cás sa Chód Eitice. Má bhíonn amhras ar an bPríomhfheidhmeannach faoin ionracas maidir le cás áirithe, ní mór do/di dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird. Ní mór do bhall foirne, seachas an Príomhfheidhmeannach, a bhfuil imní air/ uirthi faoin ionracas maidir le cás áirithe dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach, nó leis an bPríomhoifigeach AD.

5. An Cód a bheith ar fáil

Déanfaidh (Ainm an BOO) na nithe seo a leanas:

- cuirfidh sé an Cód Iompair seo agus doiciméad polasaí maidir le nochtadh leasanna ar fáil do na na baill foirne uile den BOO agus cuirfidh sé in iúl do na baill foirne faoi cé chomh tábhachtach is atá sé agus cá bhfuil sé ar fáil;
- Cinnteoidh sé go n-admhaíonn gach ball foirne go bhfuil an Cód Iompair faighte agus tuigthe aige/aici.
- cuirfidh sé treoir agus stiúradh atá praiticiúil ar fáil de réir mar is gá maidir lena leithéid réimsí ar nós bronntanais agus siamsaíochta agus maidir le ceisteanna eiticiúla eile, a thagann chun cinn go rialta.

6. Athbhreithniú

Déanfaidh (Ainm an BOO) athbhreithniú ar an gCód Iompair seo de réir mar is cuí. Ní mór aon athbhreithnithe atá molta don Chód seo a mheas agus a fhaomhadh ag cruinniú Boird.

**7. Sáruithe an Chóid**

Déileálfaidh an Príomhfheidhmeannach nó oifigeach ainmnithe leis na sáruithe den Chód Iompair de réir mar is cuí. Déileálfaidh Cathaoirleach an Bhoird le sárú den chód a dhéanann an Príomhfheidhmeannach. Cuirfear aon sáruithe de Chód Iompair in iúl freisin don Chathaoirleach agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus féadfar iad a chur in iúl don Aire Oideachais agus Scileanna leis na cuntais bhliantúla agus an tuarascáil bhliantúil. Más cuí, d'fhéadfaí nósanna imeachta araíonachta an BOO a ghairm.

8 Na Bunphrionsabail

***<u>Ní mór do bhaill an Bhoird cloí leis na bunphrionsabail seo a leanas, mar atá leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:</u>***

(a) Ionracas;
(b) Eolas;
(c) Oibleagáidí;
(d) Dílseacht;
(e) Cothrom na Féinne;
(f) Tuiscint don Timpeallacht Oibre/Sheachtrach.

**(a)** Ionracas

De bhreis air seo déanfaidh baill d'fhoireann an BOO na nithe seo a leanas:

- nochtfaidh siad fostaíocht/gnó seachtrach nó leasanna eile a mheasfaí go hoibiachtúil a bheith i gcoimhlint nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint le gnó an BOO;
- ní bheidh baint acu le fostaíocht/gnó sheachtrach ná le leasanna eile a bheadh nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint le gnó an BOO;
- ní ghlacfaidh siad le fostaíocht bhreise áit a bhféadfadh coimhlint leasa teacht chun cinn i rith tréimhse ama réasúnta tar éis don duine scor de bheith mar bhall foirne den Bhord;
- ní thabharfaidh siad bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, caitheadh níos fearr ná tairbhí ná ní ghlacfaidh siad leo áit a bhféadfadh tionchar nó a mbeadh an chuma go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas an duine a thugann iad nó an duine a fhaigheann iad le breithiúnas neamhspleách a dhéanamh faoi idirbhearta gnó;
- comhoibreoidh siad go dúthrachtach, go fuinniúil, go heiticiúil agus go hionraic le hinstitiúidí oideachais eile, le seirbhísí tráchtála agus le soláthraithe eile de sheirbhísí taighde agus comhairleacha;
- ní bheidh siad i mbun gníomhaíochtaí d'earraí/seirbhísí a cheannach de réir an pholasaí phoiblí agus an chleachtais ghnó is fearr agus rialacháin cheannacháin an BOO;
- ní dhéanfaidh siad costais amháin a éileamh a bhaineann leis na riachtanais ghnó amháin agus de réir an dea-chleachtais san earnáil phoiblí i gcoitinne;
- ní fhostóidh siad comhairliúchán ná seirbhísí eile de réir threoirlínte an pholasaí phoiblí;
- cinnteoidh siad go léiríonn cuntais/tuairiscí an BOO go cruinn a chuid feidhmíochta agus nach bhfuil siad míthreorach nó ceaptha le bheith míthreorach;
- ní bhainfidh siad úsáid as acmhainní ná am an BOO chun a t(h)airbhe féin, ná chun tairbhe na ndaoine/eagraíochtaí nach bhfuil ceangailte leis na hinstitiúidí ná a ghníomhaíochtaí;
- ní bhfaighidh siad eolas ná rúin ghnó ach trí mheáin chuí amháin.

(b) Eolas

Déanfaidh na baill Bhoird na nithe seo a leanas:

- rochtain a thabhairt ar eolas ginearálta a bhaineann lena ghníomhaíochtaí ar bhealach atá oscailte agus a chuireann leis an gcuntasacht atá air don phobal i gcoitinne;

- beidh meas acu ar an rúndacht a bhaineann le heolas íogair atá ag an BOO, agus aird á tabhairt do mhír 13 de Sceideal 3 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Is é a bheadh i gceist le heolas íogair ná ábhar ar nós na nithe seo a leanas:

    - Faisnéis Phearsanta;
    - Eolas a fuair (Ainm an BOO) faoi rún;
    - Aon eolas tráchtála íogair nó aon eolas íogair eile a ghoillfeadh clú (Ainm an BOO);
    - Aon ábhar eile nó eisiúint ina mbeadh gníomh mídhleathach nó neamheiticiúil i gceist.

- cloífidh siad leis na nósanna imeachta comhairliúcháin cuí leis na tríú páirtithe áit, i gcás eisceachtúil, a bhfuil sé beartaithe eolas íogair a eisiúint ar mhaithe leis an bpobal;
- comhlíonfaidh siad na forálacha reachtúla ábhartha uile (m.sh. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 go 2013;
- beidh siad go hiomlán faoi rún maidir le gach plé agus cinneadh a dhéantar ag cruinnithe iata den Bhord agus san BOO;
- leanfaidh siad de bheith go hiomlán faoi rún maidir le heolas íogair agus maidir leis an bplé agus na cinntí a dhéantar ag cruinnithe den Bhord agus san BOO nuair a thagann deireadh le ballraíocht an Bhoird.
- comhlíonfaidh siad na forálacha reachtúla ábhartha uile (m.sh. reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus um shaoráil faisnéise).

(c) Oibleagáidí

Déanfaidh baill d'fhoireann an BOO na nithe seo a leanas:

- comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí rialála agus reachtúla uile atá forchurtha ar (Ainm an BOO) ag an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus an reachtaíocht ábhartha eile;
- cinnteoidh siad go gcomhlíonann an BOO na nósanna imeachta ina bhfuil mionsonraí maidir le tairiscint agus ceannach, chomh maith le leibhéil údaráis fhorordaithe a chomhlíonadh le haghaidh aon chaiteachas ábhartha a cheadú;
- cinnteoidh siad go bhfuil na rialuithe i bhfeidhm chun cosc a chur ar chalaois agus a chinntiú go gcomhlíontar na nósanna imeachta forordaithe maidir leis na leibhéil údaráis fhorordaithe a chomhlíonadh le haghaidh aon chaiteachas ábhartha a cheadú lena n-áirítear costais do thaisteal gnó;
- Comhoibreoidh siad le hiniúchadh inmheánach agus leis an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.
- Cinnteoidh siad géilliúlacht le nósanna imeachta atá leagtha síos ag an mBord maidir le coimhlintí leasa agus ábhar imní maidir le rúndacht.
- aithneoidh siad an dualgas atá orthu le cloí leis na caighdeáin eitice is airde.

(d) Dílseacht

- Aithneoidh baill an BOO an fhreagracht atá orthu le bheith dílis don BOO agus le bheith go hiomlán tiomanta dá ghníomhaíochtaí uile agus a thuiscint ag an am céanna nach mór don BOO é féin leas na macléinn agus na maoinitheoirí, na íocóirí cánach san áireamh, a chur san áireamh i gcónaí.

(e) Cothrom na Féinne

Déanfaidh baill d'fhoireann an BOO na nithe seo a leanas:

- comhlíonfaidh siad an reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus um stádas comhionann;
- beidh siad tiomanta do chothrom na féinne i ngach beartaíocht gnó;
- beidh meas acu ar mhicléinn, ar fhoireann, ar sholáthraithe agus ar chustaiméirí an BOO, caithfidh siad go cothrom lena mhicléinn, an fhoireann, na soláthraithe agus custaiméirí.

(f) Timpeallacht Oibre/Sheachtach

Déanfaidh baill d'fhoireann an BOO na nithe seo a leanas:

- Cuirfidh siad forbairt an chultúir um 'labhairt amach' chun cinn inar féidir le hoibrithe a gcuid imní a chur in iúl maidir le rudaí míchearta tromchúiseacha san áit oibre gan eagla a bheith orthu go mbainfí díoltas amach; tabharfaidh siad tús áite do shláinte agus sábháilteacht a bhfoirne agus macléinn a chur chun cinn agus a chothabháil;
- cinnteoidh siad go ndéantar ábhair imní pobail a mheas go hiomlán i ngníomhaíochtaí agus oibríochtaí an BOO;
- déanfaidh siad aon iarmhairt dhíobhálach a bhíonn ag oibríochtaí an BOO ar an timpeallacht a íoslaghdú.

**Aguisín 10: Teimpléad de Chairt le haghaidh Iniúchta Inmheánaigh**

**Polasaí**

Údaraíonn Bord (Ainm an BOO) an t-aonad iniúchta inmheánaigh agus tacaíonn sé leis, arb é Aonad an Iniúchta Inmheánaigh- Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO).

**Iniúchadh Inmheánach**

Déanann iniúchadh inmheánach ionracas na dtáscairí feidhmíochta airgeadais agus oibríochtúla uile a mheas, lena n-áirítear comhlíonadh rialála, agus tugann sé tuairim neamhspleách don mBord tríd an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais iomláin rialuithe inmheánacha agus dearbhaithe san eagraíocht, agus a oiread agus is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Bord dá éis, brath orthu seo.

Is é is Iniúchadh Inmheánach ann Gníomhaíocht oibiachtúil neamhspleách um dhearbhú agus comhairliú atá á treorú ag feaslúnacht breisluacha chun feabhas a chur ar oibríochtaí an BOO]. Cabhraíonn sé le [cuir isteach ainm an BOO] chun a chuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach a bhfuil smacht á choinneáil air a chur ar fáil chun éifeachtacht rialachas na heagraíochta, bainistiú riosca, rialú inmheánach a mheas agus a fheabhsú .

Sa chomhthéacs seo, ní seiceáil inmheánach agus iniúchadh inmheánach amháin atá i gceist leis an rialú inmheánach, ach an córas iomlán de rialuithe, rialuithe airgeadais agus rialuithe eile, lena n-áirítear bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach, atá bunaithe ag an mbainistíocht leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a chinntiú go gcomhlíonann an BOO a chuid Feidhmeanna Reachtúla faoi alt 10 d’Acht na bliana 2013;
- an BOO a oibriú de réir inghlacthacht riosca an Bhoird;
- comhlíonadh leis an reachtaíocht agus na hoibleagáidí ábhartha a chinntiú:
- na sócmhainní a chosaint;
- ionracas na n-idirbheart a dhaingniú;
- cruinneas agus iontaofacht na dtaifead a dhaingniú chomh fada agus is féidir.

Leis an iniúchadh inmheánach cuirtear gníomhaíocht comhairliúcháin thánaisteach ar fáil a chuireann le gnó na heagraíochta agus a fheabhsaíonn é. Is é atá i gceist leis an ngníomhaíocht comhairliúcháin ná cumarsáid ón iniúchóir inmheánach leis an mbainistíocht feidhmiúcháin maidir le laigí na gcóras atá ann cheana féin, na torthaí a d’fhéadfadh a bheith ann agus na feabhsuithe molta.

Ní mar chuid breise nó mar ionad den bhainistíocht feidhmiúcháin é an t-iniúchadh inmheánach, atá fós freagrach ar deireadh as na rialuithe oiriúnacha agus leordhóthanacha a bheith acu.

Tá an fhreagracht le calaois nó earráid a chosc nó a aimsiú orthu siúd atá i mbun rialachas an BOO agus ar bhainistíocht feidhmiúcháin an BOO; níl an fhreagracht seo ar aonad an iniúchta inmheánaigh.

Ach, nuair a dhéantar na córais a thaifeadadh, a mheas agus a thástáil, breathnóidh an t- iniúchóir ar an bhféidearthacht go dtarlódh calaois nó earráid. Áit a dtagann an t-iniúchóir inmheánach ar chalaois nó earráid i ndáiríre nó go bhfuil amhras faoi gur tharla calaois nó earráid ba chóir dó/di fiosrúchán a dhéanamh faoi seo chomh fada agus is féidir.

**Cuspóir an Iniúchta Inmheánaigh**

Is é príomhchuspóir an iniúchta inmheánaigh in earnáil an BOO ná dearbhú a chur ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord go bhfuil an córas um rialú inmheánach mar atá á chur i bhfeidhm ag an mbainistíocht feidhmiúcháin leordhóthanach agus ag feidhmiú go héifeachtach.

**Údarás**

Tá d'údarás ag an ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh, faoi chuntasacht dhocht as rúndacht agus as taifid agus faisnéis a chaomhnú, rochtain iomlán, saor neamhshrianta a fháil ar gach taifead agus ar thaifead, ar réadmhaoin fhisiceach agus ar phearsanra ar bith a bhaineann le gníomh ar bith a dhéanamh, de chuid [cuir isteach ainm an BOO]. Iarrtar ar gach fostaí cabhrú leis an ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh a róil agus a freagrachtaí a chomhlíonadh. Beidh rochtain shaor neamhshrianta ag an ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh ar an mBord, leis.

**Neamhspleáchas agus Oibiachtúlacht**

Ní chuirfidh aon ghné den eagraíocht isteach ar an ngníomhaíocht iniúchta inmheánaigh, rud lena n-áirítear gnóthaí a bhaineann le roghnú, scóip, nósanna imeachta, minicíocht, uainiú nó inneachar tuairisce an iniúchta d'fhonn dearcadh neamhspleách riachtanach a choinneáil.

Ní bheidh freagracht oibríochtúil dhíreach ag iniúchóirí inmheánacha ná údarás ar aon cheann de na gníomhaíochtaí a ndéantar iniúchadh orthu. Dá réir sin ní chuirfidh siad aon rialuithe inmheánacha i bhfeidhm, ní fhorbróidh siad nósanna imeachta, ní suiteálfaidh siad córais, ní ullmhóidh siad taifid agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomhaíocht eile a d'fhéadfadh cur isteach ar bhreithiúnas an iniúchóra inmheánaigh.

Léireoidh iniúchóirí inmheánacha an leibhéal is airde oibiachtúlachta proifisiúnta maidir le faisnéis a bhailiú, a mheas agus a chur in iúl faoin ngníomhaíocht nó an bpróiseas atá á scrúdú. Déanfaidh iniúchóirí inmheánacha measúnú cothrom ar na cúinsí ábhartha ar fad agus ní chuireann a gcuid leasanna féin ná daoine eile isteach orthu agus breithiúnais á gcur le chéile acu.

Deimhneoidh ceann an iniúchta inmheánaigh don mBord, uair amháin sa bhliain ar a laghad, go bhfuil an ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh neamhspleách.

**Eagraíocht**

Tuairisceoidh ceann an iniúchta inmheánaigh go feidhmiúil don mBord tríd an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus déanfaidh cumarsáid ar bhonn riaracháin (is é sin, oibríochtaí lá go lá) le Príomhfheidhmeannach BOOCM.

**Freagrachtaí fheidhm an iniúchta inmheánaigh**

Ba chóir don iniúchóir inmheánach a leithéid oibre a dhéanamh a cheapann sé/sí a bhfuil gá leis le bheith in ann tuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go bhfuil córas an BOO um rialú inmheánach, sa réimse a ndearnadh tástáil air, ag feidhmiú go héifeachtach, ina thuairim nó ina tuairim féin.

Is iad seo a leanas an obair atá riachtanach leis an bhfreagracht seo a chomhlíonadh:

- Mionsonraí a chur ar fáil faoi chuspóirí, gníomhaíochtaí agus áiseanna de chuid BOO;
- Inghlacthacht riosca atá faofa ag an mBord a dheimhniú agus a mheas;
  Taifeadadh agus measúnú a dhéanamh ar nósanna imeachta oibríochta agus modhanna taifeadta de chuid BOO;
- Taifeadadh agus meastóireacht a dhéanamh ar na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialachais chorparáidigh;
- Conclúidí a fháil ó thorthaí thástálacha na rialuithe agus nósanna imeachta substainteacha sa réimse iniúchta agus tátail a bhaint astu;
- A shocrú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm ag teacht leis an n-inghlacthacht riosca faofa.
- Tuairisciú a dhéanamh don Choiste Iniúchóireachta, ag tabhairt breac-chuntais ar thoradh an iniúchta a rinneadh, ina bhfuil mionsonraí maidir leis na moltaí atá déanta agus freagraí na bainistíochta don chéanna;
  Conclúid ar an iomlán a chur ar fáil don Choiste Iniúchóireachta, agus don Bhord dá éis, maidir le leordhóthanacht na gcóras rialaithe de chuid BOO sa réimse iniúchta;

- Na moltaí comhaontaithe a bheith curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht ina dhiaidh sin, ar bhonn tráthúil.
- Tuairisciú go tréimhsiúil ar chuspóir, údarás, freagracht agus feidhmíocht gníomhaíocht na hiniúchóireachta inmheánaí, go coibhneasta dá phlean.

Ní mar chuid breise nó in ionad an bhainistíocht fheidhmiúcháin é an t-iniúchadh inmheánach ach is í an bhainistíocht atá freagrach i gcónaí as na rialuithe oiriúnacha agus leordhóthanacha a bheith acu.

Dá réir sin tá an bhainistíocht fheidhmiúcháin amháin freagrach as:

- Córais rialaithe in BOO a fhorbairt nó a chur i bhfeidhm;
- Aon laigí a aithnítear ina iniúchtaí a réiteach.

**Téarmaí Tagartha**

Is iad na Téarmaí Tagartha don Aonad Iniúchta Inmheánaigh- Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO) na téarmaí tagartha den aonad iniúchta inmheánaigh den BOO.

**Scóip agus neamhspleáchas fheidhm an iniúchta inmheánaigh**

(a) Déantar an t-iniúchadh inmheánach ar gach gníomhaíocht a dhéanann an BOO is cuma conas a dhéantar iad seo a mhaoiniú nó a rialú.

(b) Níl ról ar bith ag an aonad iniúchóireachta inmheánach i mbainistíocht fheidhmiúcháin BOO, agus ní thagann sé in ionad bainistíochta. Níl aon dualgais oibriúcháin ar bith air sa BOO.

(c) Comhlíonfaidh an t-aonad iniúchta inmheánaigh a dhualgais ar bhealach neamhspleách agus oibiachtúil agus beidh nósanna imeachta i bhfeidhm aige leis seo a léiriú.

Agus an fheidhm seo á déanamh, fanfaidh an t-aonad iniúchta inmheánaigh neamhspleách ar an mBOO, ar an bPríomhfheidhmeannach, ar an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar Choiste Stiúrtha an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh-Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO).

**Plean Iniúchóireachta Inmheánaí**

Ar bhonn bliantúil cuirfidh Stiúrthóir an iniúchta inmheánaigh plean iniúchóireachta inmheánaí chuig an Aonad Iniúchta Inmheánaigh ar Choiste Stiúrtha na mBord Oideachais agus Oiliúna go ndéanfaí an plean seo a mheas agus a fhaomhadh. Is é a bheidh sa phlean iniúchóireachta inmheánaí sceideal oibre agus riachtanais bhuiséid agus acmhainní don chéad bhliain fhéilire eile. Cuirfidh Stiúrthóir an Iniúchta Inmheánaigh tionchar na srianta acmhainne agus athruithe suntasacha eatramhacha don gCoiste. [Comhaontaíonn leis an AII].

**Forbrófar an plean iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn ord tosaíochta na huilíochta iniúchóireachta trí mhodheolaíocht atá bunaithe ar riosca a úsáid, rud lena n-áirítear ionchur ó Bhoird agus ó Choistí Iniúchóireachta agus Riosca BOO ar leith, ó Bhainistíocht agus ó Choistí Stiúrtha BOO. Déanfaidh Stiúrthóir na hiniúchóireachta inmheánaí an plean a mheas agus a choigeartú le faomhadh ón gCoiste Stiúrtha de réir mar is gá, mar fhreagairt d'athruithe ar rioscaí oibriúcháin, oibríochtaí, cláir, córais agus rialuithe na hearnála.**

**Nósanna Imeachta Tuairiscithe**

(a) Tuairiscí a bhaineann go sonrach le BOO

(i) Eiseoidh an AII-BOO dhá thuairisc a bhaineann go sonrach le BOO ag deireadh gach iniúchóireachta; *Tuairisc na dTorthaí agus na Moltaí* agus *Tuairisc na dTuairimí.*

I d*Tuairisc na dTorthaí agus na Moltaí* mionsonraítear an obair iniúchóireachta a rinneadh agus a moltaí a tugadh.

I d*Tuairisc na dTuairimí* tabharfar tátal foriomlán ar thorthaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus tabharfar breac-chuntas inti ar:

- Réimse nó clár a ndearnadh iniúchóireacht uirthi/air;
- Modh iniúchóireachta;
- Freagrachtaí ar leith an iniúchóra agus na bainistíochta feidhmiúcháin;
- Tuairim maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht in iniúchta inmheánaigh.

Agus iad críochnaithe, seolfar an dá thuairisc go díreach agus ag an am céanna faoi chlúdaigh ar leith chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus chuig an bPríomhfheidhmeannach.

(ii) Tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach cóip de *Thuairisc na dTuairimí* don ROS laistigh de thrí sheachtaine ón tuairisc a fháil. Má chuireann an t-iniúchóir inmheánach tuairim in iúl i dTuairisc na dTuairimí nach bhfuil na rialuithe inmheánacha leordhóthanach (is é sin, easnamhach, níl ag oibriú nó an dá rud), cuirfidh an Príomhfheidhmeannach sonraí iomlána na míre nó na míreanna as a n-éiríonn an tuairim seo ar fáil don Roinn. Níor chóir aon thorthaí iniúchóireachta eile ná aon mholtaí a bhaineann leo a chur in iúl don Roinn.

Sa chás gur tharla caillteanais cuirfidh an Príomhfheidhmeannach na caillteanais ar fad in iúl don Roinn de réir na himlitreach 39/2011 (nó aon imlitir ábhartha ina diaidh) mar aon le míniú iomlán agus dearbhú go bhfuil aghaidh tugtha ar shaincheisteanna maidir le rialú inmheánach a aithníodh nó go dtabharfar aghaidh orthu ó dháta luaite ar aghaidh.

(b) Tuairisc Ghinearálta chuig an mBainistíocht

Déanfaidh an AII-BOO tuairiscí “ginearálta” ar thorthaí iniúchóireachta san earnáil. Seolfar a leithéid de thuairiscí chuig bPríomhfheidhmeannach gach BOO chun cabhrú leis an mbainistíocht fheidhmiúcháin easnaimh a d’fhéadfadh a bheith ann a aimsiú agus feabhsuithe riachtanacha ar chóras an rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm.

**An Clár um Dhearbhú agus Feabhsú Cáilíochta**
Coinneoidh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí clár um dhearbhú agus feabhsú cáilíochta a chlúdaíonn gach gné den ngníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí.

Ba chóir athbhreithniú seachtrach ar an AII-BOO a dhéanamh uair amháin i dtréimhse cúig bliana ar a laghad. Ba chóir d’athbhreithnitheoir cáilithe neamhspleách nó d’fhoireann athbhreithnithe ó thaobh amuigh den eagraíocht é a dhéanamh. Déanfar an t-athbhreithniú trí thagairt do Théarmaí Tagartha an AII-BOO.

Roghnóidh an Coiste Stiúrtha athbhreithnieoir / foireann athbhreithnithe oiriúnach neamhspleách le haird chuí ar a neamhspleáchas, aon choimhlint leasa a d’fhéadfadh a bheith ann san áireamh.

D’fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna nó an Coiste Stiurtha le faomhadh ón Roinn comhad iniúchóireachta an AII-BOO a iarraidh i dtaobh BOO ar bith agus bliana ar bith chun go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach air. Ina leithéid de chúinsí bheadh d’oibleagáid ar an athbhreithnitheoir seachtrach an chomhad a athbhreithniú faoi rún.

Beidh Stiúrthóir an iniúchta inmheánaigh ag déanamh cumarsáide leis an mbainistíocht shinsearach agus leis an mBord faoi dhearbhú cáilíochta agus faoi chlár feabhsaithe na gníomhaíochta iniúchoireachta, rud lena n-áirítear torthaí na measúnachtaí idir inmheánach agus seachtrach, a dhéantar i gceann gach cúig bliana.

**Cairt Gníomhaíocht na hIniúchóireachta Inmheánaí**

Arna fhaomhadh ar an _______ lá de____________, _________.

_________________________________
Ceann an Aonaid Inmheánaigh

_________________________________ ____________________________

Cathaoirleach an Bhoird/ Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Príomhfheidhmeannach

**Aguisín 11: Teimpléad Téarmaí Tagartha do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**[1]

Cuirfidh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bun agus cothóidh sé é de réir forálacha Ailt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Mar Choiste an Bhoird tacóidh an Coiste seo leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí as rialú inmheánach a chuimsíonn rialachas corparáideach, bainistiú riosca, iniúchadh inmheánach agus rialuithe airgeadais/neamh-airgeadais agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na gcinnteachtaí i ndáil le freastal ar riachtanais chinnteachta an Bhoird agus i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na gcinnteachtaí seo.

Ba chóir a thabhairt faoi deara maidir leis an earnáil BOO, gurb é an Coiste Airgeadais a chomhlíonann cuid de na feidhmeanna a dhéanann coistí Iniúchóireachta agus Riosca de ghnáth. Caithfidh an Bord an Coiste Airgeadais a bhunú leis de réir forálacha Ailt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Is é an Bord atá freagrach faoi dheireadh thiar as a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh cuí curtha ar bun sa BOO ag an bPríomhfheidhmeannach, córas a chuimsíonn bainistiú riosca agus, rialachas corparáideach.

I bhfeidhmiú a róil beidh cúnamh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ó bhainistíocht fheidhmiúcháin, iniúchadh inmheánach (AII-BOO) agus ó iniúchadh seachtrach (ARC&C).

**Ballraíocht**

- Ba chóir idir 6 agus 8 mball a bheith ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Ceapfaidh an Bord baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ainmneoidh an Cathaoirleach. Ní bheidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina bhall den mBord.
- Is iad seo baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:
    - Baill bhoird (triúr ar a mhéid): *[liostáil iad siúd atá ceaptha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca];*
    - baill sheachtracha neamhspleácha: [*liostáil iad siúd atá ceaptha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca; (i ngach cás cuir in iúl an dáta ceaptha agus an dáta a mbeidh an tréimhse istigh /incháilithe i gcomhair athnuachana)];*
    - beidh [*ainm*] mar chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach socruithe cuí le haghaidh tacaíocht riaracháin an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is iad [*ainm/neacha*] a chuirfidh an fheidhm seo ar fáil don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**Tuairisciú**

- Tuairisceoidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go foirmiúil i scríbhinn don mBord 4 uaire sa bhliain ar a laghad (Alt 45, an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2018)
- Cuirfidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc ar fáil don mbliain atá in am chun tacú le críochnú ráiteas airgeadais agus tuarascáil bhliantúil an BOO. Tabharfar achoimre iontu ar (1) toradh na dtuairiscí iniúchóireachta inmheánaí (2) uiríll bhainistíochta a fuarthas (3) clár iniúchóireachta inmheánaí a thugann breac-chuntas ar an iniúchadh inmheánach
- Cuirfidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc ar fhéin-mheastóireacht an Choiste ar fáil

**Freagrachtaí**

Is é an phríomhfhreagracht atá ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle a chur ar an mBord faoi chóras rialaithe inmheánaigh an BOO a bheith á oibriú go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus go dtugann an córas tuairiscithe inmheánaigh rabhadh luath má theipeann ar rialú inmheánach agus maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn. Tuairisceoidh an Coiste don mBord maidir le Rialú Inmheánach.

Cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an fhreagracht seo i gcrích trí thuairiscí iniúchóireachta inmheánaí atá ar fáil a scrúdú agus a mheas agus trí thuairisciú chuig an mbord ar cé acu, an bhfuil nó nach

[1] Oiriúnaithe ón *"Audit and Risk Assurance Committee Handbook"* (HM Treasury, Márta 2016)

bhfuil an Príomhfheidhmeannach, i dtuairim an iniúchóra inmheánaigh, ag oibriú córais chuí rialaithe inmheánaigh sna réimsí a ndearnadh iniúchóireacht orthu.

Cuirfidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle ar an mBord maidir le:

- na próisis straitéiseacha maidir le riosca, rialú inmheánach agus rialachas;
- litir uiríll an bhainisteora chuig na hiniúchóirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht phleanáilte agus torthaí na hiniúchóireachta idir inmheánach agus sheachtrach;
- leordhóthanacht freagra na bainistíochta d'fhadhbanna a aimsíodh tríd an ngníomhaíocht iniúchóireachta, litir uiríll ó bhainistíocht na hiniúchóireachta seachtraí san áireamh;
- dearbhuithe maidir le bainistíocht riosca agus maidir le riachtanais um rialachas corparáideach don gcomhlacht Stáit;
- polasaithe frith-chalaoise, próisis um nochtadh cosanta agus socruithe um imscrúduithe speisialta; agus
- lena chois sin déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar a éifeachtacht féin agus tuairisceoidh na torthaí don mBord.

**Nósanna Imeachta agus Clár Oibre**

Le haird chuí ar na socruithe náisiúnta um iniúchadh inmheánach don earnáil BOO agus ar thuairiscí iniúchóireachta inmheánaí a bheith ar fáil, ba chóir na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

i) **Iniúchadh inmheánach:** Monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht gníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí an chomhlacht Stáit

ii) **Raon na hOibre:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca féachaint ar raon obair an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus a mheas cé acu an gcuireann nó nach gcuireann na hacmhainní agus an rochtain atá ar fáil ar dhaoine agus fhaisnéis ar chumas an Aonaid tabhairt faoi rioscaí suntasacha san eagraíocht.

iii) **Plean Iniúchóireachta:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca cur le forbairt clár iniúchóireachta na nAII-BOO mar is gá, agus moltaí á ndéanamh aige maidir le réimsí riosca agus faidhbe ar chóir don bplean iniúchóireachta tabhairt fúthu. Ba chóir go bhfaigheadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairiscí ar dhul chun cinn go rialta ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí.

iv) **Iniúchóir Seachtrach:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar Litreacha Bainistíochta agus ar an Litir Uiríoll agus ba chóir dó deis a fháil féachaint ar fhreagraí na heagraíochta ar Litreacha Bainistíochta agus tuairiscí an iniúchóra sheachtraigh.

v) **Tuairimí an Iniúchóra Sheachtraigh:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairimí an iniúchóra sheachtraigh ar obair agus éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a iarraidh. Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca teagmháil a dhéanamh leis an iniúchóir seachtrach uair amháin sa bhliain ar a laghad gan pearsanra feidhmiúcháin a bheith i láthair d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon fhadhbanna gan réiteach atá ina n-ábhar imní. Lena chois sin ba chóir dó na hiniúchóirí seachtracha a chur ar an eolas faoi fhadhbanna maidir le rialachas corparáideach a bhfuil cur-síos sa Chód seo nach mór don gcomhlacht Stáit a chomhlíonadh.

vi) **Comhar idir an Iniúchóir Seachtrach agus an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí:** Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca comhar idir an iniúchóir seachtrach agus an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí a chur chun cinn agus dearbhú a fháil ón iniúchóir seachtrach agus ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí maidir le héifeachtacht a gcaidreamh oibre. Áirítear air seo go roinntear pleananna iniúchóireachta chun dúbailt iarrachta a sheachaint. Ba chóir don Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí cóipeanna de gach tuairisc ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí a chur ar fáil don iniúchóir seachtrach.

vii) Lena chois sin ba chóir don gCoiste féachaint ar:

- éifeachtacht agus leordhóthanacht polasaithe frith-chalaoise, frith-éillitheachta agus nochtaithe chosanta agus ar eolas na foirne orthu sin;
- cé acu an gcuireann nó nach gcuireann an rialú airgeadais lena n-áirítear an struchtúr tarmligin, ar chumas na heagraíochta a cuid cuspóirí a bhaint amach ar bhonn luach ar airgid; agus

- o cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na nósanna imeachta um bhreithmheas infheistíochta oiriúnach dá bhfeidhm agus an bhfuil siad ag teacht le dea-chleachtas, prionsabail agus riachtanais ábhartha Cód Caithimh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe san áireamh.

vii) **Ráiteas ar Rialú Inmheánach:** Lena chois sin ba chóir don gCoiste deimhin a dhéanamh de dó féin go raibh córas an chomhlacht Stáit ag oibriú go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus go dtugann an córas tuairiscithe inmheánaigh rabhadh luath má theipeann ar rialú inmheánach agus maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn. Tuairisceoidh an Coiste don mBord maidir le Rialú Inmheánach.

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha an bliana roimhe a luaithe is féidir gach bliain, sula bhféachann an Coiste Airgeadais ar na cuntais bhliantúla, tríd an obair a ndéantar cur-síos uirthi thíos a dhéanamh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar leabhair miontuairiscí an Bhoird, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais agus ar ghnéithe ábhartha eile, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon neamhréireachtaí iontu seo le measúnú ar bith ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i dtuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaí agus in uiríll bhainistíochta. D'fhéadfadh go mbeadh ar chumas an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí cabhrú leis an gCoiste Iniúchóireachta an t-athbhreithniú seo a dhéanamh

Scrúdóidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairiscí iniúchóireachta inmheánaí atá ar fáil agus measfaidh iad agus tuairisceoidh don mbord ar cé acu, an bhfuil nó nach bhfuil an Príomhfheidhmeannach, i dtuairim an iniúchóra inmheánaigh, ag oibriú córais chuí rialaithe inmheánaigh sna réimsí a ndearnadh iniúchóireacht orthu.

Má chuireann an t-iniúchóir in iúl go bhfuil rialú inmheánach leordhóthanach sa réimse a ndearnadh iniúchadh uirthi ina t(h)uairim, ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tuiscint dhomhain a bheith aige ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, chun iad a chur in iúl don bpríomh-Bhord. D'fhéadfadh go mbeadh gá le cruinniú leis an iniúchóir inmheánach chun brí agus suntasacht an cháis a dheimhniú.

Is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith i dteagmháil leis an iniúchóireacht inmheánach maidir le gnó ar bith a bhaineann leis na réimsí a rinne an iniúchóireacht inmheánach a iniúchadh roimhe seo. Ba di é seo a dhéanamh má dhealraítear don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ó imeachtaí/nochtuithe a tharla níos déanaí nach bhfuil córais rialaithe inmheánaigh leordhóthanacha cuí i bhfeidhm, i dtreo is go bhfuil tuiscint shoiléir aige ar an scéal.

Maidir leis na réimsí nach ndearnadh iniúchóireacht orthu le déanaí féachfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar thuairiscí iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha agus gheobhaidh deimhniú ón bPríomhfheidhmeannach go raibh an córas rialaithe inmheánaigh a bhí ag oibriú le roinnt blianta anuas i bhfeidhm i mbliana de réir mar a bhí sé leasaithe trí mholtaí ar bith a bhí i dtuairiscí iniúchóireachta roimhe seo. Déanfaidh an Coiste tuairim maidir le bailíocht an dearbhaithe seo i bhfianaise na ngnéithe ábhartha ar fad lena n-áirítear nach bhfuil oibriú na rialuithe inmheánacha seo dearbhaithe ag an iniúchóireacht inmheánach.

Agus an obair seo á déanamh aige ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca féachaint ar gach ábhar imní ábhartha. D'fhéadfadh iad seo a leanas a bheith san áireamh:

- Toradh ar imscrúdú ar mhír ar leith;
- Toradh iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim;
- Toradh ar chaingean dlí i gcoinne an BOO;
- Teagmhais chalaoise;
- Cé acu ar ghá nó nár ghá na cuntais a athshíniú le linn na gcúig bliana roimhe.

**Cearta**

Is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Féachaint at gach tuairisc ábhartha a ullmhaíodh do AII-BOO nó acu
- Gnó ar bith a cheistiú atá laistigh de raon a chuid téarmaí tagartha
- Moladh go gceapfadh an Bord (faoi réir uaslíon ball) baill bhreise chun sainscileanna, saineolas agus taithí a chur ar fáil; agus

- Comhairle speisialtóra ar an toirt a chur ar fáil ar chostas réasúnta an BOO, faoi réir buiséad atá comhaontaithe ag an mBord agus luchtanna maoinithe lena mbaineann nó iarraidh ar dhaoine ag a bhfuil an taithí ábhartha agus nach Baill den mBord iad, freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**Rochtain**

Beidh rochtain shaor faoi rún ag Stiúrthóir na nAII-BOO agus ag ionadaí an ARC&C ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**Cruinnithe**

- Beidh cruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ceithre uaire sa bhliain ar a laghad. Is féidir le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca cruinnithe breise a thionól de réir mar a mheastar a bheith gá;
- Meastar córam a bheith ann má bhíonn triúr ball den gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i láthair agus duine amháin díobh seo gan a bheith ina b(h)all den mBord.
- Is é cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a shocróidh clár oibre le haghaidh cruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Níl ach baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i dteideal a bheith i láthair ag cruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. De réir mar a éilíonn gnó an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ba chóir don bPríomhfheidhmeannach, do Stiúrthóir OSD agus don Oifigeach Airgeadais (mar shampla) freastal ar chruinnithe ar leith nó ar mhíreanna clár oibre ar leith má iarrann an Coiste é;
- Is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca iarraidh ar oifigeach ar bith eile den BOO freastal ar an gcruinniú chun cabhrú leis i dtaobh a chuid pléite agus aon ghnó ar leith ar bith.
- Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca iarraidh ar na hiniúchóirí inmheánacha nó ar na hiniúchóirí seachtracha (ARC&C) freastal air de réir mar is gá.
- Is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca iarraidh ar dhuine ar bith nó ar gach duine atá i láthair ach nach baill iad, dul as láthair d'fhonn plé oscailte macánta ar ghnó ar leith a éascú;
- Is féidir leis an mBord iarraidh ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tuilleadh cruinnithe a thionól chun ceisteanna ar leith a phlé a bhfuil comhairle an Choiste á lorg aige ina leith
- Táthar ag súil ó gach ball den gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca freastal ar gach cruinniú.
- Más rud é nach bhfuil an cathaoirleach i láthair ag cruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag a bhfuil córam caithfidh ball den gCoiste nach ball Boird é/í feidhmiú mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i gcomhair an chruinnithe sin.

**Riachtanais maidir le Faisnéis**

Cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (tamall maith roimh an gcruinniú):

- tuairisc a thugann achoimre ar athruithe suntasacha ar bith ar rioscaí straitéiseacha sa BOO agus cóip den gClár Rioscaí straitéiseach/corparáideach;
- tuairisc ar dhul chun cinn ar an Iniúchadh Inmheánach ina dtugtar achoimre ar:
  - obair atá déanta (agus comparáid le hobair atá ar na bacáin);
  - cóip den tuairisc is déanaí ar iniúchadh inmheánach
  - príomhcheisteanna a éiríonn as obair an iniúchta inmheánaigh;
  - freagra na bainistíochta do mholtaí na hiniúchóireachta;
  - Athrú ar bith ar an bplean iniúchóireachta inmheánaí comhaontaithe mar atá curtha in iúl ag an AII-BOO
  - ceist ar bith maidir le hacmhainniú a imríonn tionchar ar sholáthar cuspóirí an iniúchta inmheánaigh.
- tuairisc ar dhul chun cinn (i scríbhinn/i bhfocail) ó ionadaí an ARC&C ina dtugtar achoimre ar an obair atá déanta agus ar thorthaí atá ag teacht chun cinn (d'fhéadfadh gnéithe den obair ghinearálta a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, m. sh. tuairiscí ar Luach ar Airgead agus torthaí maidir le dea-chleachtas);
- tuairiscí um dhearbhú bainistíochta/*uiríll fheidhmiúcháin maidir le rialuithe inmheánacha i scríbhinn agus iad sínithe ag an bPríomhfheidhmeannach*
- tuairiscí ar bhainistiú mórtheagmhas, "neas-thimpistí" agus ceachtanna a foghlaimíodh.

Lena chois sin cuirtear na nithe seo a leanas ar fáil don gCoiste de réir mar a bhíonn gá leis agus nuair a bhíonn gá leis:

- dréacht-ráitis airgeadais na heagraíochta;
- dréacht-ráiteas rialachais;
- tuairisc ar athruithe ar bith ar bheartais chuntasaíochta;
- litir bainistithe an ARC&C;
- Ráiteas ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh; agus
- straitéis bainistithe riosca na heagraíochta maidir le cláir gníomhaireachta agus cláir fhéin-airgeadaithe.

Agus maidir le socruithe náisiúnta do na hAII-BOO:

- moltaí do théarmaí tagartha an iniúchta inmheánaigh / cairt an iniúchta inmheánaigh;
- an straitéis iniúchta inmheánaigh;
- tuairiscí um dhearbhú cáilíochta ar na hAII-BOO;
- tuairisc ar chomhar idir iniúchadh inmheánach agus iniúchadh seachtrach; agus

Sa liosta atá curtha ar fáil luaitear na riachtanais íosta i dtaobh na nithe ba chóir a chur ar fáil don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. I gcásanna áirithe is féidir níos mó a chur ar fáil.

**Na Miontuairiscí**

- Glacfaidh an Coiste leis na miontuairiscí.
- Beidh na nithe seo a leanas iontu:
  (a) Mionsonraí na nósanna imeachta ar chloígh an Coiste leo agus a chuid dualgas á gcomhlíonadh aige;
  (b) Toradh obair an Choiste;
  (c) Measúnú an Choiste ar shláine uiríll na bainistíocht feidhmiúcháin;
  (d) Moladh an Choiste, más ann dó, don mBord.
- Ullmhófar miontuairiscí cruinnithe agus eiseofar iad go tráthúil do bhaill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Ba chóir cóipeanna na miontuairiscí a choinneáil go slán sábháilte in oifigí riaracháin an BOO agus ba chóir gan rochtain a bheith orthu, de ghnáth, ach ag baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

**Aguisín 12: Clár Iniúchóireachta Samplach**

| CLÁR INIÚCHÓIREACHTA | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **BLIAIN** | **RÉIMSE A nDEARNADH INIÚCHÓIREACHT UIRTHI** | | | | **TUAIRIM NA hINIÚCHÓIREACHTA** | | **IMPLEACHTAÍ TUAIRIME DIÚLTAÍ** | **MOLTAÍ INIÚCHÓIREACHTA ARNA gCUR I bhFEIDHM** | **CUR I bhFEIDHM ARNA INIÚCHADH** | | **AN CÁS I LÁTHAIR NA hUAIRE** |
| | CLÁR | TIONSCADAL | GIORRÚCHÁN TIONSCADAIL | Ioncam / Caiteachas Bliantúil an Tionscadail | Rialuithe Leordhóthanach agus ag Oibriú | Rialuithe Leordhóthanach agus gan a bheith ag Oibriú | | | | | |
| | | | | €k | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| 2016 | Pá Príomh-Scéime | Leithdháileadh Múinteoirí & Uaireanta Comhoibrithe | Leith Múint | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| 2016 | Breisoideachas | Litearthacht Aosach | Lit Aos | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| 2016 | Breisoideachas | Oideachas Pobail | Oid Pob | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| 2015 | Fáltais Príomh-Scéime | Rang Oíche/ Iar-Ard-Teist Macléinn/Fáltais Ceann-oifige | Fált. Príomh-Sc | | | | | | | | |

**Aguisín 13: Teimpléad Ráitis ar Chóras Rialaithe Inmheánaigh**

Ba chóir an teimpléad seo a mhionathrú agus a thabhairt cothrom le dáta le haird chuí do chúinsí an BOO

**Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Mar Chathaoirleach (Ainm an BOO), dearbhaím go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh éifeachtúil éifeachtach eacnamúil á chothabháil agus á oibriú. Is é is cuspóir dá leithéid de chóras a chinntiú go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad agus go gcoisctear mórearráidí nó mírialtachtaí nó go n-aimsítear in am trátha iad.

***Príomh-nósanna imeachta rialaithe***

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú tríd na nithe seo a leanas:
- Freagrachtaí foirne agus bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha ar rialú a thuairisciú agus beart ceartúcháin cuí a chinntiú;
- Nósanna imeachta a bhunú chun gach riosca a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh bac a chur ar an mBOO a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh atá á oibriú i (Ainm an BOO) bunaithe ar:
- nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe;
- Deighilt dualgas;
- údaruithe ar leith;
- seiceáil inmheánach;
- athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuairiscí ina mínítear torthaí iarbhír agus torthaí de réir an bhuiséid ar chláir atá á n-oibriú ag an mBOO.

Tá na nithe seo a leanas mar bhonn eolais ag athbhreithniú monatóireachta an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:
- obair an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhéachann ar thuairiscí iniúchóireachta inmheánaí agus ar thuairiscí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a thuairiscíonn don mbord ar cé acu, an bhfuil nó nach bhfuil an Príomhfheidhmeannach, i dtuairim an iniúchóra inmheánaigh, ag oibriú córais chuí rialaithe inmheánaigh.
- príomhfheidhmeannach atá freagrach as creat rialú airgeadais;
- moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó tuairiscí eile.

Cuirtear Iniúchadh Inmheánach ar fáil ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh-Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO). Rinneadh an tIniúchadh Inmheánach deireanach i [bliain] agus bhain sé leis an méid seo a leanas (cuir isteach réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu):

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Geallann (Ainm an BOO) córas rialaithe inmheánaigh éifeachtúil éifeachtach eacnamúil a oibriú. Dearbhaím go ndearnadh an BOO athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 20_ agus mheas sé go raibh siad sásúil.

Síniú:__________________________________ Dáta:____________________

**Aguisín 14: Téarmaí Tagartha don gCoiste Airgeadais**

Cuirfidh an Bord Airgeadais ar bun agus cothóidh sé é de réir forálacha Ailt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Mar choiste den mBord tacóidh an Coiste seo leis an mBord de réir a chuid freagrachtaí maidir le cúrsaí airgeadais.

Is é an Bord atá freagrach, ar deireadh thiar, as gnóthaí lena n-áirítear cuntais a choinneáil, plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh agus as an gcumhacht iasacht airgid a fháil.

I bhfeidhmiú a róil beidh cabhair ar fáil don gCoiste Airgeadais ón mbainistíocht fheidhmiúcháin.

**Ballraíocht**

- Ba chóir idir 3 agus 7 mball a bheith ar an gCoiste Airgeadais;
- Ceapfaidh an Bord na baill agus ainmneoidh an Cathaoirleach. Níor chóir do Chathaoirleach an Choiste Airgeadais feidhmiú mar Chathaoirleach an Bhoird
- Níor chóir don bPríomhfheidhmeannach ná do dhuine eile ag a bhfuil feidhm fheidhmiúcháin a bheith ina b(h)all den gCoiste Airgeadais;
- Ba chóir don gCoiste Airgeadais ball amháin ar a laghad ó thaobh amuigh den mBOO ag a bhfuil taithí airgeadais ábhartha a ghlacadh san áireamh;
- Is iad seo a leanas ball an Choiste Airgeadais:
  [*ainm/neacha*]
- Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach socruithe cuí le haghaidh riachtanais an Choiste Airgeadais maidir le tacaíocht riaracháin. Is iad [*ainm/neacha*] a chuirfidh an fheidhm seo ar fáil don gCoiste Airgeadais.

**Tuairisciú:**
Tuairisceoidh an Coiste Airgeadais go foirmiúil i scríbhinn don mBord 4 uaire sa bhliain ar a laghad (Alt 45, an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013)
Cuirfidh an Coiste Airgeadais tuairisc ar fáil don mbliain a bheidh in am chun go dtacóidh sí le measúnú an Bhoird ar dhréacht-ráitis airgeadais bhliantúla.
Cuirfidh an Coiste Airgeadais tuairisc ar fhéin-mheastóireacht an Choiste ar fáil.

**Freagrachtaí:**

- Tuairisciú don mBord ceithre uaire sa bhliain ar a laghad, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Plean Seirbhíse á chur i ngníomh ag an bPríomhfheidhmeannach de réir mar atá glactha ag an mBord, agus laistigh de theorainneacha caiteachais atá leagtha síos ag an Aire. Déantar é seo trí fhéachaint ar na cuntais mhíosúla agus ar thuairiscí ar an dtoirt a thug an Príomhfheidhmeannach don mBord.
- Comhairle a chur ar an mBord ar pholasaithe cuntasaíochta, ráitis airgeadais agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta lena n-áirítear an próiseas um athbhreithniú ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach i gcomhair a n-iniúchta, tar éis leibhéil earráide a bheith aitheanta, agus litir uiríll na bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha;
- Athbhreithniú ar an ndréacht-Phlean Seirbhíse agus tuairisciú ina thaobh don mBord;
- Comhairle a chur ar an bpríomhchoiste maidir le cé acu ar chóir nó nár chóir glacadh leis na cuntais mar a cuireadh i láthair iad ag an bPríomhfheidhmeannach agus moladh a thabhairt i dtaobh ar chóir don gCathaoirleach iad a shíniú. Agus é seo á dhéanamh aige deimhníonn an Coiste Airgeadais go measann sé, de réir na faisnéise atá ar fáil dó, go stugann na ráitis airgeadais léargas cuí ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird.
- Déanfaidh an Coiste Airgeadais socrú chun tuairiscí a ullmhú don mBord.

**Cearta:**
Is féidir leis an gCoiste Airgeadais:

- Gnó ar bith a cheistiú atá laistigh de raon a chuid téarmaí tagartha
- Moladh go gceapfadh an Bord (faoi réir uaslíon ball) baill bhreise chun sainscileanna, saineolas agus taithí a chur ar fáil; agus
- Comhairle speisialtóra ar an toirt a chur ar fáil ar chostas réasúnta an BOO, faoi réir buiséad atá comhaontaithe ag an mBord agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, nó iarraidh ar dhaoine ag a

bhfuil an taithí ábhartha agus nach Baill den mBord iad, freastal ar chruinnithe an Choiste Airgeadais.

- Mura bhfuil eolas ná taithí a dhóthain ag baill an Choiste Airgeadais ar réimse áirithe is féidir leis an gCoiste Airgeadais iarraidh ar dhaoine eile ag a bhfuil taithí ábhartha freastal ar chruinnithe, ach ní ceadmhach iarraidh ar an bPríomhfheidhmeannach ná ar dhaoine eile ag a bhfuil feidhm fheidhmiúcháin a leithéid a dhéanamh.

**Cruinnithe**

Beidh cruinniú ag an gCoiste Airgeadais ceithre uaire sa bhliain ar a laghad. Is féidir le Cathaoirleach an Choiste Airgeadais cruinnithe breise a thionól de réir mar a mheastar a bheith gá;

- meastar córam a bheith ann má bhíonn triúr bhall den gCoiste Airgeadais i láthair ar a laghad;
- Is é cathaoirleach an Choiste Airgeadais a shocróidh clár oibre le haghaidh cruinniú an Choiste Airgeadais;
- Níl ach baill an Choiste Airgeadais i dteideal a bheith i láthair ag cruinniú an Choiste Airgeadais. De réir mar a éilíonn gnó an Choiste Airgeadais ba chóir don bPríomhfheidhmeannach, do Stiúrthóir OSD agus don Oifigeach Airgeadais (mar shampla) freastal ar chruinnithe ar leith nó ar mhíreanna clár oibre ar leith má iarrann an Coiste é;
- Is féidir leis an gCoiste Airgeadais iarraidh ar oifigeach ar bith eile den BOO freastal ar an gcruinniú chun cabhrú leis i dtaobh a chuid pléite agus aon ghnó ar leith ar bith;
- Is féidir leis an gCoiste Airgeadais iarraidh ar dhuine ar bith nó ar gach duine atá i láthair ach nach baill iad, dul as láthair d’fhonn plé oscailte macánta ar ghnó ar leith a éascú;
- Is féidir leis an mBord iarraidh ar an gCoiste Airgeadais tuilleadh cruinnithe a thionól chun ceisteanna ar leith a phlé a bhfuil comhairle an Choiste á lorg aige ina leith;
- Táthar ag súil ó gach ball den gCoiste Airgeadais freastal ar gach cruinniú.

**Riachtanais maidir le Faisnéis:**

- Ba chóir rochtain a thabhairt do bhaill an Choiste Airgeadais ar chuntais mhíosúla agus ar thuairiscí ar an dtoirt eile nó a iarrtar tamall maith roimh chruinniú an Choiste Airgeadais. Ní mór do bhaill a bheith ar an eolas i gcónaí ar riachtanas an Chóid Iompair sin nach mór dóibh caitheamh go cáiréiseach le gach faisnéis a fhaigheann siad le linn dóibh a bheith ag feidhmiú mar bhaill an Choiste.
- Ba chóir uiríll fheidhmiúcháin maidir le gnóthaí a bhaineann leis an gCoiste Airgeadais, i scríbhinn ón bPríomhfheidhmeannach a chur ar fáil roimh na cruinnithe. D’fhéadfadh an Coiste Airgeadais iarraidh ar an bPríomhfheidhmeannach nó ar dhuine eile ag a bhfuil feidhm fheidhmiúcháin aige/aici freastal ar an gcruinniú, más gá, chun faisnéis a thabhairt nó gnó ar leith a shoiléiriú.
- Lena chois sin cuirtear na nithe seo a leanas ar fáil don gCoiste de réir mar a bhíonn gá leis agus nuair a bhíonn gá leis:
    - dréacht-ráitis airgeadais an BOO
    - dréacht-Ráiteas ar Rialú Inmheánach don mBOO

**Na Miontuairiscí**

- Glacfaidh an Coiste leis na miontuairiscí.
- Beidh na nithe seo a leanas iontu:
    (a) Mionsonraí na nósanna imeachta ar chloígh an Coiste leo agus a chuid oibre á comhlíonadh aige
    (b) Toradh obair an Choiste
    (c) Moladh an Choiste, más ann dó, don mBord
- Ullmhófar miontuairiscí cruinnithe agus eiseofar iad go tráthúil do bhaill an Choiste Airgeadais;
- Ba chóir cóipeanna na miontuairiscí a choinneáil go slán sábháilte in oifigí riaracháin an BOO agus ba chóir gan rochtain a bheith orthu, de ghnáth, ach ag baill an Choiste Airgeadais.

**Tacaíocht Riaracháin**

- Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach socruithe cuí le haghaidh riachtanais an Choiste Airgeadais maidir le riarachán.

**Aguisín 15: Téarmaí Tagartha don Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí - Boird Oideachais agus Oiliúna**

**Téarmaí Tagartha don Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí - Boird Oideachais agus Oiliúna**

**Nollaig 2018**

## 1. Iniúchadh inmheánach

Déanann iniúchadh inmheánach ionracas na dtáscairí feidhmíochta airgeadais agus oibríochtúla uile a mheas, lena n-áirítear comhlíonadh rialála, agus tugann sé tuairim neamhspleách don gCoiste Iniúchóireachta, ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais iomláin rialuithe inmheánacha agus dearbhaithe san eagraíocht, agus a oiread agus is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta, agus an Bord[1] dá éis, brath orthu seo.

D'fhéadfaí cur-síos mar seo a dhéanamh ar Iniúchadh Inmheánach: Gníomhaíocht um dhearbhú neamhspleách oibiachtúil comhairleach atá beartaithe chun luach a chur le hoibriú na heagraíochta agus é a fheabhsú. Cabhraíonn sé leis an eagraíocht chun a chuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach a bhfuil smacht á choinneáil air a chur ar fáil d'fhonn éifeachtacht bainistiú riosca, rialú inmheánach agus próisis rialachais a mheas agus a fheabhsú. Meastar gur gníomhaíocht thánaisteach é gné chomhairleach an iniúchta inmheánaigh (féach 6 thíos).

## 2. Iniúchadh inmheánach san earnáil BOO

Is é príomhchuspóir an iniúchta inmheánaigh in earnáil an BOO ná dearbhú a chur ar fáil don Choiste Iniúchóireachta go bhfuil an córas um rialú inmheánach mar atá á chur i bhfeidhm ag an mbainistíocht feidhmiúcháin leordhóthanach agus ag feidhmiú go héifeachtach.

Baineann an fheidhm iniúchta inmheánaigh é seo amach trí mheasúnú neamhspleách ar leordhóthanacht an rialaithe inmheánaigh a dhéanamh agus a thuairisciú don gCoiste Iniúchóireachta mar rannchuidiú i leith úsáid acmhainní atá cuí eacnamúil éifeachtúil éifeachtach.

Sa chomhthéacs seo, ní seiceáil inmheánach agus iniúchadh inmheánach amháin atá i gceist leis an rialú inmheánach, ach an córas iomlán de rialuithe, rialuithe airgeadais agus rialuithe eile, lena n-áirítear bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach, atá bunaithe ag an mbainistíocht leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- na sócmhainní a chosaint,
- ionracas na n-idirbheart a dhaingniú,
- cruinneas agus iontaofacht na dtaifead a dhaingniú chomh fada agus is féidir.

## 3. Freagrachtaí fheidhm iniúchta inmheánaigh an AII-BOO

Ba chóir don iniúchóir inmheánach a leithéid oibre a dhéanamh a cheapann sé/sí a bhfuil gá leis le bheith in ann tuairisciú don Choiste Iniúchóireachta go bhfuil córas an BOO um rialú inmheánach, sa réimse a ndearnadh tástáil air, ag feidhmiú go héifeachtach, ina thuairim nó ina tuairim féin.

Is iad seo a leanas an obair atá riachtanach leis an bhfreagracht seo a chomhlíonadh:

- Mionsonraí a chur ar fáil faoi chuspóirí, gníomhaíochtaí agus áiseanna de chuid BOO;
- Inghlacthacht riosca an Bhoird a mheas
- Taifeadadh agus measúnú a dhéanamh ar nósanna imeachta oibríochta agus modhanna taifeadta de chuid BOO;
- Taifeadadh agus meastóireacht a dhéanamh ar na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialachais chorparáidigh;
- Conclúidí a fháil ó thorthaí thástálacha na rialuithe agus nósanna imeachtaí substainteacha sa réimse iniúchta agus tátail a bhaint astu;

[1] Baineann an téarma "Bord" mar a úsáidtear é ar fud an doiciméid leis an *eintitéis* a chuimsíonn baill thofa agus baill cheaptha an BOO agus iad i mbun seisiúin.

- Tuairisciú don Choiste Iniúchóireachta, ag tabhairt breac-chuntais ar thoradh an iniúchta a rinneadh, ina bhfuil mionsonraí maidir leis na moltaí atá déanta agus freagraí na bainistíochta don chéanna;
- Tuairim fhoriomlán a chur ar fáil don gCoiste Iniúchóireachta, agus don mBord dá éis, ar leordhóthanacht
- agus éifeachtacht córais rialaithe sa réimse iniúchta;
- Na moltaí comhaontaithe a bheith curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht ina dhiaidh sin, ar bhonn tráthúil.

Ní mar chuid breise nó in ionad na bainistíochta atá an t-iniúchadh inmheánach ach is í an bhainistíocht atá freagrach i gcónaí as na rialuithe oiriúnacha agus leordhóthanacha a bheith acu.

Dá réir sin tá an bhainistíocht fheidhmiúcháin amháin freagrach as:

- Córais rialaithe i mBOO a fhorbairt nó a chur i bhfeidhm;
- Moltaí a chur i bhfeidhm a moladh in iniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí reachtúla.

**4. Nósanna Imeachta Tuairiscithe**

(a) Tuairiscí a bhaineann go sonrach le BOO

Eiseoidh an AII-BOO dhá thuairisc a bhaineann go sonrach le BOO ag deireadh gach iniúchóireachta; *Tuairisc na dTorthaí agus na Moltaí* agus *Tuairisc na dTuairimí.*

I d*Tuairisc na dTorthaí agus na Moltaí* mionsonraítear an obair iniúchóireachta a rinneadh agus a moltaí a tugadh.

I d*Tuairisc na dTuairimí* tabharfar tátal foriomlán ar thorthaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus tabharfar breac-chuntas inti ar:

- Réimse nó clár a ndearnadh iniúchóireacht uirthi/air;
- Modh iniúchóireachta;
- Freagrachtaí ar leith an iniúchóra agus na bainistíochta feidhmiúcháin;
- Tuairim maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht in iniúchta inmheánaigh.

Agus iad críochnaithe, seolfar an dá thuairisc go díreach agus ag an am céanna faoi chlúdaigh ar leith chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus chuig an bPríomhfheidhmeannach.

(ii) Tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach cóip de *Thuairisc na dTuairimí* don ROS, agus do SHOLAS maidir le hiniúchtaí ar chláir atá á maoiniú ag SOLAS, laistigh de thrí sheachtaine ón tuairisc a fháil. Má chuireann an t-iniúchóir inmheánach tuairim in iúl i *dTuairisc na dTuairimí* nach bhfuil na rialuithe inmheánacha leordhóthanach (is é sin, easnamhach, níl ag oibriú nó an dá rud), cuirfidh an Príomhfheidhmeannach sonraí iomlána na míre nó na míreanna as a n-éiríonn an tuairim seo ar fáil don Roinn agus do SHOLAS maidir le hiniúchtaí ar chláir atá á maoiniú ag SOLAS.

Níor chóir aon thorthaí iniúchóireachta eile ná aon mholtaí a bhaineann leo a chur in iúl don Roinn ná do SHOLAS, mar is cuí.

(b) Tuairisc Ghinearálta chuig an mBainistíocht

Déanfaidh an AII-BOO tuairiscí "ginearálta" ar thorthaí iniúchóireachta san earnáil. Seolfar a leithéid de thuairiscí chuig bPríomhfheidhmeannach gach BOO chun cabhrú leis an mbainistíocht fheidhmiúcháin

easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú agus feabhsuithe riachtanacha ar chóras an rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm.

Ba chóir gach tuairisc ghinearálta a chur ar fáil don ROS, SOLAS agus do choiste stiúrtha an AII-BOO.

**5. Gníomhaíochtaí tuairiscithe coimhdeacha an AII-BOO**

Ullmhóidh an tAII-BOO tuairiscí breise ach amháin nuair a iarrann an Coiste Stiúrtha é agus é seo a bheith faofa ag an Roinn.

**6. Gníomhaíochtaí comhairleacha coimhdeacha**

Déantar gníomhaíochtaí comhairleacha ar bhonn go gcoinnítear neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an AII-BOO. Is é atá i gceist le gníomhaíochtaí comhairleacha coimhdeacha

(a) Aird a dhíriú ar easnaimh bhainistíochta sna córais rialaithe inmheánaigh;

(b) Comhairle a thabhairt maidir le gnéithe rialúcháin na gcóras;

(c) Cabhrú leis an bPríomhfheidhmeannach chun oiliúint a chur an bhfoireann faoi phrionsabail an bhainistiú riosca, an rialaithe inmheánaigh, an rialachais chorparáidigh, i ngéilliúlacht idir reachtúil agus iompair;

(d) An próiseas bainistiú riosca a éascú;

(e) Comhairle a chur ar an mbainistíocht maidir le saincheisteanna rialúcháin a bhaineann le hathruithe suntasacha a chur i ngníomh ar chórais na heagraíochta.

(f) Cúnamh teicniúil a chur ar fáil don mbainistíocht maidir le gníomhaíocht chalaoiseach amhrasta san eagraíocht a imscrúdú.

(g) Más cuí, agus le comhaontú ó Choiste Iniúchóireachta BOO roimh ré, imscrúdú a dhéanamh ar réimse riosca BOO ar leith/calaois amhrasta, mar atá aitheanta ag bainistíocht fheidhmiúcháin BOO nó ag an gcoiste iniúchóireachta. Ní dhéanfaidh an tAII-BOO imscrúdú ach amháin má:

- mheasann Stiúrthóir an AII-BOO é a bheith cuí agus má mheasann an Stiúrthóir go bhfuil ar chumas an AII-BOO an t-imscrúdú a dhéanamh.

- tá litir fostaíochta ar leith ó Choiste Iniúchóireachta an BOO curtha ar fáil roimh thús an imscrúdaithe.

- tá Plean Iniúchóireachta leasaithe faofa ag an gCoiste Stiúrtha.

Caomhnófar rúndacht gach gnó a bhaineann leis an réimse riosca/calaois amhrasta dár iarradh an t-imscrúdú gach uile thráth.

Tá an fhreagracht le calaois nó earráid a chosc nó a aimsiú orthu siúd atá i mbun rialachas an BOO agus ar bhainistíocht feidhmiúcháin an BOO; níl an fhreagracht seo ar an AII-BOO.

Ach, nuair a dhéantar na córais a thaifeadadh, a mheas agus a thástáil, breathnóidh an t- iniúchóir ar an bhféidearthacht go dtarlódh calaois nó earráid. Áit a dtagann an t-iniúchóir inmheánach ar chalaois nó earráid i ndáiríre nó go bhfuil amhras faoi gur tharla calaois nó earráid ba chóir dó/di fiosrúchán a dhéanamh faoi seo chomh fada agus is féidir.

**7. Scóip agus Neamhspleáchas**

(a) Comhlíonfaidh an tAII-BOO a dhualgais ar bhealach neamhspleách agus oibiachtúil agus beidh nósanna imeachta i bhfeidhm aige leis seo a léiriú.

(b) Baineann an t-iniúchadh inmheánach le gach gníomhaíocht a dhéanann an BOO nó atá á maoiniú aige, is cuma conas a dhéantar iad seo a rialú. Caithfidh rochtain iomlán a bheith ag an iniúchóir inmheánach ar gach taifead, réadmhaoin agus pearsanra an BOO sa cheann-oifig, i scoileanna agus in ionaid oideachais agus oiliúna agus caithfidh rochtain dhíreach a bheith aige/aici ar an gCoiste Iniúchóireachta.

(c) Ba chóir don AII-BOO clár um obair dearbaithe a reáchtáil mar atá leagtha amach agus faofa sa Phlean Iniúchóireachta.

(d) Agus an fheidhm seo á déanamh, fanfaidh an t-aonad inmheánach neamhspleách ar an mBOO, ar an bPríomhfheidhmeannach, ar an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar Choiste Stiúrtha.

(e) Níl ról ar bith ag an AII-BOO i mbainistíocht fheidhmiúcháin an BOO, agus ní thagann sé in ionad bainistíochta. Níl aon dualgais oibriúcháin ar bith air sa BOO.

**8. Caidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C)**

Cuirfidh an tAII-BOO a chuid páipéir oibre ar fáil don ARC&C má iarrtar é agus comhlánóidh obair an ARC&C ar bhonn leanúnach.

**9. Ról an BOO ina bhfuil an tAII-BOO bunaithe**

(a) Beidh an tAII-BOO bunaithe i mBOO ar leith.

(b) Beidh an BOO ina bhfuil an tAII-BOO bunaithe freagrach as gnáth-riarachán an AII-BOO de réir riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na dTéarmaí Tagartha.

(c) Cuirfidh an BOO ina bhfuil an tAII-BOO bunaithe faisnéis ar bith breise ar fáil maidir leis an Aonad a bheidh á lorg ag an Aire Oideachais agus Scileanna ó am go ham.

**10. Soláthar foirne**

(a) Beidh an tAII-BOO comhdhéanta de Stiúrthóir, iniúchóirí inmheánacha agus an fhoireann tacaíochta siúd a cheadaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna, le faomhadh ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(b) Beidh na coinníollacha ceapacháin agus seirbhíse faoi réir fhaomhadh ón Aire Oideachais agus Scileanna.

(c) Tuairisceoidh foireann atá ceaptha nó sannta don Aonad don Stiúrthóir.

(d) Tá dualgais an Stiúrthóra leagtha amach in aguisín 1.

**11. Athbhreithniú Seachtrach**

Ba chóir athbhreithniú seachtrach ar an AII-BOO a dhéanamh uair amháin i dtréimhse cúig bliana ar a laghad. Ba chóir d'athbhreithnitheoir cáilithe neamhspleách nó d'fhoireann athbhreithnithe ó thaobh amuigh den eagraíocht é a dhéanamh. Déanfar an t-athbhreithniú trí thagairt do Théarmaí Tagartha an AII-BOO.

Roghnóidh an Coiste Stiúrtha athbhreithnieoir / foireann athbhreithnithe oiriúnach neamhspleách le haird chuí ar a neamhspleáchas, aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh.

**12. Athbhreithniú Roinne nó an Choiste Stiúrtha**

D'fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna nó an Coiste Stiúrtha le faomhadh ón Roinn comhad iniúchóireachta an AII-BOO a iarraidh i dtaobh BOO ar bith agus bliana ar bith chun go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach air. Ina leithéid de chúinsí bheadh d'oibleagáid ar an athbhreithnitheoir seachtrach an chomhad a athbhreithniú faoi rún.

**13. Maoiniú**

Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna deontas bliantúil i leith oibriú an AII-BOO de chistí atá á gcur ar fáil ag an Oireachtas. Cuirfear faomhadh an bhuiséid agus méid an deontais bhliantúil in iúl don mBOO ina bhfuil an tAII-BOO bunaithe.

Ní thabhóidh an tAonad easnamh ná rótharraingt sa bhanc.

**Aguisín 1**

**Dualgais Stiúrthóir an AII-BOO**

Is iad seo na príomhdhualgais a bheidh air:

<u>Próiseas Tuairiscithe agus Iniúchta</u>

Tuairisciú

- Tuairim iniúchóireachta a thuairisciú do Choiste Iniúchóireachta gach BOO i ndáil le leordhóthanacht agus oibriú an rialaithe inmheánaigh sa BOO sin.

- Tuairisciú do bhainistíocht fheidhmiúcháin gach BOO:

    - sonraí na tuairime iniuchóireachta;
    - torthaí agus moltaí na hiniúchóireachta maidir lena BOO féin.
    - achoimre ar thorthaí agus moltaí san earnáil BOO go ginearálta.

Próiseas Iniúchóireachta

- Eolas a chur ar an reachtaíocht ábhartha, imlitreacha agus treoirlínte na Roinne;
- Córais agus próisis iniúchóireachta aonfhoirmeacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Cur chuige i leith pleananna agus oibre iniúchóireachta a fhorbairt atá bunaithe ar riosca;
- A chinntiú go gcuirtear an obair iniúchóireachta i gcrích de réir caighdeán ábhartha proifisiúnta le haird ar leith ar an ngá le hoibiachtúlacht na foirne iniúchóireachta inmheánaí a chosaint;
- Bearta a bhunú, a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm chun gach gné den obair iniúchta inmheánaigh a mheas agus athbhreithniú a dhéanamh air agus bearta cuí a ghlacadh chun déileáil le difríochtaí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid iniúchóireachta d’fhonn a chinntiú go ndearnadh an obair iniúchóireachta inmheánaí go proifisiúnta de réir na gcóras agus nósanna imeachta faofa, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

    - pleanáil, rialú agus taifeadadh na hoibre a rinneadh,
    - taifead córas, nósanna imeachta agus rialuithe an BOO, inghlacthacht riosca san áireamh,
    - deimhniú agus measúnú an iniúchóra ar na córais, nósanna imeachta agus rialuithe thuasluaite,
    - taifead na dtástálacha iniúchóireachta a rinneadh agus na torthaí a bhí orthu,
    - an comhchoibhneas idir tátail a baineadh agus torthaí na dtástálacha,
    - an Tuairim Iniúchóireachta mholta agus Torthaí & Tuairiscí Moltaí,
    - sonraí faoi ghnóthaí achrannacha agus freagra na bainistíochta ina dtaobh.
- A chinntiú go gcuirtear tuairiscí iniúchóireachta amach go pras agus go díreach chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta;
- Freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta nuair a iarrann an Coiste Iniúchóireachta é;
- A chinntiú go gcuirtear moltaí atá comhaontaithe ag an mbainistíocht i bhfeidhm in am trátha agus go gcuirtear moltaí nach dtángthas ar chomhaontú fúthu in iúl don gcoiste.

<u>Dualgais lá go lá</u>

- Oibriú lá go lá an aonaid a bhainistiú, rud lena n-áirítear úsáid éifeachtach a dhéanamh d’acmhainní soláthar foirne agus buiséad an Aonaid;
- Teagmháil a dhéanamh go rialta (uair sa tseachtain ar a laghad) le foireann iniúchóireachta d’fhonn a chinntiú go bhfuil an obair ag leanúint ar aghaidh de réir an phlean agus go réitítear ceisteanna láithreach;
- Feidhmíocht foireann an Aonaid a bhainistiú;
- Coinneáil bord ar bord le teicníochtaí agus cleachtais iniúchóireachta forchéimnitheacha na linne seo agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a shainaithint atá á lorg ag an Stiúrthóir agus an

bhfoireann iniúchóireachta d'fhonn plean oiliúna agus forbartha a fhorbairt d'fhoireann an Aonaid.

Is iad seo a leanas na dualgais agus na freagrachtaí choimhdeacha:

Freagrachtaí don gCoiste Stiúrtha

- Dréacht-phlean iniúchóireachta, dréacht-phlean airgeadais agus tuarascáil bhliantúil a ullmhú chun go measfadh an Coiste Stiúrtha AII-BOO é;
- Tuairisciú go rialta agus in an trátha don gCoiste Stiúrtha ar fheidhmíocht an Aonaid, rud lena n-áirítear dul chun cinn sa phlean iniuchóireachta agus bainistiú buiséid;
- Comhairle a chur ar Choiste Stiúrtha an AII-BOO agus cabhrú de réir mar is cuí;
- Cumarsáid a dhéanamh le Cathaoirleach Coiste Stiúrtha an AII-BOO maidir le cruinnithe agus cláir oibre.

Dualgais eile

- Tuairiscí a ullmhú a iarrann an BOO ina bhfuil an tAII-BOO bunaithe maidir le hoibriú lá go lá an aonaid.
- Freastal ar choistí eile lena mbaineann nuair a iarrtar é;
- An caidreamh idir an tAII-BOO agus a luchtanna leasa a bhainistiú;
- Eolas a chur in iúl agus a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nuair a iarrtar é;
- Fóram na mBord Oideachais agus Oiliúna Éireann de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh a scrúdú i dtaobh gnóthaí iniúchóireachta inmheánaí ábhartha;
- Cabhrú leis na BOO chun oiliúint ina gCoistí Iniúchóireachta féin a ullmhú;
- Iniúchóireacht CSE a éascú nuair a iarrtar é.
- Oiliúint agus comhairle a chur ar BOO maidir le riachtanais géilliúlachta.

Ní fhéachtar le liosta cuimsitheach na ndualgas go léir a thabhairt agus dé réir sin d'fhéadfadh dualgais eile a bheith ar shealbhóir an phoist de réir an phoist atá sannta dó/di ó am go ham chun cur le forbairt an phoist le linn dó/di a bheith i mbun oifige.

**Aguisín 2**

**Freagracht na Roinne Oideachais agus Scileanna**

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna freagrach as na BOO de réir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí. Dá réir sin ní mór don Roinn a bheith deimhin de go bhfuil córais agus nósanna imeachta monatóireachta ar bun atá iomchuí agus, má thugann tuairiscí iniúchóireachta le fios go bhfuil fadhb tagtha chun cinn, go nglacann BOO beart ceartúcháin a luaithe is féidir.

Lena chois sin ní mór don Roinn a bheith deimhin de go gcuirtear riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas BOO i bhfeidhm agus, má thugann tuairiscí iniúchóireachta le fios go bhfuil fadhb tagtha chun cinn, go nglacann BOO beart ceartúcháin a luaithe is féidir.

# Le comhlánú ag Cathaoirleach gach baill Bhoird an BOO

## Treoracha Comhlánaithe:

Is é atá i gceist go gcomhlánóidh gach ball Boird an ceistneoir féinmheastóireachta seo go neamhspleách. Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird, tar éis dó/di na freagraí a chur i dtoll a chéile, plé a stiúradh ar phríomh-shaincheisteanna a éiríonn as an gceistneoir. Ba chóir don bplé a bheith dírithe ar réimsí ina bhfuil gá le feabhsú nó ina bhfuil níos mó difríochtaí idir freagraí ar na saincheisteanna a ardaíodh sa cheistneoir.

Ba chóir torthaí an cheistneora fhéinmheastóireachta agus bearta ar bith a éiríonn as a thuairisciú don mBord chun go ndéanfaí tuilleadh plé orthu. B'fhéidir gur mian le comhlachtaí Stáit an fhéinmheastóireacht seo a chur in oiriúint do chúinsí ar leith an BOO agus tuilleadh béime a chur ar ghnéithe áirithe an cheistneora de réir nádúir, méid agus freagrachtaí BOO ar leith. Imreoidh na fachtóirí seo a leanas tionchar air seo:

- Reachtaíocht rialachais an BOO;
- Téarmaí tagartha an Bhoird;
- Aibíocht an Bhoird; agus
- Socruithe na heagraíochta maidir le rialachas corparáideach agus feidhmíocht.

**Tá an scóráil mar seo a leanas**
**1 = Fíor-mhísháста**
**1 = Míshásta**
**3 = Ní sásta ná míshásta**
**4 = Sásta**
**5 = Fíor-shásta**

| Teimpléad Ceistneora d'Fhéinmheastóireacht an Bhoird | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ról an Bhoird | | Scór<br>Sásta | | | | Míshásta | Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile |
| 1. | An bhfuil tú sásta go ndearna an Bord doiciméadú soiléir ar a ról agus a chuid freagrachtaí cosúil le sceideal foirmiúil na ngnóthaí a chur le chéile atá forchoimeádta dó go sainiúil de réir mar a bhforáiltear dó sa reachtaíocht? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 2. | An bhfuil tú sásta go bhfuil sceideal gnóthaí foirmiúil atá forchoimeádta le haghaidh a fhaofa ag an mBord cothrom le dáta agus go ndéantar athbhreithniú air go rialta? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 3. | An bhfuil tú sásta go dtuigeann an Bord, mar ghrúpa, a ról agus a chuid freagrachtaí, a ról maoirseachta san áireamh? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 4. | An bhfuil tú sásta go bhfuil spriocanna feidhme an BOO comhaontaithe ag an mBord leis an Aire agus an Roinn Oideachais agus Scileanna sa mhéid ina mbaineann siad leis agus go bhfuil an úsáid acmhainní is fearr cinntithe aige? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 5. | An bhfuil tú sásta go bhfuil cinntithe ag an mBord go gcoinníonn an Cathaoirleach an tAire ar an eolas faoi ghnóthaí a thagann chun cinn maidir leis an mBOO? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 6. | An bhfuil tú sásta go bhfuil a phríomhról comhlíonta ag an mBord i dtaobh dearcadh eiticiúil an BOO a leagan síos, ní lena chuid gníomhartha féin amháin ach i maoirseacht a dhéanamh ar an bPríomhfheidhmeannach? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 7. | An bhfuil tú sásta go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar thuairiscí iniúchóireachta inmheánaí/seachtraí d'fhonn a chinntiú go dtugann na nósanna imeachta atá glactha ag an mBOO cinnteacht réasúnta dó go bhfuil na pleananna chun feidhmeanna an Bhoird a bhaint amach oiriúnach agus éifeachtach? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 8. | An bhfuil tú sásta go bhfuil na céimeanna riachtanacha uile glactha ag an mBord chun a bheith ar an eolas faoi gach faisnéis ábhartha faoin mBOO, an Rialtas agus an earnáil phoiblí mar is gá, agus go bhfuil rochtain déanta air? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 9. | An bhfuil tú sásta go bhfuil dóthain tuisceana ag baill an BOO ar an earnáil oideachais agus oiliúna? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 10. | An bhfuil tú sásta go bhfuil próiseas foirmiúil curtha ar bun ag an mBord chun straitéis a leagan síos, rud lena n-áirítear Ráitis straitéise de réir Ailt 27 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna a ullmhú agus a ghlacadh? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 11. | An bhfuil tú sásta go bhfuil an Plean Seirbhíse faofa ag an mBord agus go bhfuil Measúnú Bliantúil ar fheidhmíocht iarbhír déanta aige go foirmiúil trí thagairt don bplean? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 12. | An bhfuil tú sásta go bhfuil misean agus fís an BOO sainmhínithe agus curtha in iúl do gach leibhéal laistigh den eagraíocht? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| **Comhaontú Maoirseachta** | | **Scór** | | | | | **Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile** |
| | | **Sásta** | | **Míshásta** | | | |
| 13. | An bhfuil tú sásta go bhfuil comhaontú maoirseachta láidir i scríbhinn ag an mBOO leis an Aire/Roinn Oideachais agus Scileanna ina leagtar síos go soiléir téarmaí an chaidrimh idir an BOO agus an Aire/Roinn Oideachais agus Scileanna? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 14. | An bhfuil tú sásta go bhfuil comhaontú maoirseachta láidir i scríbhinn ag an mBOO le SOLAS agus le luchtanna maoinithe eile ina leagtar síos go soiléir téarmaí an chaidrimh idir an BOO agus SOLAS agus luchtanna maoinithe eile? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 15. | An bhfuil tú sásta go bhfuil comhaontú maoirseachta go bhfuil comhaontú láidir Leibhéal Seirbhíse i scríbhinn ag an mBOO lena chuid gníomhaireachtaí féin? | | | | | | |
| **Deighilt Freagrachtaí** | | **Scór** | | | | | **Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile** |
| | | **Sásta** | | **Míshásta** | | | |
| 16. | An bhfuil tú sásta go bhfuil róil faoi seach Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach an BOO bunaithe agus doiciméadaithe ag an mBord? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| **Éifeachtacht Boird** | | **Scór** | | | | | **Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile** |
| | | **Sásta** | | **Míshásta** | | | |
| 17. | An bhfuil tú sásta go bhfuil an t-am agus na scileanna agus an t-eolas cuí ag bail an Bhoird, agus iad cothrom le dáta mar is gá agus oiriúnach do ghníomhaíochtaí an BOO, chun go bhfuil ar a gcumas a gcuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 18. | An bhfuil tú sásta go gcuirtear ionduchtúcháin, meantóireacht agus cúnamh cuí ar fáil do bhaill an Bhoird mar aon le forbairt ghairmiúil leanúnach mar a iarrann an rúnaí? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 19. | An bhfuil tú sásta go gcuirtear cultúr na hoscailteachta agus an phlé chun cinn sa BOO agus go bhfaigheann gach ball Boird deis cur go hiomlán le pléite agus cruinnithe an Bhoird, rud lena n-áirítear deis do bhaill nach baill feidhmiúcháin den mBord iad breithmheas neamhspleách a thabhairt a imríonn tionchar ar cheisteanna? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 20. | An bhfuil tú sásta go mbíonn dóthain cruinnithe rialta ag an mBord, go bhfuil na cruinnithe fada go leor agus go bhfuil formáid na gcruinnithe leordhóthanach chun a chur ar chumas an Bhoird a chuid dualgas a dhéanamh go héifeachtach? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 21. | An bhfuil tú sásta go scaiptear cláir oibre agus ábhar eile do chruinnithe an Bhoird in am trátha chun gur féidir breathnú ar shaincheisteanna tábhachtacha mar is cuí? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 22. | An bhfuil tú sásta le cáilíocht páipéir agus miontuairiscí an Bhoird (m. sh. níl siad ró-fhada, mínítear na príomhcheisteanna agus na tosaíochtaí go soiléir, go comhsheasmhach agus go tráthúil)? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 23. | An bhfuil tú sásta go gcaitheann an Bord formhór dá chuid ama ar mhaoirseacht agus a chuid feidhmeanna forchoimeádta. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| **Cóid Iompair agus Coimhlintí Leasa** | | **Scór** | | | | | **Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile** |
| | | **Sásta** | | **Míshásta** | | | |
| 24. | An bhfuil tú sásta go bhfuil na Cóid Iompair nuashonraithe faofa ag an mBord agus go scaiptear ar gach ball Boird, an bhainistíocht agus fostaithe iad? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 25. | An bhfuil tú sásta go gcomhlíontar na nósanna imeachta a bhaineann le nochtadh leasanna baill an Bhoird? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 26. | An bhfuil tú sásta go bhfuil nósanna imeachta cuí ag an mBord chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar choimhlintí leasa agus faisnéis rúnda de chuid na bainistíochta agus de chuid bhaill an Bhoird? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| **Tuairisciú Gnó agus Airgeadais** | | **Scór** | | | | | **Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile** |
| | | **Sásta** | | **Míshásta** | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 27. | An bhfuil tú sásta go gcinntíonn an Bord go dtugtar léargas fíor cothrom cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Bhoird agus tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an BOO á fhaomhadh? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 28. | An bhfuil tú sásta go gcinntíonn an Bord go nochtar gnóthaí ábhartha uile maidir leis an mBOO don Aire lena mbaineann in am trátha agus go cruinn? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| **Bainistiú Riosca, Rialú Inmheánach, Iniúchadh agus Riosca** | | **Scór** | | | | | **Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile** |
| | | **Sásta** | | **Míshásta** | | | |
| 29. | An bhfuil tú sásta go bhfaomhann an Bord na polasaithe/creat bainistiú riosca agus go ndéanann sé monatóireacht ar a éifeachtacht, rud lena n-áirítear teagmhais shuntasacha riosca, go dtugann sé faoi deara nó go bhfaomhann sé bearta na bainistíochta agus go gcoinníonn sé maoirseacht ar bhainistiú riosca agus ar shaincheisteanna ard-riosca a bhaineann leis an mBOO? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 30. | An bhfuil tú sásta go gcomhlíonann an Bord a chuid freagrachtaí maidir le córais rialaithe inmheánaigh éifeachtacha a bheith curtha ar bun agus curtha i bhfeidhm sa mBOO a choinneáil, rud lena n-áirítear rialuithe um oibríocht agus comhlíonadh agus bainistiú riosca? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 31. | An bhfuil tú sásta go ndéanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, rud lena n-áirítear rudaí cosúil leo siúd atá luaite i míreanna 9.8 agus 9.9 den gCód Cleachtais. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| **Measúnú Feidhmíochta** | | **Scór** | | | | | **Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile** |
| | | **Sásta** | | **Míshásta** | | | |
| 32. | An bhfuil tú sásta go ndéanann an Bord measúnú féinmheastóireachta bliantúil ar a fheidhmíocht agus a choistí féin? | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| 33. | An bhfuil tú sásta go ndéantar obair leantach ar shaincheisteanna a éiríonn ón measúnú agus go bhfeabhsaíonn an próiseas measúnaithe éifeachtacht an Bhoird | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
| **Caidreamh an Bhoird leis an mBainistíocht** | | **Scór** | | | | | **Cén rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shlí eile** |
| | | **Sásta** | | **Míshásta** | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 34. | An bhfuil tú sásta go bhfuil socruithe cuí déanta don mbainistíocht **feidhmiúcháin** chun tuairisciú **don mBord agus iarratais ón mBord a chomhlíonadh** agus go ndéantar athbhreithniú rialta orthu**?** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | |

**Aguisín 16 (b): Teimpléad Liosta Seiceála ar éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**

| | | T | N | N/B | Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**<br>**Comhlíonann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ról tábhachtach i gcreat rialachais BOO. Cabhraíonn sé leis an mBord monatóireacht a dhéanamh ar rialú inmheánach lena n-áirítear rialachas corparáideach, bainistiú riosca, iniúchadh inmheánach agus rialuithe airgeadais/neamh-airgeadais atá curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht fheidhmiúcháin. Ní chomhlíonann an Coiste freagrachtaí bainistíochta agus ní thagann sé in ionad rialuithe agus cuntasachtaí bainistíochta an eintiteis.** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 1 | An bhfuil cairt agus téarmaí tagartha scríofa ann ina leagtar amach róil agus freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a chuid ball agus an bhfuil sé curtha in iúl do gach ball? | | | | |
| 2 | An bhfuil forálacha san áireamh sna téarmaí tagartha de réir mar atá leagtha amach in Aguisín 11 den doiciméad seo? | | | | |
| 3 | An n-éilíonn na téarmaí tagartha go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú rialta ar a éifeachtacht féin? Má éilíonn, cathain a ndearna sé an t-athbhreithniú deireanach? | | | | |
| 4 | An mbíonn cruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ceithre uaire sa bhliain ar a laghad? | | | | |
| | **Ballraíocht, Neamhspleáchas, Oibiachtúlacht agus Tuiscint**<br>**Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith neamhspleách agus oibiachtúil. Lena chois sin ba chóir do gach ball dea-thuiscint a bheith aige/aici ar chuspóirí agus tosaíochtaí na heagraíochta agus ar a ról mar bhall den gCoiste.**<br>**Ballraíocht agus Téarmaí Ceapacháin** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 5 | An bhfuil baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách den bhfeidhmeannas? | | | | |
| 6 | Cé chomh fada atá tréimhse ceapacháin bhaill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca? | | | | |
| 7 | An bhfuil litir cheapacháin chaighdeánach ann do bhaill nua den gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an bhfuil an t-eolas seo a leanas inti:<br>• ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca<br>• tréimhse ceapacháin agus forálacha um athnuachan?<br>• tacaíocht agus oiliúint a chuirfear ar fáil?<br>• an tiomantas ama atá i gceist?<br>• leibhéal an luach saothair (más cuí)<br>• rialacha maidir le coimhlintí leasa?<br>• socruithe maidir le bainistiú feidhmíochta<br>• socruithe um foirceannadh? | | | | |
| | **Neamhspleáchas** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 8 | Cad é miondealú ar bhaill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le baill neamh-fheidhmiúcháin agus baill | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | sheachtracha? | | | | |
| 9 | An ea nach é an duine céanna é Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Cathaoirleach an Bhoird? | | | | |
| | **Caidreamh leis an bhFeidhmeannas agus Rannpháirtithe eile** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 10 | An bhfaigheann baill fheidhmiúcháin na heagraíochta cuireadh chun freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, chun páirt a ghlacadh i bpléite agus eolas a chur ar fáil don gCoiste seo de réir mar a bhíonn gá leis amháin? | | | | |
| 11 | An bhfreastalaíonn<br>- an Príomhfheidhmeannach,<br>- Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta agus<br>- an Stiúrthóir um Iniúchóireacht Inmheánach ar chruinnithe ar leith nó ar mhíreanna ar leith ar an gclár oibre ar iarratas ón gCoiste? | | | | |
| | **Coimhlintí Leasa a Bhainistiú** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 12 | An bhfógraíonn baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca coimhlint leasa má tá mír ar an gclár oibre i gcruinniú Choiste a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le coimhlint leasa? | | | | |
| 13 | An bhfuil ar na baill coimhlint leasa fhéideartha ar bith le ceann ar bith de na míreanna gnó ar chlár oibre chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur in iúl go rialta? | | | | |
| 14 | I gcásanna ina gcuireann ball leas i mír ar an gclár oibre in iúl, cén beart a dhéantar? | | | | |
| | **Scileanna agus Taithí**<br>Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i dteannta a chéile réimse scileanna (meascán scileanna) a bheith acu chun a chuid feidhmeanna a dhéanamh ag an gcaighdeán riachtanach | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 15 | An bhfuil critéir measúnaithe fhoirmiúla ann chun Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a cheapadh? | | | | |
| 16 | An áirítear ar chritéir mheasúnaithe maidir le baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tuiscint ar na nithe seo (nó an bhfuiltear ag súil go bhfaighidh baill í a luaithe is féidir tar éis a bheith ceaptha):<br>• struchtúr eagraíochtúil, cuspóirí agus dúshláin?<br>• struchtúr na heagraíochta, rud lena n-áirítear príomhchaidirimh cosúil leis an gcaidreamh leis an Aire agus an Roinn Oideachais agus Scileanna?<br>• reachtaíocht ábhartha nó rialacha eile a rialaíonn an eagraíocht? | | | | |
| 17 | An bhfuil eolas, scileanna agus taithí ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go corparáideach maidir leis na nithe seo a leanas:<br>• cuntasaíocht/airgeadas – agus taithí airgeadais ábhartha a úsáideadh le déanaí a bheith ag ball amháin | | | | |

| | | T | N | N/B | Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis |
|---|---|---|---|---|---|
| | díobh ar a laghad?<br>• rialachas, cinnteacht agus bainistiú riosca?<br>• iniúchadh?<br>• saincheisteanna teicniúla nó speisialtóra a bhaineann le seirbhísí an BOO?<br>• na timpeallachtaí níos ginearálta lena n-áirítear struchtúir Rialtais agus struchtúir chuntasachta in bhfuil an eagraíocht ag oibriú? | | | | |
| | **Rochtain ar Scileanna Breise** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 18 | An bhfuil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cumasaithe chun baill a chomhthoghadh ar bhonn gearrthéarma chun scileanna speisialtóra atá ag teastáil ag am áirithe a chur ar fáil? Cén uair is déanaí a rinneadh a leithéid? | | | | |
| 19 | An féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle speisialtóra a fháil (ar chostas réasúnta faofa ar an eagraíocht) ar bhonn 'ar an dtoirt' chun cabhrú le baill i dtaobh sainréimsí gnó an Choiste? Cén uair is déanaí a rinneadh a leithéid? | | | | |
| | **Oiliúint agus Forbairt** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 20 | An bhfuil próiseas iontuchtúcháin foirmiúil ann (oiliúint saincheaptha don duine aonair san áireamh) do bhaill nua ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca? | | | | |
| 21 | An ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Cathaoirleach moltaí don mBord faoi riachtanais oiliúna an Choiste agus ball ar leith den gCoiste? | | | | |
| 22 | An gcoinníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bord ar bod le dea-chleachtas agus forbairtí ar rialachas corparáideach? Conas a dhéantar é seo? | | | | |
| | **Raon na hOibre**<br>**Ba chóir raon oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a shainmhíniú sna téarmaí tagartha agus ba chóir go gcuimseodh sé gach riachtanas cinnteachta an Bhoird.**<br>**Caidreamh le hIniúchóireacht Inmheánach** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 23 | An bhfaigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairiscí tuairime rialta ar obair a dhéanann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí? | | | | |
| 24 | An ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar thuairiscí iniúchóireachta inmheánaí agus ar | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | fhreagraí bainistíochta ar shaincheisteanna a ardaíodh agus an ndéanann sé monatóireacht ar dhul chun cinn a rinneadh maidir le moltaí ón iniúchóireacht inmheánach? | | | | |
| 25 | An bhfuil rochtain dhíreach ag Stiúrthóir na hIniúchóireachta Inmheánaí ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca? | | | | |
| | **Caidreamh le hIniúchóireacht Sheachtrach** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 26 | An bhféachann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an litir nó ar thuairiscí ábhartha eile ón iniúchóir seachtrach agus ar an bhfreagra bainistíochta agus an ndéanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na moltaí? | | | | |
| 27 | An mbíonn cruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go tréimhsiúil leis na hiniúchóirí seachtracha? | | | | |
| | **Caidreamh idir an Iniúchóireacht Inmheánach agus an Iniúchóireacht Sheachtrach** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 28 | An lorgaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca deimhniú ón iniúchóireacht inmheánach agus ó na hiniúchóirí seachtracha ar éifeachtacht a gcaidrimh? | | | | |
| | **Calaois** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 29 | An bhféachann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta frith-chalaoise ann agus ag oibriú go héifeachtach mar atá measúnaithe ag an Iniúchóireacht Inmheánach? | | | | |
| 30 | An bhféachann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca air cé acu an bhfuil nó nach bhfuil polasaí agus cód iompair frith-chalaoise ann agus an scaiptear ar na fostaithe iad? | | | | |
| | **Rialú Inmheánach** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 31 | An ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca deimhin de go raibh córas an rialaithe inmheánaigh ag oibriú go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe agus go dtugann an córas tuairiscithe inmheánaigh rabhadh luath má theipeann ar rialú agus maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn? | | | | |
| 32 | An bhféachann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Ráiteas rialaithe inmheánaigh cuimsitheach agus bríoch a dhóthain? | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Tuairisciú Airgeadais** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 33 | Sula síníonn an Cathaoirleach na ráitis airgeadais, an bhféachann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca orthu seo a leanas maidir le cé acu:<br>• an bhfuil nó nach bhfuil polasaithe cuntasaíochta, iomláine na ráitis airgeadais, polasaí frith-chalaoise agus caillteanais dhearbhaithe atá ar eolas ag baill an choiste taifeadta agus mínithe mar is cuí?<br>• an raibh nó nach raibh próiseas láidir ann maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú d'fhonn iomláine a chinntiú agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil próisis chuí ann chun a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta chruinne?<br>• an bhfuil nó nach bhfuil próisis oiriúnacha ann chun rialtacht, ionracas agus cuibheas a bhaint amach?<br>• ar tugadh nó nár tugadh aird chuí ar cheisteanna a d'ardaigh na hiniúchóirí seachtracha?<br>• an bhfuil nó nach bhfuil Ráiteas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar Rialú Inmheánach cuimsitheach agus an Litir Uiríll a bheith bunaithe ar eolas atá ar fáil sula n-eisíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna í? | | | | |
| | **Cumarsáid**<br><br>**Ba chóir don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a chinntiú go ndéanann sé cumarsáid éifeachtach leis an mBord, le Stiúrthóir na hIniúchóireachta Inmheánaí, leis an iniúchóir seachtrach?** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 34 | An dtugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc bhliantúil don mBord? | | | | |
| 35 | I dtuairisc bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, an léirítear torthaí na tuairisce iniúchóireachta inmheánaí maidir le:<br>• leordhóthanacht an bhainistíocht riosca agus na gcóras rialaithe inmheánaigh?<br>• Leordhóthanacht na bhfoinsí cinnteachta atá ag an gcéanna?<br>• Saincheisteanna agus ábhar imní maidir le rialachas?<br>• cáilíocht na hiniúchta inmheánaí?<br>• Tuairim an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar a éifeachtacht féin lena n-áirítear comhairle ar shlite ina measann sé a bhféadfaí é a threisiú nó a fhorbairt? | | | | |
| 36 | An bhfuil línte oscailte cumarsáide ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord, le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus leis na hiniúchóirí seachtracha? | | | | |
| 37 | An gcuirtear eolas ábhartha in iúl i dtuairiscí chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an minicíocht cheart, ag an am ceart agus sa bhformáid cheart chun gur féidir leo a bheith éifeachtach? | | | | |
| | | | | | |

| | Ról Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca<br>**Tá Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as a chinntiú go bhfuil obair an Choiste éifeachtach, go bhfuil na hacmhainní cuí ag an gCoiste agus go gcoinníonn sé cumarsáid éifeachtach leis na luchtanna leasa**<br>**Bearta Monatóireachta** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
|---|---|---|---|---|---|
| 38 | An gcinntíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go gcuirtear baill a chaill cruinniú ar an eolas mar is cuí faoin ngnó a pléadh nuair a bhí siad as láthair? | | | | |
| | **Breithmheas:** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 39 | An gcoinníonn an Bord taifid tinrimh agus a ndéanann sé athbhreithniú orthu go bliantúil? Cad é an tinreamh ar an meán thar na trí bliana roimhe seo? | | | | |
| 40 | An gcinntíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go dtugtar breithmheas ar a f(h)eidhmíocht mar bhall den gcoiste do bhaill an Choiste? | | | | |
| | **Ceapacháin** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 41 | An bhfuil baint ag an gCathaoirleach le ceapachán ball nua ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, rud lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil ar scileanna agus taithí ar chóir a bheith ag an duine nua? | | | | |
| | **Tacaíocht don gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca**<br>**Ba chóir don eagraíocht tacaíocht chuí a chur ar fáil dá Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chun gur féidir leis a bheith éifeachtach. Is mó ná feidhm miontuairiscithe é seo, caithfear tacaíocht ghníomhach d'obair an Choiste a chur ar fáil agus cabhrú lena bhaill a róil a chomhlíonadh go héifeachtach.** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 42 | An bhfaigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht riaracháin? | | | | |
| 43 | An bhfaigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht riaracháin?<br>• Páipéir an Choimisiúin de réir mar a bhíonn gá chun tacú le míreanna ar an gclár oibre?<br>• Maidir le bearta comhaontaithe, doiciméadaigh an t-úinéir, spriocdháta agus comhairle ar bith a thug luchtanna leasa agus monatóireacht idir chruinnithe?<br>• Coinnigh an Coiste bord ar bord maidir le forbairt sa Bhord Oideachais agus Oiliúna?<br>• Coinnigh taifead ar an am a bhíonn tréimhsí ceapacháin na mball le hathnuachan nó a bhíonn deireadh leo?<br>• Cinntigh go dtionscnaítear nósanna imeachta ceapacháin cuí nuair a bhíonn gá leis?<br>• Aimsigh oiliúint riachtanach do bhaill? | | | | |

**Aguisín 16 (c): Teimpléad le haghaidh Measúnú Éifeachtachta an Choiste Airgeadais**

| | | T | N | N/B | Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Ról an Choiste Airgeadais**<br>**Comhlíonann an Coiste Airgeadais ról tábhachtach i gcreat rialachais** BOO trí athbhreithniú a dhéanamh agus tuairisciú don mBord faoi;<br>• -an dréacht-phlean seirbhíse<br>• cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Plean Seirbhíse á chur i ngníomh ag an bPríomhfheidhmeannach de réir mar atá glactha ag an mBord, agus laistigh de theorainneacha caiteachais atá leagtha síos ag an Aire; agus<br>• cé acu ar chóir nó nár chóir don mBord – glacadh leis na cuntais faoi mar atá siad curtha faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh. | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 1 | An bhfuil cairt agus téarmaí tagartha scríofa ann ina leagtar amach róil agus freagrachtaí an Choiste Airgeadais agus a chuid ball agus an bhfuil sé curtha in iúl do gach ball? | | | | |
| 2 | An bhfuil forálacha san áireamh sna téarmaí tagartha de réir mar atá leagtha amach in Aguisín 16 den doiciméad seo? | | | | |
| 3 | An n-éilíonn na téarmaí tagartha go ndéanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú rialta ar a éifeachtacht féin? Má éilíonn, cathain a ndearna sé an t-athbhreithniú deireanach? | | | | |
| 4 | An mbíonn cruinniú ag an gCoiste Airgeadais ceithre uaire sa bhliain ar a laghad? | | | | |
| | **Ballraíocht, Neamhspleáchas, Oibiachtúlacht agus Tuiscint**<br>**Ba chóir don gCoiste Airgeadais a bheith neamhspleách agus oibiachtúil. Lena chois sin ba chóir do gach ball dea-thuiscint a bheith aige/aici ar chuspóirí agus tosaíochtaí na heagraíochta agus ar a ról mar bhall den gCoiste.**<br>**Ballraíocht agus Téarmaí Ceapacháin** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 5 | An bhfuil baill an Choiste Airgeadais neamhspleách ar an bhfeidhmeannas? | | | | |
| 6 | Cé chomh fada atá tréimhse ceapacháin bhaill an Choiste Airgeadais? | | | | |
| 7 | An bhfuil litir cheapacháin chaighdeánach ann do bhaill nua den gCoiste Airgeadais agus an bhfuil an t-eolas seo a leanas inti:<br>• ról an Choiste Airgeadais<br>• tréimhse ceapacháin agus forálacha um athnuachan?<br>• tacaíocht agus oiliúint a chuirfear ar fáil?<br>• an tiomantas ama atá i gceist?<br>• leibhéal an luach saothair (más cuí)<br>• rialacha maidir le coimhlintí leasa? | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | • socruithe maidir le bainistiú feidhmíochta<br>• socruithe um foirceannadh? | | | | |
| | **Neamhspleáchas** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 8 | Cad é miondealú ar bhaill an Choiste Airgeadais maidir le baill neamh-fheidhmiúcháin agus baill sheachtracha? | | | | |
| 9 | An ea nach é an duine céanna é Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Cathaoirleach an Bhoird? | | | | |
| | **Caidreamh leis an bhFeidhmeannas agus Rannpháirtithe eile** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 10 | An bhfaigheann baill fheidhmiúcháin na heagraíochta cuireadh chun freastal ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, chun páirt a ghlacadh i bpléite agus eolas a chur ar fáil don gCoiste Airgeadais de réir mar a bhíonn gá leis amháin? | | | | |
| 11 | An bhfreastalaíonn<br>- an Príomhfheidhmeannach,<br>- Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta agus<br>- an ~~Stiúrthóir~~ um Iniúchóireacht Inmheánach ar chruinnithe ar leith nó ar mhíreanna ar leith ar an gclár oibre ar iarratas ón gCoiste? | | | | |
| | **Coimhlintí Leasa a Bhainistiú** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 12 | An bhfógraíonn baill an Choiste Airgeadais coimhlint leasa má tá mír ar an gclár oibre i gcruinniú Choiste a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le coimhlint leasa? | | | | |
| 13 | An meabhraítear do bhaill go rialta coimhlint leasa fhéideartha ar bith le ceann ar bith de na míreanna gnó ar chlár oibre chruinniú an Choiste Airgeadais a chur in iúl? | | | | |
| 14 | I gcásanna ina gcuireann ball leas i mír ar an gclár oibre in iúl, an nglactar bearta cuí? | | | | |
| | **Scileanna agus Taithí**<br>Ba chóir don gCoiste Airgeadais i dteannta a chéile réimse scileanna (meascán scileanna) a bheith acu chun a chuid feidhmeanna a dhéanamh ag an gcaighdeán riachtanach | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 15 | An bhfuil critéir measúnaithe fhoirmiúla ann chun Cathaoirleach an Choiste Airgeadais a cheapadh? | | | | |
| 16 | An áirítear ar chritéir mheasúnaithe maidir le baill an Choiste Airgeadais tuiscint ar na nithe seo (nó an bhfuiltear ag súil go bhfaighidh baill í a luaithe is féidir tar éis a bheith ceaptha):<br>• struchtúr eagraíochtúil, cuspóirí agus dúshláin?<br>• struchtúr na heagraíochta, rud lena n-áirítear príomhchaidirimh cosúil leis an gcaidreamh leis an Aire agus an Roinn Oideachais agus Scileanna?<br>• reachtaíocht ábhartha nó rialacha eile a rialaíonn an eagraíocht? | | | | |
| 17 | An bhfuil eolas, scileanna agus taithí ag an gCoiste Airgeadais go corparáideach maidir leis na nithe seo a leanas:<br>• cuntasaíocht/airgeadas – agus taithí airgeadais ábhartha a úsáideadh le déanaí a bheith ag ball amháin díobh ar a laghad?<br>• rialachas, cinnteacht agus bainistiú riosca?<br>• iniúchadh?<br>• saincheisteanna teicniúla nó speisialtóra a bhaineann le gnó na heagraíochta?<br>• na timpeallachtaí níos ginearálta lena n-áirítear struchtúir Rialtais agus struchtúir chuntasachta in bhfuil an eagraíocht ag oibriú? | | | | |
| | **Rochtain ar Scileanna Breise** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 18 | An bhfuil an Coiste Airgeadais cumasaithe chun baill a chomhthoghadh ar bhonn gearrthéarma chun scileanna speisialtóra atá ag teastáil ag am áirithe a chur ar fáil? Cén uair is déanaí a rinneadh a leithéid? | | | | |
| 19 | An féidir leis an gCoiste Airgeadais comhairle speisialtóra a fháil (ar chostas réasúnta faofa ar an eagraíocht) ar bhonn 'ar an dtoirt' chun cabhrú le baill i dtaobh sainréimsí gnó an Choiste? Cén uair is déanaí a rinneadh a leithéid? | | | | |
| | **Oiliúint agus Forbairt** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 20 | An bhfuil próiseas iontuchtúcháin foirmiúil ann (oiliúint saincheaptha don duine aonair san áireamh) do bhaill nua ar an gCoiste Airgeadais? | | | | |
| 21 | An ndéanann an Coiste Airgeadais agus an Cathaoirleach moltaí don mBord faoi riachtanais oiliúna an Choiste agus ball ar leith den gCoiste? | | | | |
| 22 | An gcoinníonn an Coiste Airgeadais bord ar bord le dea-chleachtas agus forbairtí ar rialachas corparáideach? Conas a dhéantar é seo? | | | | |

| | Raon na hOibre | T | N | N/B | Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis |
|---|---|---|---|---|---|
| 23 | An bhfuil raon obair an Choiste Airgeadais sainmhínithe sna téarmaí tagartha? | | | | |
| | **Caidreamh le hIniúchóireacht Inmheánach** | | | | |
| 24 | An bhfaigheann an Coiste Airgeadais cóip d'achoimre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar na tuairiscí Iniúchóireachta Inmheánaí? | | | | |
| 25 | An bhfuil rochtain dhíreach ag an gCoiste Airgeadais–ar-Stiúrthóir an iniúchóireachta inmheánaí? | | | | |
| | **Calaois** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 26 | An bhféachann an Coiste Airgeadais ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta frith-chalaoise ann agus ag oibriú go héifeachtach? | | | | |
| 27 | An bhféachann an Coiste Airgeadais air cé acu an bhfuil nó nach bhfuil polasaí agus cód iompair frith-chalaoise ann agus an scaiptear ar na fostaithe iad? | | | | |
| | **Rialú Inmheánach** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 28 | An ndéanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar an gClár Iniúchóireachta go bliantúil? | | | | |
| 29 | An bhféachann an Coiste Airgeadais ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Ráiteas rialaithe inmheánaigh cuimsitheach agus bríoch a dhóthain? | | | | |
| | **Tuairisciú Airgeadais** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 30 | An ndéanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar dhréacht na ráiteas airgeadais? | | | | |
| 31 | Sula síníonn an Duine Cuntasach/ Príomhfheidhmeannach na ráitis airgeadais, an ndéanann an Coiste Airgeadais an méid seo a mheas: an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta, iomláine na ráitis airgeadais, polasaí frith-chalaoise agus caillteanais taifeadta agus mínithe mar is ceart?<br>• bhí próiseas láidir ann maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú d'fhonn iomláine a chinntiú agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil próisis chuí ann chun a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta chruinne?<br>• tá próisis oiriúnacha ann chun rialtacht, ionracas agus cuibheas a bhaint amach?<br>• tugadh aird chuí ar cheisteanna a d'ardaigh na hiniúchóirí seachtracha?<br>• tá Ráiteas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar Rialú Inmheánach cuimsitheach agus bríoch agus tá athbhreithniú ar an Litir Uiríll déanta sula n-eisíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna í? | | | | |
| | **Cumarsáid**<br>**Ba chóir don gCoiste Airgeadais a chinntiú go ndéanann sé cumarsáid éifeachtach leis an mBord, le Stiúrthóir na hIniúchóireachta Inmheánaí, leis an iniúchóir seachtrach?** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 32 | An dtugann an Coiste Airgeadais tuairisc bhliantúil don mBord? | | | | |
| 33 | An gcuireann tuarascáil bhliantúil an Choiste Airgeadais torthaí na tuairisce iniúchóireachta inmheánaí in iúl maidir le tuairim an Choiste Airgeadais ar a éifeachtacht féin lena n-áirítear comhairle ar shlite ina measann sé go ndéanfaí é a threisiú nó a fhorbairt? | | | | |
| 34 | An bhfuil línte oscailte cumarsáide ag Cathaoirleach an Choiste Airgeadais leis an mBord, le Stiúrthóir na hIniúchóireachta Inmheánaí agus leis na hiniúchóirí seachtracha? | | | | |
| 35 | An gcuirtear eolas ábhartha in iúl i dtuairiscí chuig an gCoiste Airgeadais ag an minicíocht cheart, ag an am ceart agus sa bhformáid cheart chun gur féidir leo a bheith éifeachtach? | | | | |
| | **Ról Cathaoirleach an Choiste Airgeadais**<br>**Tá Cathaoirleach an Choiste Airgeadais freagrach as a chinntiú go bhfuil obair an Choiste éifeachtach, go bhfuil na hacmhainní cuí ag an gCoiste agus go gcoinníonn sé cumarsáid éifeachtach leis an mBord**<br>**Bearta Monatóireachta** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 36 | An gcinntíonn Cathaoirleach an Choiste Airgeadais go gcuirtear baill a chaill cruinniú ar an eolas mar is cuí faoin ngnó a pléadh nuair a bhí siad as láthair? | | | | |
| | **Breithmheas:** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 37 | An gcoinníonn an Bord taifid tinrimh agus a ndéanann sé athbhreithniú orthu go bliantúil? Cad é an tinreamh ar an meán thar na trí bliana roimhe seo? | | | | |
| 38 | An gcinntíonn Cathaoirleach an Choiste Airgeadais go dtugtar breithmheas ar a f(h)eidhmíocht mar bhall den gcoiste do bhaill an Choiste? | | | | |
| | **Ceapacháin** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 39 | An bhfuil baint ag an gCathaoirleach le ceapachán ball nua ar an gCoiste Airgeadais, rud lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil ar scileanna agus taithí ar chóir a bheith ag an duine nua? | | | | |
| | **Tacaíocht don gCoiste Airgeadais**<br>**Ba chóir don eagraíocht tacaíocht chuí a chur ar fáil dá Choiste Airgeadais chun gur féidir leis a bheith éifeachtach. Is mó ná feidhm miontuairiscithe é seo, caithfear tacaíocht ghníomhach d'obair an Choiste a chur ar fáil agus cabhrú lena bhaill a róil a chomhlíonadh go héifeachtach.** | **T** | **N** | **N/B** | **Tuairim/Gníomh a bhfuil gá leis** |
| 40 | An bhfaigheann an Coiste Airgeadais tacaíocht riaracháin? | | | | |
| 41 | An bhfaigheann an Coiste Airgeadais tacaíocht riaracháin?<br>• Páipéir an Choimisiúin de réir mar a bhíonn gá chun tacú le míreanna ar an gclár oibre?<br>• Maidir le bearta comhaontaithe ar bith, doiciméadaigh an t-úinéir, spriocdháta déan monatóireacht idir chruinnithe? | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | • Coinnigh an Coiste bord ar bord maidir le forbairt sa Bhord Oideachais agus Oiliúna?<br>• Coinnigh taifead ar an am a bhíonn tréimhsí ceapacháin na mball le hathnuachan nó a bhíonn deireadh leo?<br>• Cinntigh go dtionscnaítear nósanna imeachta ceapacháin cuí nuair a bhíonn gá leis? | | | | |